



An Bhruiséil, 11 Feabhra 2022
(OR. en)

6170/22

**Comhad Idirinstitiúideach:
2022/0032 (COD)**

**COMPET 84
IND 34
MI 103
RC 9
RECH 74
TELECOM 51
FIN 149
CADREFIN 12
CODEC 140**

NÓTA CLÚDAIGH

ó:	Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir
dáta a fuarthas:	10 Feabhra 2022
chuig:	Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh
Uimh. an doic. ón gCoim.:	COM(2022) 46 final
Ábhar:	Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena mbunaítear creat beart chun éiceachóras leathsheoltóirí na hEorpa a neartú (an Ionstraim Eorpach um Shliseanna)

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2022) 46 final.

Faoi iamh: COM(2022) 46 final



AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 8.2.2022
COM(2022) 46 final

2022/0032 (COD)

Togra le haghaidh

RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

lena mbunaítear creat beart chun éiceachóras leathsheoltóirí na hEorpa a neartú (an Ionstraim Eorpach um Shliseanna)

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

1. COMHTHÉACS AN TOGRA

• Forais agus cuspoirí an togra

Tá sliseanna leathsheoltóra an-tábhachtach don gheilleagar digiteach. Is le sliseanna is féidir táirgí digiteacha a chur ag oibriú: ó fhóin chliste agus gluaisteáin, go feidhmchláir agus bonneagair rithábhachtacha i réimse na sláinte, an fhuinnimh, na cumarsáide agus an uathoibrithe go dtí an chuid is mó d'earnálacha eile na tionsclaíochta. Tá siad rithábhachtach freisin do theicneolaíochtaí na todhchaí, lena n-áirítear an chumarsáid intleachta saorga (IS) agus 5G/6G. Níl ann do chúrsaí digiteacha gan sliseanna.

Le bliain anuas, tá bristeacha i soláthar sliseanna feicthe san Eoraip, rud a d'fhág go raibh ganntanas i roinnt earnálacha eacnamaíocha agus go bhféadfadh iarmhairtí tromchúiseacha a bheith ann don tsochaí. Tá go leor earnálacha Eorpacha, lena n-áirítear an earnáil mótarfeithiclí, earnáil na cumarsáide agus earnáil na sláinte mar aon le hearnálacha straitéiseacha amhail earnáil na cosanta, na slándála agus an spáis, á gcur i mbaol mar gheall na bristeacha soláthair sin. San am céanna, tá sliseanna bréige ar an margadh, rud a chuireann slándáil gaireas agus córas leictreonach i mbaol.

Léirigh an ghéarchéim atá ann faoi láthair laigí struchtúracha i slabhraí luacha Eorpacha. Mar gheall ar an nganntanas leathsheoltóirí ar fud an domhain, léiríodh spleáchas na hEorpa ar sholáthar ó líon teoranta cuideachtaí agus limistéar geografach, agus a leochaileacht i leith srianta ar onnmhairiú ó thríú tíortha agus briseadh eile sa chomhthéacs geopholaitiúil atá ann faoi láthair. Ina theannta sin, táthar ag cur leis an spleáchas sin mar gheall ar na bacainní suntasacha ar thabhairt isteach agus ar dhéine caipitil na hearnála. Mar shampla, is gá na sliseanna is cumhachtaí ar bhonn ríomhaireachtúil a mhonarú go dtí cúpla nanaiméadar (nm)¹. Chun na saoráidí sin a thógáil, is gá infheistíocht tosaigh EUR 15 billiún² ar a laghad agus teastaíonn 3 bliana chun ullmhacht táirgeachta, a bhfuil táirgeacht leordhóthanach ag baint léi, a bhaint amach.³ D'fhéadfadh an caiteachas a bhaineann leis na sliseanna sin a dheardh a bheith idir EUR 0.5 billiún agus breis agus EUR 1.0 billiún. Tá déine an taighde agus na forbartha (T&F) san earnáil ard agus níos mó ná 15 %⁴.

Sa lá atá inniu ann, déanann gníomhaithe Eorpacha infheistíocht in T&F go príomha, ach ní leor a chuid infheistíochtaí maidir le torthaí a aistriú go sochair thionsclaíocha. Is cumasóir tábhachtach mionadúcháin i dteicneolaíochtaí leathsheoltóra é an T&F sin a theastaíonn chun sliseanna atá cumhachtach ar bhonn ríomhaireachtúil don chéad ghlúin eile a tháirgeadh. Tá eagraíochtaí taighde agus teicneolaíochta (ETTanna) den chéad scoth san Eoraip. In go leor cásanna, áfach, úsáidtear thorthaí T&F na hEorpa chun críoch tionsclaíocha lasmuigh den Aontas.

Tá an tAontas láidir i ndearadh comhpháirteanna leathsheoltóirí le haghaidh leictreonaic chumhachta, radaimhinicíocht agus gairis analógacha, braiteoirí agus micriritáin atá in úsáid

¹ I monarú leathsheoltóirí, tá an teicneolaíocht próiseas comhghaolaithe go traidisiúnta leis an toise na trasraitheoirí. Tomhaistear an 'nód' próisis i nanaiméadrachtaí (nm); 1 nanaiméadar = 1 bhilliúnú de mhéadar. Táirgeann nóid próisis is lú trasraitheoirí is lú, atá níos tapúla agus níos éifeachtaí. Faoi láthair tá an nód próisis is úrscóthaí 5 nm ar fad, tá nóid próisis 3 nm ar fad i réamhtháirgeadh, agus nóid próisis 2 nm ar fad á bhforbairt.

² <https://news.samsung.com/global/samsung-electronics-announces-new-advanced-semiconductor-fab-site-in-taylor-texas>, 24.11.2021.

³ <https://semianalysis.substack.com/p/tsmc-3nm-wafer-shipments-pushed-into>, 14.10.2021

⁴ <https://min.news/en/tech/def29226dea2b06f47efea4aae13e8f3.html>, 22.1.2022

go forleathan san earnáil mótarfheithiclí agus sa tionscal monaraíochta sa lá atá inniu ann. Níl sé chomh láidir céanna i ndearadh na loighce digití (próiseálaithe agus cuimhne), rud atá riachtanach de réir mar a éiríonn sonraí, IS agus nascacht níos forleataí.

Chomh maith leis sin, tá an tAontas in áit an-mhaith ó thaobh na n-ábhar agus an trealaimh is gá chun monarchana móra monaraithe sliseanna a rith, agus tá ról fíor-riachtanach feadh an tslabhra soláthair ag roinnt mhaith cuideachtaí Eorpacha. Tá earnálacha úsáideoirí tionsclaíocha láidre agus éagsúlaithe aige, e.g. an earnáil mótarfheithiclí, an uathobrithe thionsclaíoch, an chúraim sláinte, an fhuinnimh, na cumarsáide, etc. Tá an comhoibriú ar feadh an tslabhra luacha lag, áfach.

Is éard atá sa sciar iomlán de mhargadh domhanda na leathsheoltóirí atá ag an Aontas luach 10 % den mhargadh sin⁵, sciar atá i bhfad faoi bhun a ualaigh eacnamaíoch. D'ainneoin an tsuimh láidir dhomhanda atá aige maidir le monarú ábhar agus trealaimh, tá an tAontas ag brath go mór ar sholáthraithe tríú tír chun sliseanna a dhearadh, a mhonarú, a phacáistiú, a thástáil agus a chóimeáil.

Sa lá atá inniu ann, tá leathsheoltóirí an-tábhachtach do leasanna geostraitéiseacha láidre agus tá siad i gcroílár rás domhanda na teicneolaíochta. Tá fonn ar thíortha a soláthar a dhéanamh slán sna sliseanna is ardfhorbartha mar go n-imríonn sé sin tionchar ar a n-acmhainneacht ghníomhaithe (go heacnamaíoch, go tionsclaíoch agus go míleata) agus ar a n-acmhainneacht dlús a chur leis an gclaochlú digiteach. Tá infheistíocht mhór á déanamh ag réigiúin mhóra uile an domhain agus tá bearta tacaíochta á gcur i bhfeidhm acu chun a gcumais táirgeachta a nuáil agus a neartú.

Tá na sócmhainní ag an Aontas le bheith ina cheannaire tionsclaíoch i margadh sliseanna na todhchaí. Is é an uaillmhian atá aige an sciar táirgeachta ar domhan atá aige faoi láthair a mhéadú faoi dhó go luach 20 % faoi 2030⁶. Is é an sprioc atá ann, ní hamháin spleáchais a laghdú, ach freisin na deiseanna eacnamaíocha a thapú mar go meastar go méadófar an margadh domhanda le haghaidh leathsheoltóirí faoi dhó roimh dheireadh na ndeacáide seo, rud a chuirfidh le hiomaíochas an éiceachórais leathsheoltóirí agus an tionscail i gcoitinne, trí tháirgí nuálacha do shaoránaigh Eorpacha.

Tá treochtaí agus deiseanna nua sa mhargadh ag teacht chun cinn. Tá cuideachtaí leathsheoltóra ag comhdhearadh níos mó sliseanna saincheaptha le cuideachtaí úsáideora deiridh de réir a chéile chun feidhmíocht an chórais a fheabhsú trí optamú crua-earraibogearraí. Le IS, imeall-ríomhaireacht agus claochlú digiteach na n-earnálacha tionsclaíocha, cuirtear deiseanna nua ar fáil maidir le hiomaíochas theicneolaíocht Eorpach agus ceannaireacht thionsclaíoch na todhchaí.

San am céanna, tá an teicneolaíocht ag síorathrú. Leantar leis an mionadúchán breise i dtreo toisí nód is lú i dteicneolaíochtaí na bpróiseas príomhshrutha (FinFET agus FDSOI) ar aon dul le dlí Moore⁷, agus san am céanna tá ardéileamh ar réitigh fhuinneamhéifeachtúla chun a áirithiú go bhfanfaidh an lorg próiseála a bhíonn ag síorfhás inbhuanaithe i gcónaí. Tá gealladh faoi na paraidímí ríomhaireachta atá ag teacht chun cinn, amhail ríomhaireacht

⁵ Strengthening the Global Semiconductor Supply Chain in an uncertain era, BCGxSIA, mí Aibreáin 2021. <https://www.bcg.com/publications/2021/strengthening-the-global-semiconductor-supply-chain>

⁶ Sa Chompás Digiteach socraíodh cuspóir, faoi 2030, 'go mbeidh táirgeadh leathsheoltóirí úrscothacha inbhuanaithe san Eoraip, lena n-áirítear próiseálaithe, ag 20 % ar a laghad de tháirgeadh an domhain i luach' (COM(2021) 118, 9.3.2021). Athdhearbhaíodh an uaillmhian sin sa Togra le haghaidh Chlár Beartais 2030 dar teideal 'Conair i dtreo na Deacáide Digití' (féach fonóta 15).

⁷ Is éard is dlí Moore ann an bhreathnóireacht go méadaíonn líon na dtrasraitheoirí i gciordad comhtháite faoi dhó thart ar gach 2 bhliain.

néaramorfach agus teicneolaíochtaí candamacha, le haghaidh réimsí nua cur i bhfeidhm. Tá ábhair nua amhail Cairbíd Sileacain (SiC) agus Nítríd Ghailliam (GaN) fíor-riachtanach le haghaidh bainistiú cumhachta, e.g. an úsáid is fearr a bhaint as cumhacht ó cheallra, go háirithe le haghaidh feithiclí leictreacha de gach cineál agus giniúint fuinnimh in-athnuaite.

Tá an meabhrán míniúcháin seo ag gabháil leis an togra le haghaidh **Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear creat beart chun an t-éiceachóras leathsheoltóirí san Aontas a neartú (an Ionstraim Eorpach um Shliseanna).**

Comhlíonann an togra gealltanas polaitiúil an Uachtaráin von der Leyen, a d'fhógair ina haitheasc ar Staid an Aontais 2021 gurb é is aidhm dó éiceachóras sliseanna Eorpach úrscothach a chruthú le chéile, éiceachóras a mbeidh an táirgeadh san áireamh ann⁸. Sa Teachtaireacht a ghabhann leis an togra, mínítear bunfhís straitéiseach an togra sin chun éiceachóras leathsheoltóirí na hEorpa a neartú⁹.

Chun an fhís sin a bhaint amach, tá an Straitéis Eorpach um Shliseanna bunaithe ar chúig chuspóir straitéiseacha:

- Ba cheart don Eoraip an cheannaireacht atá aici i réimse an taighde agus na teicneolaíochta a neartú;
- Ba cheart don Eoraip a hacmhainneacht nuálaíochta féin a fhorbairt agus a threisiú i ndearadh, i monarú agus i bpacáistiú sliseanna ardfhorbartha, agus táirgí tráchtála a dhéanamh díobh;
- Ba cheart don Eoraip creat leormhaith a chur ar bun chun a hacmhainneacht táirgeachta a mhéadú go substaintiúil faoi 2030;
- Ba cheart don Eoraip aghaidh a thabhairt ar an ngéarghanntanas scileanna, tallann nua a mhealladh agus tacú le teacht chun cinn lucht saothair oilte;
- Ba cheart don Eoraip tuiscint dhomhain a fhorbairt ar shlabhraí soláthair domhanda leathsheoltóirí.

Tá sé d'aidhm ag an togra cuspóir straitéiseach a bhaint amach, is é sin athléimneacht éiceachóras leathsheoltóirí na hEorpa a mhéadú agus a sciar den mhargadh domhanda a mhéadú. Tá sé d'aidhm aige freisin glacadh luath sliseanna nua ag earnáil tionsclaíochta na hEorpa a éascú agus cur lena cumas iomaíochta. Chuige sin, leis an tionscnamh, ní mór infheistiócht i saoráidí táirgeachta nuálacha a mhealladh, lucht saothair oilte a bheith aici, ach a bheith in ann, freisin, na sliseanna is ardfhorbartha a dhearadh agus a tháirgeadh lena saineofar na margaí a bheidh ann amach anseo, cumais a fhorbairt agus a bheith in ann dearáí nuálacha a thástáil agus a fhréamhshamhaltú trí línte píolótacha i ndlúthchomhar lena hearnálacha ingearacha tionsclaíocha. Is gá na bearta sin a dhéanamh, ach ní leor iad mura bhfuil cumas anailiseach ag an Aontas eolas lucht ceaptha beartas ar an slabhra luacha a mhéadú agus mura bhfuil sé in ann tairbhiú d'inniúlacht mhéadaithe chun freastal ar chomhleas an mhargaidh aonair i gcás géarchéime. Ní hé is cuspóir dó seo neamhthuilleamaíocht a bhaint amach, rud nach sprioc insroichte é. Ní mór dúinn ár láidreachtaí a neartú, láidreachtaí nua a fhorbairt agus oibriú le tríú tíortha i slabhra soláthair ina mbeidh idirthuilleamaíochtaí láidir i gcónaí.

Maidir leis na cuspóirí sin a bhaint amach, beidh sé d'aidhm ag an togra an méid seo a leanas a dhéanamh:

⁸ Aitheasc ar staid an Aontais 2021. https://ec.europa.eu/info/sites/default/files/soteu_2021_address_en_0.pdf

⁹ COM(2022) 45, 8.2.2022. Ionstraim Eorpach um Shliseanna

- **An Tionscnamh Sliseanna don Eoraip a bhunú** chun tacú le fothú acmhainneachta teicneolaíochta agus nuálaíochta ar mórsála ar fud an Aontais ionas gur féidir teicneolaíochtaí leathsheoltóra agus candamacha úrscothacha agus den chéad ghlúin eile a fhorbairt agus a chur chun úsáide, ar teicneolaíochtaí iad lena dtreiseofar ard-dearadh, comhtháthú córas, cumas agus scileanna táirgeachta sliseanna an Aontais, lena n-áirítear béim ar ghnólachtaí nuathionscanta agus ar ghnólachtaí atá ag méadú (colún 1, ‘an Tionscnamh Sliseanna don Eoraip’).

Leis an Tionscnamh, go háirithe, forbrófar ardán deartha fíorúil chun acmhainneacht deartha na hEorpa a threisiú, ar ardán é a bheidh inrochtana ar théarmaí oscailte, neamh-idirdhealaitheacha agus trédhearcacha. Leis an ardán sin, spreagfar comhar leathan idir pobail úsáideoirí agus comhlachtaí dearthóireachta, gnólachtaí nuathionscanta agus FBManna, soláthróirí maoine intleachtúla (IP) agus soláthróirí uirlisí, dearthóirí, agus eagraíochtaí taighde agus teicneolaíochta (RTOanna), agus déanfaidh sé saoráidí deartha atá ann cheana agus saoráidí deartha nua a chomhtháthú le leabharlanna leathnaithe agus le huirlisí EDA¹⁰.

Tacóidh an Tionscnamh le línte píolótacha lena soláthrófar modh do thríú páirtithe faoi théarmaí oscailte, trédhearcacha agus neamh-idirdhealaitheacha chun a ndearaí táirgí a thástáil, a bhailíochtú agus a fhorbairt a thuilleadh. Le forbairt na hardlínte píolótacha nua, déanfar réidh don chéad ghlúin eile de chumais táirgeachta agus dá mbailíochtú.

Thairis sin, leis an Tionscnamh, cuirfear le bunú ardacmhainneachtaí teicneolaíochta agus innealtóireachta chun dlús a chur le forbairt nuálaíoch sliseanna candamacha, e.g. i bhfoirm leabharlanna dearthóireachta le haghaidh sliseanna candamacha, línte píolótacha agus saoráidí tástála agus turgnamhaíochta.

Tacóidh an Tionscnamh le líonra lárionad inniúlachta ar fud an Aontais a sholáthróidh saineolas do gheallsealbhóirí, lena n-áirítear fiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna) is úsáideora deiridh, gnólachtaí nuathionscanta agus earnálacha ingearacha, agus a chuirfidh feabhas ar a gcuid scileanna. Le lárionaid inniúlachta éascófar rochtain oscailte, thrédhearcach agus neamh-idirdhealaitheach ar an mbonneagar dearthóireachta agus ar na línte píolótacha agus úsáid éifeachtach na mbonneagar agus na línte sin. Meallfaidh siad nuálaíocht agus tallann nua, ardoilte.

Sa bhreis ar an Tionscnamh, maidir le gníomhaíochtaí chun rochtain ar mhaoiniú fiachais agus ar chothromas sa slabhra luacha leathsheoltóirí a éascú, a ndéantar cur síos orthu go comhchoiteann mar ‘an Ciste um Shliseanna’, ba cheart leis go dtacófar le héiceachóras leathsheoltóirí dinimiciúil athléimneach a fhorbairt trí dheiseanna a sholáthar ar infhaighteacht mhéadaithe chun tacú le fás gnólachtaí nuathionscanta, gnólachtaí atá ag méadú agus FBManna mar aon le hinfheistíochtaí ar fud an tslabhra luacha, lena n-áirítear do chuideachtaí sna slabhraí luacha leathsheoltóirí a d’fhéadfadh baint a bheith acu le maoiniú measctha dá bhforáiltear leis an Tionscnamh.

- **Creat a chruthú chun slándáil an tsoláthair a áirithiú** trí infheistíochtaí agus acmhainneachtaí táirgeachta feabhsaithe a mhealladh i monarú leathsheoltóirí chomh maith le hardphacaístiú, tástáil agus cóimeáil trí Shaoráidí Táirgeachta Comhtháite ceannródaíocha agus trí Theilgcheárta Oscailte AE (colún 2, ‘Slándáil an tsoláthair’).

Go háirithe, sainítear sa togra critéir chun cur chun feidhme tionscadal sonrach a éascú, tionscadail a chuireann le slándáil an tsoláthair leathsheoltóirí san Aontas. Chuige sin, déantar

¹⁰ Uirlisí don Dearadh Leictreonach Ríomhchuidithe, i.e. uirlisí bogearraí chun ciorcaid comhtháite a dhearadh.

idirdhealú idir dhá chineál saoráidí ceannródaíocha¹¹, eadhon Saoráidí Táirgeachta Comhtháite agus Teilgcheartaí oscailte AE¹². Má éiríonn le hiarratas ó shaoráid ar aithint mar cheann den dá chineál saoráidí ceannródaíocha, leis an togra cuirtear de cheangal ar na Ballstáit a áirithiú go ndéanfar próiseáil éifeachtúil ar iarratais riaracháin a bhaineann le pleanáil, tógáil agus oibriú saoráide ceannródaíoch aitheanta.

Mar fhreagairt ar an ngá atá ag méadú le slabhraí soláthair atá cibear-athléimneach¹³, oibreoidh an Coimisiún i gcomhar leis na Ballstáit agus le gníomhaithe príobháideacha chun ceanglais earnálacha maidir le sliseanna iontaofa a shainaithint d'fhonn comhchaighdeán agus deimhniú comhchoiteann a bhunú, mar aon le ceanglais chomhchoiteanna maidir le soláthar a fhorbrófar le tacaíocht ó na heagraíochtaí Eorpacha um chaighdeánú i gcás inarb iomchuí agus prionsabail an Chreata Reachtaigh Nua maidir le measúnú comhréireachta agus faireachas margaidh á gcur san áireamh.

- **Sásra comhordúcháin a bhunú idir na Ballstáit agus an Coimisiún** chun an comhar leis na Ballstáit agus ar fud na mBallstát a neartú, faireachán a dhéanamh ar sholáthar leathsheoltóirí, an t-éileamh a mheas, ganntanais a thuar, gníomhachtú céime géarchéime a thionscnamh agus gníomhú trí bhosca uirlisí tiomnaithe beart (colún 3, 'Faireachán agus Freagairt ar Ghéarchéimeanna').

- **Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana**

Tá an togra seo ag teacht le fíis dhigiteach fhoriomlán an Choimisiúin, le spriocanna agus le bealaí chun claochlú digiteach a dhéanamh ar an Aontas go rathúil faoi 2030 mar a cuireadh i láthair sa Teachtaireacht ón gCoimisiún 'An Compás Digiteach 2030: an modh Eorpach le haghaidh na Deacáide Digtí' ('an Teachtaireacht maidir le Compás Digiteach')¹⁴ agus an togra ón gCoimisiún a tháinig ina dhiaidh sin le haghaidh an chláir Conair go dtí an Deacáid Dhigiteach¹⁵, ina bhfuil an sprioc ar leith leagtha amach maidir le leathsheoltóirí. Tá sé beartaithe leis an togra seo cuidiú leis an Aontas le go mbeidh sé na cumais is gá aige chun a sprioc le haghaidh na bliana 2030 a bhaint amach.

Tá an togra seo comhsheasmhach freisin leis an Teachtaireacht ón gCoimisiún lena nuashonraítear straitéis thionsclaíoch nua 2020¹⁶ i mí na Bealtaine 2021 ina sainaithnítear

¹¹ Ciallaíonn 'saoráid cheannródaíoch' saoráid thionsclaíoch a bhfuil de chumas aici leathsheoltóirí a mhonarú, lena n-áirítear monaraíocht tosaigh nó chúil, nó an dá rud, nach bhfuil ann go substainteach cheana nó nach bhfuil gealltanais ann i leith a tógála san Aontas, mar shampla maidir leis an nód teicneolaíochta, an t-ábhar foshraitha, amhail cairbid sileacain agus nítríd ghailliam, agus nuálaíocht táirgí eile a bheidh in ann feidhmíocht, nuálaíocht próiseas, nó feidhmíocht fuinnimh agus comhshaoil níos fearr a chur ar fáil.

¹² Is éard is Saoráidí Táirgeachta Comhtháite ann saoráidí dearthóireachta agus monaraíochta leathsheoltóirí atá ceannródaíoch, lena n-áirítear monaraíocht tosaigh nó chúil, nó an dá rud, san Aontas a rannchuidíonn le slándáil an tsoláthair don mhargadh inmheánach. Is éard is Teilgcheartaí Oscailte AE ann saoráidí ceannródaíocha monaraíochta leathsheoltóirí, idir mhonaraíocht tosaigh agus mhonaraíocht chúil, nó an dá rud, san Aontas a thairgeann acmhainneacht táirgeachta do ghnóthais nach bhfuil baint acu le chéile, agus a rannchuidíonn ar an gcaoi sin le slándáil an tsoláthair don mhargadh inmheánach.

¹³ Diríodh 31 % de chibear-ionsaithe in 2020 ar an Aontas Eorpach. <https://www.ibm.com/security/data-breach/threat-intelligence>

¹⁴ Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig an gCoiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún – Compás Digiteach 2030: an modh Eorpach le haghaidh na Deacáide Digtí: COM(2021) 118, 9.3.2021.

¹⁵ COM(2021) 574 final. Togra le haghaidh Cinneadh ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear an Clár Beartais 2030 'Conair i dtreo na Deacáide Digtí'. 15.9.2021.

¹⁶ Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle Eorpach, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún, 'Nuashonrú ar Straitéis Tionsclaíochta Nua 2020: Margadh Aonair níos láidre a thógáil le haghaidh théarnamh na hEorpa' COM(2021) 350 final.

réimsí spleáchas straitéiseach a bhféadfadh laigí amhail ganntanais soláthair a bheith ina dtoradh orthu. Tugtar aghaidh sa togra ar na dúshláin maidir le dearadh, monarú, pacáistiú, tástáil agus cóimeáil arna sainaithint sa Teachtaireacht agus sa doiciméad inmheánach oibre a ghabhann léi. Sa Teachtaireacht fógraíodh an Chomhghuaillíocht Thionsclaíoch um Próiseálaithe agus Teicneolaíochtaí Leathsheoltóra (an Chomhghuaillíocht)¹⁷ a bhfuil sé d’aidhm aici bearnaí i dtáirgeadh micrishliseanna a shainaithint chomh maith leis na forbairtí teicneolaíochta is gá chun go mbeidh rath ar chuideachtaí agus ar eagraíochtaí, chun cuidiú le hiomaíochas cuideachtaí, chun ceannasacht dhigiteach na hEorpa a mhéadú, agus chun aghaidh a thabhairt ar an éileamh atá ar an gcéad ghlúin eile de shliseanna agus próiseálaithe atá slán, fuinneamhéifeachtúil agus cumhachtach. I gcomhthéacs an Rialacháin seo, beidh ról comhairleach ag an gComhghuaillíocht.

Tá an togra seo comhsheasmhach freisin le straitéis um chaighdeánú an Choimisiúin¹⁸ agus le Clár Oibre Bliantúil 2022 an Aontais um chaighdeánú Eorpach¹⁹ a glacadh an 2 Feabhra 2022. Tá sé beartaithe acu caighdeán a fhorbairt chun sliseanna a dheimhniú ó thaobh slándála, barántúlachta agus iontaofachta de.

Tá an togra seo comhsheasmhach freisin le cuspóirí Fhaireachlann an Aontais Eorpaigh um Theicneolaíochtaí Criticiúla²⁰, a bhfuil sé d’aidhm aici na spleáchais straitéiseacha dhigiteacha atá ag an Aontas faoi láthair nó a d’fhéadfadh a bheith ag an Aontas sa todhchaí a shainaithint agus rannchuidiú le neartú a cheannasachta digití.

Tugann an togra seo aghaidh ar dhúshláin earnáilsonracha agus uathúla an tslabhra soláthair leathsheoltóirí agus is tionscnamh ar leithligh é ón ‘Ionstraim Éigeandála le haghaidh an Mhargadh Aonair’ atá beartaithe agus a d’fhógair an Coimisiún ina straitéis tionsclaíochta nuashonraithe.

Leis an togra seo cuirtear le cur chun feidhme an Dearbhaithe maidir le Tionscnamh Eorpach maidir le Próiseálaithe agus teicneolaíochtaí leathsheoltóra, arna shíniú ag 22 Bhallstát an 7 Nollaig 2020²¹. Sa dearbhú, chomhaontaigh na 22 Bhallstát ‘iarrachtaí ar leith a dhéanamh chun an éiceachóras leathsheoltóirí a threisiú agus chun láithreach tionsclaíoch a leathnú ar fud an tslabhra soláthair.’ chomhaontaigh na Ballstáit freisin obair i dtreo comhchaighdeán agus, i gcás inarb iomchuí, deimhniú le haghaidh leictreonaic iontaoibhe, chomh maith le ceanglais chomhchoiteanna le haghaidh soláthair sliseanna agus córas leabaithe a bheidh slán i bhfeidhmeanna atá ag brath ar an teicneolaíocht sliseanna nó a bhaineann úsáid forleathan aisti. Tá an togra seo comhsheasmhach leis na cuspóirí sin.

Sa bhreis air sin, tá an togra i gcomhréir leis an Teachtaireacht a tháinig amach le déanaí dar teideal ‘beartas iomaíochta atá oiriúnach do dhúshláin nua’, ina n-aithníonn an Coimisiún go bhféadfadh sé ‘é a bheartú tacaíocht phoiblí a fhorbairt chun na bearnaí cistiúcháin a d’fhéadfadh a bheith ann san éiceachóras leathsheoltóirí a líonadh go háirithe chun saoráidí Eorpacha ceannródaíocha a bhunú san Aontas, bunaithe ar Airteagal 107(3) CFAE. Ní mhór an chabhair sin a bheith faoi réir coimircí láidre chun a áirithiú go mbeidh gá le cabhair, go

¹⁷ Sheol an Coimisiún an Chomhghuaillíocht um Próiseálaithe agus Teicneolaíochtaí Leathsheoltóra i mí Iúil 2021. <https://digital-strategy.ec.europa.eu/en/policies/alliance-processors-and-semiconductor-technologies>.

¹⁸ Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún dar teideal ‘Straitéis AE maidir le Caighdeánú – Caighdeán dhomhanda a leagan síos chun tacú le margadh aonair AE a bheidh athléimneach, glas agus digiteach’, COM(2022) 31.

¹⁹ C(2022) 546 Fógra ón gCoimisiún – Clár oibre bliantúil 2022 an Aontais um chaighdeánú Eorpach.

²⁰ COM(2021) 70, Plean gníomhaíochta maidir le sineirgí idir an tionscal sibhialta, tionscal na cosanta agus an tionscal spáis.

²¹ Comhdhearbhú maidir le próiseálaithe agus teicneolaíochtaí leathsheoltóra. an 7 Nollaig 2020.

mbeadh sí iomchuí agus comhréireach agus go n-íoslaghdófaí saobhadh iomaíochta míchuí, agus go ndéanfaí na tairbhí a roinnt go forleathan agus gan idirdhealú ar fud gheilleagar na hEorpa.²²

Leis an Tionscnaimh Sliseanna don Eoraip, déanfar acmhainní a chomhthiomsú ón Aontas, ó na Ballstáit agus ó thríú tíortha a bhfuil baint acu leis na Cláir de chuid an Aontais atá ann cheana, mar aon leis an earnáil phríobháideach.

Cuirfear na gníomhaíochtaí faoin Tionscnamh Sliseanna don Eoraip chun feidhme go príomha tríd an gComhghnóthas um Shliseanna, i.e. an Comhghnóthas Eochairtheicneolaíochtaí Digiteacha atá ann faoi láthair arna leasú agus arna athainmniú²³. Leis an gComhghnóthas sin, soláthraítear tacaíocht fairsing faoi láthair do thaighde tionscalbhunaithe, d'fhorbairt teicneolaíochta agus do nuálaíocht i réimse na gcomhpháirteanna agus na gcóras leictreonach, agus i réimse na dteicneolaíochtaí bogearraí agus córas gaolmhara. Beidh na gníomhaíochtaí sin mar chuid den Tionscnamh Sliseanna don Eoraip.

Cuireann an Tionscnamh Sliseanna don Eoraip le cúig chuspóirí an chlár don Eoraip Dhigiteach²⁴, lena dtacaítear le fothú acmhainneachta digití i bpríomhréimsí digiteacha ina bhfuil teicneolaíocht leathsheoltóra mar bhonn le gnóthachain feidhmíochta, lena n-áirítear an Ríomhaireacht Ardfheidhmíochta, an Intleacht Shaorga agus an Chibearshlándáil, mar aon le forbairt scileanna agus cur chun úsáide mol nuálaíochta digití. Leis an Tionscnamh Sliseanna don Eoraip trí Chuspóir Sonrach 6 nua, ar ceart fócas téamach a bheith aige ar theicneolaíochtaí leathsheoltóra, déanfar infheistíocht i bhfothú acmhainneachta chun cumais ardaighde, dearthóireachta, táirgeachta agus comhtháthaithe córas a threisiú i dteicneolaíochtaí leathsheoltóra úrscothacha agus den chéad ghlúin eile.

Cuireann an Tionscnamh Sliseanna don Eoraip leis an gclár Fís Eorpach²⁵ freisin agus comhlánaíonn sé í, rud a chuireann tacaíocht ar fáil do thaighde atá á spreagadh ag an lucht acadúil, d'fhorbairt teicneolaíochta agus do nuálaíocht i réimse na leathsheoltóirí. Díreofar leis an Tionscnamh ar thacaíocht a thabhairt d'infheistíocht i mbonneagair thaighde, forbartha agus nuálaíochta atá ar fáil ar bhonn trasteorann agus atá inrochtana go hoscailte, agus ar bonneagair iad atá bunaithe san Aontas, chun gur féidir teicneolaíochtaí leathsheoltóra a fhorbairt ar fud na hEorpa. Féadfarr teicneolaíochtaí leathsheoltóra nua ó ghníomhaíochtaí taighde agus nuálaíochta a dtacaíonn Fís Eorpach leo a ghlacadh agus a chur chun úsáide de réir a chéile trí chodanna fothaithe acmhainneachta an Tionscnaimh Sliseanna don Eoraip. Os a choinne sin, cuirfear acmhainní teicneolaíochta an Tionscnaimh ar fáil don phobal taighde agus nuálaíochta, lena n-áirítear le haghaidh gníomhaíochtaí a fhaigheann tacaíocht ó Fhís Eorpach;

²² Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún. Beartas iomaíochta atá oiriúnach do dhúshláin nua, COM(2021) 713, an 18 Samhain 2021.

²³ Rialachán (AE) 2021/2085 ón gComhairle an 19 Samhain 2021 lena mbunaítear na Comhghnóthais faoi Fís Eorpach agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 219/2007, (AE) Uimh. 557/2014, (AE) Uimh. 558/2014, (AE) Uimh. 559/2014, (AE) Uimh. 560/2014, (AE) Uimh. 561/2014 agus (AE) Uimh. 642/2014, IO L 427, 30.11.2021, lch. 17.

²⁴ Rialachán (AE) 2021/694 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2021 lena mbunaítear an Clár don Eoraip Dhigiteach agus lena n-aisghairtear Cinneadh (AE) 2015/2240, IO L 166, 11.5.2021, lch. 1.

²⁵ Rialachán (AE) 2021/695 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Aibreán 2021 lena mbunaítear Fís Eorpach – an Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht, lena leagtar síos na rialacha maidir le rannpháirtíocht agus leathadh agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) Uimh. 1290/2013 agus (AE) Uimh. 1291/2013, IO L 170, 12.5.2021, lch. 1.

Soláthraítear an togra seo i bhfianaise na ndeiseanna a chuirtear ar fáil leis an gclár InvestEU²⁶ agus an rannchuidiú suntasach le claochlú digiteach a sholáthraítear leis an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta²⁷, a gcaithfidh ar a laghad 20 % de na cistí rannchuidiú le cuspóirí digiteacha lena n-aghaidh. Tá an togra seo comhsheasmhach freisin le Straitéis an Aontais um an Aontas Slándála²⁸.

D'fhoill dlús a chur le cur chun feidhme na ngníomhaíochtaí, foráiltear leis an Tionscnamh Sliseanna don Eoraip ionstraim nua dlí – an Cuibhreannas Eorpach um Bonneagar Sliseanna (ECIC) – a forbraíodh go sonrach chun an chomhbhaint dhlíthiúil a shimpliú idir comhaltaí an cuibhreannais phríobháidigh phoiblí, lena n-áirítear ETTanna go háirithe, agus chun struchtúr a chur ar an gcomhbhaint sin agus chun idirphlé struchtúrach leis an gCoimisiún a sholáthar chun na gníomhaíochtaí faoin Tionscnamh a chur chun feidhme. Is ar bhonn deonach a bheidh an ionstraim dlí nua seo agus comhlánóidh sí bosca uirlisí an Aontais d'ionstraimí dlíthiúla éagsúla eile, lena n-áirítear an Cuibhreannas Eorpach um Bonneagar Digiteach¹⁵, lenar féidir cistiú ó na Ballstáit, ó bhuiséad an Aontais, agus ó infheistíochtaí príobháideacha a chomhcheangal. Nuair a bheidh cuibhreannas poiblí-príobháideach á bhunú ag eintitis dhlíthiúla chun críoch na ngníomhaíochtaí cur chun feidhme faoin Tionscnamh, beidh rogha acu as measc na n-ionstraimí dlí atá ar fáil de chuid an Aontais a oirfidh níos fearr do shainfheidhm, do chomhdhéanamh agus do bhunú cuibhreannais ar leith. Maidir leis an gComhghnóthas um Shliseanna, a bhfuil sé de chúram air gníomhaíochtaí áirithe a chur chun feidhme go foriomlán faoin Tionscnamh seo, féadfaidh sé, faoi na coinníollacha dá bhforáiltear in Airteagal 134 den Togra ón gCoimisiún le haghaidh Rialachán ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/2085 lena mbunaítear na Comhghnóthais faoin gclár Fis Eorpach, a mhéid a bhaineann leis an gComhghnóthas um Shliseanna²⁹, foráil a dhéanamh go bhféadfaidh eintitis dhlíthiúla atá ag comhoibriú laistigh de chuibhreannas, agus iad sin amháin, gníomhaíochtaí áirithe a chur i gcrích, ar eintitis dhlíthiúla iad a fhéadfar a struchtúru i bhfoirm Cuibhreannais Bonneagair um Sliseanna, nó aon ionstraim dlí eile de chuid an Aontais atá ar fáil chun cuibhreannas a fhoirmiú.

- **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

Is féidir leis na bearta atá beartaithe tacú le cuid de phríomhbheartais an Aontais, amhail an Comhaontú Glas don Eoraip³⁰. Is cumasóirí cumhachtacha i gcomhair an aistrithe inbhuanaitheachta iad teicneolaíochtaí leathsheoltóra a chur i bhfeidhm, agus le haghaidh teicneolaíochtaí digiteacha i gcoitinne, agus d'fhéadfadh táirgí nua agus bealaí oibre níos éifeachtúla agus níos éifeachtaí a bheith mar thoradh orthu lena rannchuidítear le cuspóirí an Chomhaontaithe Ghlais.

D'fhéadfadh bristeacha soláthair leathsheoltóirí agus spleáchas ar réigiúin eile moill a chur ar aistriú inbhuanaitheachta earnálacha na hEorpa a bhaineann tairbhe as réitigh dhigiteacha. Chun aghaidh a thabhairt ar na bristeacha agus ar na spleáchais, leis an togra neartaítear acmhainneacht táirgeachta leathsheoltóirí na hEorpa. I gcás inarb infheidhme, ba cheart saoráidí a bheith i gcomhréir go hiomlán leis na ceanglais a eascraíonn ó reachtaíocht an

²⁶ Rialachán (AE) 2021/523 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Márta 2021 lena mbunaítear Clár InvestEU agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2015/1017, IO L 107, 26.3.2021, lch. 30.

²⁷ Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Feabhra 2021 lena mbunaítear an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta, IO L 57, 18.2.2021, lch. 17.

²⁸ Teachtaireacht maidir le Straitéis an Aontais Eorpaigh um Aontas Slándála. COM(2020) 605 final.

²⁹ COM(2022) 47, 8.2.2022.

³⁰ Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle Eorpach, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún: An Comhaontú Glas don Eoraip. COM(2019) 640, 11.12.2019.

Aontais amhail ceanglais a bhaineann le measúnú ar an tionchar ar an gcomhshaoil, astaíochtaí san aer, san uisce agus san ithir, lena n-áirítear riosca agus cosc tionóiscí tionsclaíocha, agus féachaint le hardéifeachtúlacht fuinnimh, acmhainní agus uisce a áirithiú. Chun an acmhainneacht táirgeachta a neartú, ní mór saoráidí monaraíochta leathsheoltóirí a chur ar bun go tapa, ar féidir a mheas go heisceachtúil go bhfuil leas sáraitheach poiblí ag baint leo, i gcás inar gá sin le haghaidh maoluithe i nósanna imeachta deonaithe ceadanna, lena n-áirítear i measúnuithe áirithe comhshaoil, ar an gcoinníoll go gcomhlíontar na coinníollacha eile a leagtar amach sna forálacha ábhartha. San am céanna, cuimsítear leis an gcoincheap ‘ceannródaíoch’ cáilíocht fhéideartha a bheadh bunaithe freisin ar fheidhmíocht fuinnimh nó chomhshaoil na saoráide atá beartaithe.

Tá a lorg comhshaoil féin ag teicneolaíochtaí digiteacha, nuair a mhonaraítear iad agus nuair a úsáidtear iad araon, lena n-áirítear scaoileadh gás ceaptha teasa fluairínithe le linn na monaraíochta go dtí a dtomhaltas fuinnimh suntasach chun iad a tháirgeadh agus le linn a n-úsáide. Is í earnáil na teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide (TFC) is cúis le 5-9 % d’úsáid leictreachais iomlán an domhain agus breis agus 2 % de na hastaíochtaí ar fad³¹. Na lárionaid sonraí amháin a bhí freagrach as 2.7 % den éileamh ar leictreachas in 2018 laistigh den Aontas agus beidh an t-éileamh sin cothrom le 3.21 % faoi 2030, má leantar leis an bhforbairt ar an gconair reatha³². Ní mór an tomhaltas fuinnimh sin a laghdú. Leis an togra, agus go háirithe maidir le saoráidí dearthóireachta agus línte píolótacha a bhunú faoi cholún 1, déanfar próiseálaithe ísealchumhachta nua a dhearadh, a thástáil agus a bhailíochtú. Is iad na próiseálaithe na croí-chomhpháirteanna de fhreastalaithe a láimhseálann an t-ualach oibre ríomhaireachtúil i lárionaid sonraí. Tá na milliúin freastalaithe den chineál sin sna lárionaid sonraí níos mó agus d’fhéadfadh feabhsuithe ar thomhaltas cumhachta próiseálaithe tionchar mór a imirt ar thomhaltas foriomlán cumhachta lárionaid sonraí. Is cuidiú freisin iad na sliseanna sin a bhfuil lorg íseal fuinnimh acu chun an tAontas a shuí mar cheannaire i dteicneolaíochtaí digiteacha inbhuanaithe.

Cuireann an togra le cuspóirí codanna den phacáiste Oiriúnach do 55 ina ndírítear ar fheithiclí agus breoslaí níos glaine a chur chun cinn ar bhealach atá neodrach ó thaobh na teicneolaíochta de³³. Is é is aidhm don athbhreithniú ar na caighdeáin astaíochtaí CO₂ i gcomhair gluaisteáin agus veaineanna nua astaíochtaí gás ceaptha teasa na bhfeithiclí sin a laghdú a thuilleadh, rud a sholáthródh conair shoiléir réalaíoch i dtreo soghluaisteacht astaíochtaí nialasacha. Tá méadú ag teacht cheana féin ar éileamh tomhaltóirí ar fheithiclí astaíochtaí nialasacha, mar shampla feithiclí atá inluchtaithe go leictreach³⁴. De ghnáth, bíonn níos mó ná dhá oiread mhéid an ábhair leathsheoltóra in aghaidh na feithicle ag feithiclí atá inluchtaithe go leictreach ná mar atá ag gluaisteáin a bhfuil innill dócháin inmheánaigh acu³⁵. Tá teicneolaíochtaí ardphacáistithe ag éirí níos tábhachtaí chun aghaidh a thabhairt ar na

³¹ Togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le héifeachtúlacht fuinnimh (athmhúnlú). COM(2021) 558, 14.7.2021.

³² <https://digital-strategy.ec.europa.eu/en/library/energy-efficient-cloud-computing-technologies-and-policies-eco-friendly-cloud-market>

³³ Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún. ‘Oiriúnach do 55’: sprioc aeráide 2030 an Aontais a bhaint amach ar an gconair i dtreo na haeráidneodrachta. COM(2021) 550, 14.7.2021.

³⁴ Mar shampla, tá méadú ag teacht ar sciar na ngluaisteán leictreach i ndíolacháin nua san Eoraip agus measfar go mbeidh sé cothrom le 14 % in 2021. <https://think.ing.com/articles/slow-start-for-electric-vehicles-in-the-us-but-times-are-changing>

³⁵ <https://www.idtechex.com/en/research-article/ev-power-electronics-driving-semiconductor-demand-in-a-chip-shortage/24820>

ceanglais mhéadaitheacha maidir le cumhacht agus éifeachtúlacht fuinnimh atá ag feithiclí leictreacha. Dá bhrí sin, tá sin comhsheasmhach le cuspóirí an phacáiste Oiriúnach do 55.

Tá an togra i gcomhréir leis an bPlean Gníomhaíochta don Gheilleagar Ciorclach³⁶, ina saináithnítear leictreonaic agus TFC mar phríomhshlabhra luacha agus ina bhfógraítear Tionscnamh Leictreonaice Ciorclach a chuimseoidh ‘bearta rialála le haghaidh leictreonaice agus TFC lena n-áirítear fóin phóca, táibléid agus ríomhairí glúine faoin Treoir maidir le hÉicidhearthóireacht ionas go mbeidh gairis deartha le haghaidh éifeachtúlachta agus marthanachta fuinnimh, indeisiú, uasghrádú, cothabhála, athúsáide agus athchúrsála’.

Ach táirgí leictreonacha a choinneáil in úsáid ar feadh tréimhse níos faide, trí dhearadh le haghaidh seirbhísí marthanachta agus uasghrádaithe, laghdófar rátaí athsholáthair agus an gá atá le táirgí nua. Is féidir ábhair micrishliseanna a aisghabháil ó dhramhaíl leictreonach; mar shampla, tá sé indéanta go teicniúil ábhair leathsheoltóra cumaisc a athchúrsáil, cé nach bhfuil iontu faoi láthair ach méideanna an-bheag. Leis an Tionscnamh um Tháirgí Inbhuanaithe, bunaithe ar raon feidhme na Treorach maidir le hÉicidhearthóireacht a leathnú, beifear in ann na ceanglais sin a chur ar fáil. Tá féidearthachtaí éagsúla á n-imscrúdú ag an gCoimisiún freisin maidir le scéimeanna glactha ar ais agus díolacháin le haghaidh ríomhtháirgí tomhaltóra, chun soláthar na ngaireas úsáidte atá feidhmiúil a mhéadú.

Agus an digitiú agus an leictriú ag dul i méid, cuireann sliseanna atá fuinneamhéifeachtúil le beartais eile chomh maith, lena n-áirítear beartais maidir le monarú tionsclaíoch, iompar agus fuinneamh, e.g. an Plean Gníomhaíochta um Dhigitiú Earnáil an Fhuinnimh³⁷ atá ar an mbealach. Meastar go dtiocfaidh méadú faoi dhó ar an éileamh ar theicneolaíochtaí leathsheoltóra faoi cheann 10 mbliana. Tá níos mó agus níos mó sliseanna leabaithe i róbaít, agus i meaisíní monaraíochta in earnálacha na tionsclaíochta agus na talmhaíochta, ach i bhfeithiclí iompair agus i ngairis eile freisin. Toisc go bhfuil an togra dírithe ar úsáid chliste sliseanna agus teicneolaíochtaí digiteacha eile, agus ar tháirgeadh sliseanna atá níos fuinneamhéifeachtúla, tá an togra comhsheasmhach le roinnt beartais earnálacha agus rannchuidíonn sé leo.

2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

• Bunús dlí

Leis an Rialachán seo, saothraítear dhá chuspóir shonracha ar leith, ar codanna riachtanacha iad dá chuspóir ginearálta creat comhleanúnach a bhunú chun éiceachóras leathsheoltóirí an Aontais a neartú. Is é céad chuspóir sonrach an Rialacháin, atá mar bhun le colún 1, acmhainneachta móra nuálaíochta a chruthú agus cumais teicneolaíochta leormhaithe a chruthú i dtionscal na leathsheoltóirí chun dlús a chur leis an nuálaíocht agus iad a chur in oiriúint don nuálaíocht. Ina theannta sin, is é is aidhm don Rialachán athléimneacht agus slándáil soláthair an Aontais i réimse na dteicneolaíochtaí leathsheoltóra a mhéadú trí thacú le hinfheistíocht in ardmhonaraíocht leathsheoltóirí agus comhordú a dhéanamh uirthi (colún 2) agus trí fhaireachán comhordaithe agus freagairt ar ghéarchéimeanna a chumasú (colún 3).

Is iad Airteagal 173(3), Airteagal 182(1) agus Airteagal 183 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) bunús dlí an tionscnaimh seo. Foráiltear le hAirteagal 173(3) go bhféadfaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle, ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an

³⁶ COM(2020) 98 final, 11.03.2020.

³⁷ https://ec.europa.eu/info/law/better-regulation/have-your-say/initiatives/13141-Digitalising-the-energy-sector-EU-action-plan_en

ngnáthnós imeachta reachtach agus tar éis dóibh dul i gcomhairle le Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa, bearta sonracha a chinneadh chun tacú le gníomhaíochtaí atá déanta sna Ballstáit chun na dálaí is gá ar mhaithe le hiomaíochas agus acmhainneacht nuálaíochta an Aontais a áirithiú agus chun oiriúnú an tionscail d'athruithe struchtúracha a eascraíonn as sraitheanna nuálaíochta gasta a áirithiú. Is iomchuí an bunús dlí sin, maidir leis an gcuid is mó de na gníomhaíochtaí a dhéantar faoin Tionscnamh, ós rud é go bhfuil sé mar aidhm le colún 1 den Rialachán seo dlús a chur le táirgeadh leathsheoltóirí i dtionscal an Aontais, ceannasacht i sa slabhra soláthair leathsheoltóirí a threisiú, acmhainneachtaí tionsclaíocha a threisiú, forbairt gnólachtaí nuathionscanta nuálacha agus FBManna a éascú, agus infheistíochtaí nua sa nuálaíocht agus san fhorbairt theicneolaíoch a spreagadh. I bhfianaise chineál leathan an Tionscnaimh, tá sé bunaithe freisin ar an Teideal 'Taighde agus forbairt theicneolaíoch agus an spás' (Airteagal 182(1) agus Airteagal 183 CFAE).

Is é Airteagal 114 CFAE an bunús dlí iomchuí don dara cuspóir, agus is é is bun le colúin 2 agus 3. Is é is aidhm do cholúin 2 agus 3 den togra seo creat dlíthiúil comhchuibhithe a chruthú chun athléimneacht agus slándáil soláthair an Aontais a mhéadú. Tá úsáid leathsheoltóirí rithábachtach do roinnt earnálacha eacnamaíocha agus feidhmeanna sochaíocha san Aontas agus, dá bhrí sin, tá soláthar athléimneach fíor-riachtanach d'fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh. Dá bhrí sin, ní mór aon bhriseadh soláthair a thuar agus aghaidh a thabhairt air gan mhoill chun feidhmiú cobhsaí na n-earnálacha straitéiseacha iartheachacha a chaomhnú. I bhfianaise an tionchair eacnamaíoch shuntasaigh atá ag an nganntanas leathsheoltóirí atá ann faoi láthair, is dócha go dtionscnódh na Ballstáit bearta rialála chun aghaidh a thabhairt ar leochaileachtaí struchtúracha san earnáil as ar eascair an ganntanas atá ann faoi láthair nó chun freagairt ar ghanntanais a bheidh ann amach anseo i gcásanna géarchéime agus chun iad a mhaolú³⁸. Cé go bhfuil siad leordhóthanach d'fhonn aghaidh a thabhairt ar easnaimh ar an leibhéal náisiúnta, d'fhéadfadh freagairt neamhleanúnach bheith i gceist leis na bearta rialála sin maidir leis an ngá athléimneacht a neartú agus aghaidh a thabhairt ar ghéarchéimeanna a d'fhéadfadh a bheith ann sa mhargadh inmheánach, rud d'fhéadfadh ilroinnt na hearnála a bheith ina toradh air. D'fhonn bearta comhordaithe a chumasú chun athléimneacht a fhorbairt, tá gá le rialacha comhchuibhithe chun cur chun feidhme tionscadal sonracha a éascú, ar tionscadail iad a chuireann le slándáil soláthair leathsheoltóirí san Aontas (colún 2). Ba cheart an sásra um fhaireachán agus freagairt ar ghéarchéimeanna (colún 3) atá beartaithe a bheith aonfhoirmeach chun cur chuige comhordaithe a chumasú maidir le hullmhacht an tslabhra luacha leathsheoltóirí trasteorann le haghaidh géarchéimeanna. Déantar foráil sa togra maidir leis an struchtúr rialachais iomchuí agus maidir leis an gcomhar iomchuí idir na Ballstáit ar leibhéal an Aontais, rud a thacóidh, dá bhrí sin, le hiontaobhas, le nuálaíocht agus le fás sa mhargadh inmheánach. Dá bhrí sin, is bunús dlí ábhartha é Airteagal 114 CFAE le haghaidh cholúin 2 agus 3 chun feidhmiú cuí an mhargaidh inmheánaigh a áirithiú.

Ní féidir bonn cirt a thabhairt don dá chuspóir thuas le hAirteagail eile CFAE ná le gach airteagal ina aonar. Níl Airteagal 122 CFAE ábhartha, toisc nach bhforáiltear ann do bhunús don dá chuspóir agus níl sé comhoiriúnach le hAirteagal 114 ná le hAirteagal 173 CFAE. Soláthraítear na gnéithe atá beartaithe in aon ghníomh amháin, ós rud é gurb ionann na bearta uile agus cur chuige comhleanúnach chun aghaidh a thabhairt, ar bhealaí éagsúla, ar an ngá atá le héiceachóras leathsheoltóirí an Aontais a neartú.

³⁸ Mar shampla, fógraíodh go bhfuil sé beartaithe ag an Spáinn athchóiriú a dhéanamh ar a Dlí Slándála Náisiúnta (Ley de Seguridad Nacional) sa chiall sin.

- **Coimhdeacht (i gcás inniúlacht neamheisiach)**

Ní fhéadfaidh na Ballstáit cuspóirí an togra a bhaint amach agus iad ag gníomhú astu féin, de bhrí gur de chineál trasteorann atá na fadhbanna agus nach bhfuil siad teoranta do Bhallstáit aonair ná d'fhothacar Ballstát. Díritear sna gníomhaíochtaí atá beartaithe ar réimsí ina bhfuil breisluach inléirithe trí ghníomhú ar leibhéal an Aontais mar gheall ar scála, luas agus raon feidhme na n-iarrachtaí is gá.

Chun freagairt chuimsitheach a thabhairt ar an ngéarchéim leathsheoltóra, tá gá le gníomhaíocht chomhpháirteach chomhordaithe thapa ó gheallsealbhóirí éagsúla, agus i gcomhar leis na Ballstáit. Ní fhéadfadh aon Bhallstát aonair an méid sin a bhaint amach as a thionscnamh féin. Ina theannta sin, i bhfianaise chastacht an éiceachórais leathsheoltóirí, is é iarmhairt spleáchais struchtúracha an Aontais agus ganntanais soláthair an Aontais gur fearr is féidir aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna sin trí idirghabháil ar leibhéal an Aontais.

Is léir gurb é gníomhaíocht ar leibhéal an Aontais is fearr is féidir gníomhaithe Eorpacha a thiomáint i dtreo fis choiteann agus straitéis choiteann cur chun feidhme. Tá sé sin rithábachtach chun barainneachtaí scála agus raon feidhme a ghiniúint, agus chun an mhais chriticiúil is gá le haghaidh acmhainneachtaí úrscothacha, rud a dhéanfaidh deighilt na n-iarrachtaí, 'rásaí fóirdheontais agus réitigh náisiúnta fho-optamacha a theorannú, i gcás nach ndéanfaí iad a sheachaint.

Tá gá le gníomhaíocht Aontais maidir leis na réimsí a dtugtar aghaidh orthu sa togra seo trí bhíthin na dtrí cholún.

- Maidir leis an gcéad cholún ('an Tionscnamh Sliseanna don Eoraip'), leis an Tionscnamh, tacófar le fothú acmhainneachta teicneolaíche agus nuálaíocht ar mhórsála tríd an Aontas chun gur féidir teicneolaíochtaí leathsheoltóra agus candamacha úrscothacha agus den chéad ghlúin eile a fhorbairt agus a chur chun úsáide agus chun aghaidh a thabhairt ar laigí struchtúracha ainsealacha na hEorpa i ndearadh agus i dtáirgeadh. Bhunaigh na Ballstáit an chéad 'Tionscadal Tábhachtach ar Mhaithe le Leas na hEorpa i gcoitinne' (IPCEI) in 2018, tionscadal a thacaíonn le tionscadail nuálacha trasteorann ar fud an tslabhra luacha micrileictreonaice, agus tá an dara IPCEI sa réimse seo á phleanáil³⁹. Cé go bhfuil tábhacht straitéiseach ag baint leis na tionscnaimh sin le haghaidh na hearnála, is dócha ag an bpointe seo nach dtabharfaí aghaidh go leordhóthanach leo féin ar an bhfothú acmhainneachta i bhfoirm línte píolótacha agus bonneagar dearthóireachta nach mór a sholáthar go forleathan do na tríú páirtithe leasmhara go léir ar fud na hEorpa agus a chuirfidh ar chumas an Aontais ról níos láidre a bheith aige in éiceachóras domhanda atá idir spleách. Ní féidir na saoráidí ar mórsála sin a chur ar fáil ach ar leibhéal an Aontais mar gheall ar scála na n-infheistíochtaí agus an fheasa gnó is gá.
- Maidir leis an dara colún ('Slándáil an tsoláthair'), ní fhéadfar gníomhaíochtaí atá dírithe ar dhlús a chur leis an infheistíocht i monarú leathsheoltóirí a dhearadh agus a chur chun feidhme go leordhóthanach ach ar leibhéal an Aontais, i bhfianaise scála na n-infheistíochtaí is gá agus mar go ndéanfaidh na saoráidí monaraíochta sin, de réir a sainmhínthe, an margadh inmheánach iomlán a fhónamh, an t-éiceachóras iomlán a neartú, agus slándáil an tsoláthair i ngéarchéimeanna a ráthú.

³⁹ Ghlac ceithre Bhallstát (an Fhrainc, an Ghearmáin, an Iodáil agus an Ostair) agus an Ríocht Aontaithe páirt sa chéad IPCEI. Tá 32 chuideachta ann a thairbhíonn de EUR 1.9 billiún de thacaíocht phoiblí agus ranníocaíocht de thuairim is EUR 6 billiún ó earnáil na tionsclaíochta.

- Maidir leis an tríú colún ('Faireachán agus Freagairt ar Ghéarchéimeanna'), áiríteofar le comhar feabhsaithe ón Aontas an bailiú faisnéise atá riachtanach agus inchomparáide. I dteannta a chéile, beidh na Ballstáit agus an Coimisiún in ann ganntanais a thuar, an chéim ghéarchéime a ghníomhachtú i gcás géarghanntanais agus na bearta is gá a chur i bhfeidhm chun aghaidh a thabhairt ar an ngéarchéim sin ar bhealaí níos éifeachtaí ná trí bhearta éagsúla náisiúnta.

- **Comhréireacht**

Ceapadh an togra chun éiceachóras leathsheoltóirí na hEorpa a neartú trí ullmhacht ghearrthéarmach agus trí fhaireachán chun trédhearcacht slabhraí soláthair leathsheoltóirí a mhéadú, trí ghníomhaíochtaí slándáil soláthair lárthearma chun feabhas a chur ar acmhainneacht táirgeachta leathsheoltóirí san Eoraip, agus trí ghníomhaíochtaí ceannaireachta teicneolaíochta agus nuálaíochta níos fadtéarmaí chun saoráidí dearthóireachta agus táirgeachta a bhunú le haghaidh ardteicneolaíochtaí leathsheoltóra agus teicneolaíochtaí leathsheoltóra atá ag teacht chun cinn.

Sa chomhthéacs sin, díritear sa togra ar na codanna sin den éiceachóras leathsheoltóirí is mó a chuireann le hathléimneacht shlabhra soláthair an Aontais. Is é is aidhm don fhócas ar an éiceachóras leathsheoltóirí féin, seachas ar an bhfearann comhpháirteanna agus córas leictreonaice atá níos leithne ná an éiceachóras sin amháin, ná ar na réimsí feidhmchlár ina n-úsáidtear leathsheoltóirí agus/nó comhpháirteanna agus córais leictreonaice, gníomhaíochtaí a theorannú do cheann amháin de na pointí dúshlánacha is tábhachtaí dá bhfuil ann sa lá atá inniu ann do gheilleagar agus do shochaí na hEorpa i gcoitinne.

Leis an Tionscnamh Sliseanna don Eoraip atá i gcolún 1, cuirtear ar bun na sásraí is gá chun iomaíochas fadtéarmach agus acmhainneacht nuálaíochta tionscail Eorpaigh a áirithiú trí chumais taighde agus dearthóireachta, trí bhíthin línte píolótacha le haghaidh tástála agus turgnamhachta, acmhainneachtaí le haghaidh sliseanna candamacha, ionaid inniúlachta, agus ciste le haghaidh gnólachtaí nuathionscanta, gnólachtaí atá ag méadú agus FBManna.

Leis na gníomhaíochtaí shlándáil an tsoláthair chun feabhas a chur ar acmhainneacht táirgeachta leathsheoltóirí an Aontais i gcolún 2, féadfar saoráid áirithe a aithint mar Shaoráid Táirgeachta Chomhtháite nó mar Teilgcheárta Oscailte AE. Leis an aitheantas sin, tá sé de cheangal ar na Ballstáit a áirithiú go dtabharfar ceadanna do na saoráidí sin agus go ndeonófar teilgcheártaí trí nósanna imeachta tapa.

Tá na gníomhaíochtaí ullmhachta i gcolún 3 bunaithe ar fhaireachán agus ar mhalartú faisnéise ag na Ballstáit agus ag an Aontas chun bristeacha sa slabhra soláthair a thuar. I gcás bristeacha (atá tuartha), féadfar bearta comhordaithe a dhéanamh chun ganntanais leathsheoltóirí agus bristeacha eile a mhaolú nó a chosc.

- **An rogha ionstraime**

Is i bhfoirm Rialacháin ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle atá an togra. Is é seo an ionstraim dlí is oiriúnaí do cholún 1 den togra lena mbunaítear an Tionscnamh Sliseanna don Eoraip, ós rud é nach féidir ach le Rialachán, lena ngabhann forálacha dlíthiúla atá infheidhme go díreach, an leibhéal aonfhoirmeachta is gá a sholáthar chun Tionscnamh de chuid an Aontais a bhunú agus a oibriú a mbeidh sé d'aidhm aige tacú le hearnáil na tionsclaíochta ar fud an mhargaidh inmheánaigh. Tá bonn cirt le Rialachán a roghnú mar ionstraim dlí le haghaidh cholún 2 mar gheall ar an ngá atá ann na rialacha nua a chur i bhfeidhm go haonfhoirmeach, go háirithe an sainmhíniú ar Shaoráidí Táirgeachta Comhtháite agus Teilgcheártaí Oscailte AE, mar aon le nós imeachta aonfhoirmeach maidir lena n-aithint agus lena dtacaíocht. Ina theannta sin, is é Rialachán an ionstraim is oiriúnaí le haghaidh cholún 3, ós rud é gur cheart foráil a dhéanamh sa chuid sin maidir le sásra chun bristeacha

tromchúiseacha i soláthar leathsheoltóirí san Aontas a thuar agus chun aghaidh a thabhairt orthu. Ní gá an sásra a thrasú trí bhíthin bearta náisiúnta agus tá sé infheidhme go díreach.

3. TORTHAÍ AR MHEASTÓIREACHTAÍ EX POST, AR CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS AR MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

Ina óráid ag an bhFóram Eacnamaíoch Domhanda i mí Eanáir 2022, luaigh an tUachtarán von der Leyen ‘go molfaimid ár nIonstraim Eorpach um Shliseanna go luath i mí Feabhra’ agus ‘nach bhfuil aon am le cur amú againn’⁴⁰. Is mian leis na príomhgheilleagair a soláthar de na sliseanna is ardfhorbartha a dhéanamh slán mar go bhfuil a gcumas chun gníomhú (go heacnamaíoch, go tionsclaíoch, go míleata) agus chun claochlú digiteach a chur chun cinn á spreagadh ag na príomhgheilleagair sin. Tá infheistíocht mhór á déanamh agus bearta tacaíochta á gcur i bhfeidhm acu cheana chun a n-acmhainneachtaí táirgeachta a nuáil agus a neartú, nó tá coinne leo déanamh amhlaidh go luath⁴¹. Tá cosúlachtaí ann go bhféadfaí cuideachtaí agus eagraíochtaí taighde agus teicneolaíochta de chuid an Aontais a mhealladh chun aistriú go réigiúin eile. Is lú seans go ndéanfaidh gníomhaithe idirnáisiúnta na saoráidí atá ann cheana a leathnú nó saoráidí táirgeachta nua a chur ar bun san Aontas gan lánsoiléireacht a bheith acu ar choinníollacha infheistíochta, ar dheiseanna maidir le tacaíocht phoiblí, ar infheistíochtaí poiblí i scileanna, ar bhonneagar, agus ar ard-soiléire T&F, etc.

Mar gheall ar an ngéarghá le gníomhú, ní dhearnadh aon mheasúnú tionchair agus níor beartaíodh aon chomhairliúchán poiblí ar líne. Déanfar an anailís agus an fhianaise thacaíochta uile a leagan amach i ndoiciméad inmheánach oibre a fhoilseofar laistigh de 3 mhí ar a dhéanaí ó fhoilsiú an togra.

Mar sin féin, léiríodh i gceardlanna *ad hoc* le geallsealbhóirí earnáil na tionsclaíochta, ceardlanna maidir le hábhair shonracha a bhaineann le colún 1, gur gá breathnú ar shaoráidí le haghaidh teicneolaíochtaí atá ar na bacáin, mar shampla an fhótónaic, an ríomhaireacht néaramorfach, agus teicneolaíochtaí candamacha, chomh maith le hábhair nua⁴². Ina theannta sin, cuireadh i dtábhacht sna ceardlanna sin, an gá atá le haird chuí a thabhairt ar ailtireachtaí tacair teoracha malartacha, mar shampla RISC-V (ríomhaire le tacar laghdaithe teoracha).

Ina theannta sin, i gcomhthéacs Chomhghnóthas ECSEL – réamhtheachtaí an Chomhghnóthais Eochairtheicneolaíochtaí Digiteacha – tionóladh cruinnithe le hionadaithe tionscail agus le húdaráis phoiblí i samhradh 2021, cruinnithe inar pléadh cuspóirí an Chompáis Dhigitigh, an straitéis maidir le tionsclaíocht a thabhairt cothrom le dáta, an Chomhghuaillíocht Thionsclaíoch agus an Ionstraim Eorpach um Shliseanna.

Tionóladh cruinnithe rialta leis na Ballstáit go míosúil in 2021 chun an dara IPCEI maidir le Micrileictreonaic a bhí beartaithe a ullmhú. Sholáthair na Ballstáit ionchuir chun Saoráidí Táirgeachta Comhtháite agus Teilgcheartaí oscailte AE a shainiú agus a mheasúnú i gcolún 2, agus chun saoráidí sonracha a shainiú faoi cholún 1.

⁴⁰ ‘Staid an Domhain’ Aitheasc speisialta ón Uachtarán von der Leyen ag an bhFóram Eacnamaíoch Domhanda. https://ec.europa.eu/commission/presscorner/detail/ga/speech_22_443

⁴¹ Mar shampla: na Stáit Aontaithe: <https://www.congress.gov/bill/117th-congress/senate-bill/1260?s=1&r=52> an tSín: <https://crsreports.congress.gov/product/pdf/R/R46767> an tSeapáin: <https://www.reuters.com/technology/japan-create-scheme-subsidise-domestic-chip-output-nikkei-2021-11-07/>

an Chóiré Theas: <https://spectrum.ieee.org/south-koreas-450billion-investment-latest-in-chip-making-push>
⁴² <https://ecscollaborationtool.eu/ecs-sria-workshops.html>

Tionóladh cruinniú leis na príomhoifigigh feidhmiúcháin a dhéanann ionadaíocht ar na geallsealbhóirí san earnáil Eorpach leathsheoltóirí an 10 Eanáir 2022. Ba iad seo a leanas na pointí is tábhachtaí ón gcruinniú sin: an gá atá ann cur le láidreachtaí na hEorpa, e.g. T&F agus déantúsaíocht trealaimh; tacaíocht shoiléir do línte píolóta agus do bhonneagair dearthóireachta; Tacaíocht do ghnólachtaí nuathionscanta agus do ghnólachtaí atá ag méadú; an gá atá ann cumas monaraíochta na hEorpa a mhéadú le haghaidh teicneolaíochtaí seanbhunaithe agus ardteicneolaíochtaí araon; agus an gá atá le cothrom na Féinne ar fud an domhain⁴³.

Bhí go leor cruinnithe ann freisin le hionadaithe na bpríomhoifigeach feidhmiúcháin maidir leis an ngá atá leis an earnáil Eorpach leathsheoltóirí a neartú, tar éis chruinnithe an Choimisinéara Breton le príomhoifigigh feidhmiúcháin na bpríomhghníomhaithe leathsheoltóra agus na n-eagraíochtaí taighde agus teicneolaíochta. Leis sin cuireadh ionchuir ar fáil go háirithe do cholún 1.

I mí na Samhna 2021, chuir an Fóram Eorpach um Chomhpháirteanna Leictreonacha agus Córais Leictreonacha (EFECS), fóram a raibh níos mó ná 500 rannpháirtí ann, ardán mór ar fáil chun plé a dhéanamh ar riachtanais thionsclaíocha. Cuireadh tuilleadh ionchuir ar fáil i gcruinnithe le comhlachais tionscail agus a gcomhaltaí, amhail SEMI, ESIA, agus an Eoraip Dhigiteach.

Ina theannta sin, bhíothas in ann roinnt mhaith faisnéise agus aiseolais a bhí ábhartha don togra a bhailiú a bhuí le teagmhálacha seanbhunaithe agus rialta le geallsealbhóirí tionscail, leis na Ballstáit, le comhlachais trádála agus le comhlachais úsáideoirí.

Foilsíodh an-chuid tuarascálacha ó bhí deireadh 2019 ann maidir leis an earnáil leathsheoltóirí, ar tuarascálacha iad ina ndéantar tuairisc ar threochtaí agus ina soláthraítear fíricí agus figiúirí, agus a chuir bonn eolais faoin togra⁴⁴.

- **Measúnú tionchair**

Níl measúnú tionchair foirmiúil ag gabháil leis an togra seo. I bhfianaise na práinne a míníodh thuas, ní fhéadfaí measúnú tionchair a chur i gcrích sa thréimhse ama a bhí ar fáil sula nglacfaí an togra. Déanfar an anailís agus an fhianaise thacaíochta uile a leagan amach i ndoiciméad inmheánach oibre a fhoilseofar laistigh de 3 mhí ar a dhéanaí ó fhoilsiú an togra.

- **Ceartha bunúsacha**

Déantar foráil in Airteagal 16 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh (‘an Chairt’) maidir leis an tsaoirse chun gnó a sheoladh. Na bearta faoi cholún 1 agus 2 den togra seo, cruthaítear leo acmhainneachtaí nuálaíochta agus cothaítear leo slándáil an tsoláthair

⁴³ <https://digital-strategy.ec.europa.eu/en/news/ceo-roundtable-semiconductors-10-january-2022>

⁴⁴ Liosta neamh-uileghabhálach: Measuring distortions in international markets: The semiconductor value chain OECD 2019; The Geopolitics of Semiconductors, a d’ullmhaigh grúpa EURASIA, mí Mheán Fómhair 2020; The global semiconductor value chain, Stiftung Neue Verantwortung, mí Dheireadh Fómhair 2020; The Weak Links in China’s Drive for Semiconductors, Montaigne institute, mí Eanáir 2021; Strengthening the Semiconductor supply chain in an uncertain Era, BCGxSIA, mí Aibreáin 2021; SIA Factbook, mí na Bealtaine 2021; Building Resilient Supply Chains, Revitalizing American Manufacturing, and Fostering Broad-Based Growth, A Report by the White House, mí an Mheithimh 2021; Mapping China’s semiconductor ecosystem in global context, Stiftung Neue Verantwortung, mí an Mheithimh 2021; Semiconductors Global Policy Review Access Partnership, mí Mheán Fómhair 2021; Leathsheoltóirí: U.S. Industry, Global Competition, and Federal Policy, Congressional Report Service, mí Dheireadh Fómhair 2021; Semiconductor Strategy for Germany and Europe, ZVEI, mí Dheireadh Fómhair 2021; Straitéis leathsheoltóra don Aontas Eorpach, Bundesagentur für Sprunginnovationen (SPRIN-D), 2021; Understanding the global chip shortage, Stiftung Neue Verantwortung, Samhain 2021.

leathsheoltóirí, rud a d'fhéadfadh treisiú a dhéanamh ar an tsaoirse chun gnó a sheoladh i gcomhréir le dlí an Aontais agus le dlíthe agus cleachtais náisiúnta. Mar sin féin, le roinnt beart faoi cholún 3 a bhfuil gá leo chun aghaidh a thabhairt ar bhristeacha tromchúiseacha i soláthar leathsheoltóirí san Aontas d'fhéadfaí teorannú sealadach a chur ar an tsaoirse chun gnó a sheoladh agus ar an tsaoirse conartha, a chosnaítear le hAirteagal 16 agus ar an gceart chun maoiné, atá faoi chosaint Airteagal 17 den Chairt. I gcomhréir le hAirteagal 52(1) den Chairt, déanfar forail sa dlí maidir le haon teorannú ar na cearta sin sa togra seo, déanfar inneachar sár-riachtanach na gceart agus na saoirsí sin a urramú, agus comhlíonfar prionsabal na comhréireachta leis.

An oibleagáid faisnéis shonrach a nochtadh don Choimisiún, ar choinníoll go gcomhlíontar coinníollacha áirithe, urramaítear léi bunbhri na saoirse chun gnó a sheoladh agus ní dhéanfar difear díréireach don tsaoirse chun gnó a sheoladh léi (Airteagal 16 den Chairt). Fónann aon iarraidh ar fhaisnéis don chuspóir de leas ginearálta an Aontais chun bheith in ann bearta maolaithe féideartha chun freagairt ar ghéarchéim ganntanais leathsheoltóirí a shainaithe. Is iomchuí agus éifeachtach na hiarrataí faisnéise sin chun an cuspóir a bhaint amach tríd an bhfaisnéis is gá a sholáthar chun measúnú a dhéanamh ar an ngéarchéim atá ann faoi láthair. I bprionsabal, ní iarrann an Coimisiún ar eagraíochtaí ionadaíocha ach an fhaisnéis is inmhianaithe a thabhairt agus ní fhéadfaidh sé iarrataí a eisiúint chuig gnóthais aonair ach amháin má tá gá leis sin sa bhreis ar an bhfaisnéis is inmhianaithe. Ós rud é nach bhfuil faisnéis faoi staid an tsoláthair ar fáil ar bhealach eile, níl aon bheart chomh héifeachtach céanna ann chun an fhaisnéis is gá a fháil le go mbeidh cinnteoirí Eorpacha in ann gníomhaíocht mhaolaithe a dhéanamh. I bhfianaise iarmhairtí tromchúiseacha eacnamaíocha agus sochaíocha ganntanas leathsheoltóirí agus tábhacht na ngníomhaíochtaí maolaithe dá réir, tá iarrataí ar fhaisnéis i gcomhréir leis an aidhm inmhianaithe. Ina theannta sin, fritháirítear an teorannú ar an tsaoirse chun gnó a sheoladh agus an ceart chun maoiné le coimircí iomchuí. Ní fhéadfar aon iarraidh ar fhaisnéis a sheoladh ach amháin i gcás géarchéime ina bhfuil an chéim ghéarchéime gníomhachtaithe ag an gCoimisiún trí ghníomh cur chun feidhme.

Leis an oibleagáid glacadh le horduithe a bhfuil rátáil tosaíochta ag baint leo agus tosaíocht a thabhairt dóibh, urramaítear bunbhri na saoirse chun gnó a sheoladh agus na saoirse conartha (Airteagal 16 den Chairt) agus an chirt chun maoiné (Airteagal 17 den Chairt) agus ní dhéanfaidh sí difear díréireach do na saoirsí agus don cheart sin. Fónann an oibleagáid sin don chuspóir de leas ginearálta an Aontais chun a áirithiú go leanfaidh na hearnálacha rithábhachtacha a bhfuil tionchar ag bristeacha soláthair orthu mar gheall ar ghanntanas leathsheoltóirí de bheith ag feidhmiú. Tá an oibleagáid iomchuí agus éifeachtach chun an cuspóir sin a bhaint amach trína áirithiú go n-úsáidtear na hacmhainní atá ar fáil go fabhrach le haghaidh táirgí a sholáthraítear do na hearnálacha sin. Níl aon bheart chomh héifeachtach céanna léi. Tá sé comhréireach i gcás géarchéime oibleagáid a chur ar shaoráidí monaraíochta leathsheoltóirí, ar saoráidí iad a mbeidh iarratas curtha isteach acu le go mbeidh siad aitheanta mar 'Shaoráidí Táirgeachta Comhtháite' agus 'Teilgcheartaí Oscailte AE', saoráidí monaraíochta leathsheoltóirí eile a ghlac leis an bhféidearthacht sin i gcomhthéacs tacaíocht phoiblí a fháil, nó gnóthais feadh an tslabhra soláthair leathsheoltóirí a bhí faoi réir ordaithe a bhfuil rátáil tosaíochta ag baint leis ó thríú tír sa mhéid a mbíonn tionchar mór aige sin ar shlándáil an tsoláthair in earnálacha rithábhachtacha, glacadh le horduithe áirithe agus tús áite a thabhairt dóibh. Le coimircí iomchuí áirithítear nach sárú ar na cearta sin atá i gceist le haon tionchar diúltach a bheadh ag oibleagáid maidir le tosaíocht ar an tsaoirse chun gnó a sheoladh, ar an tsaoirse conartha ná ar an gceart chun maoiné. Ní fhéadfar aon oibleagáid tús áite a thabhairt d'orduithe áirithe a sheoladh ach amháin i gcás géarchéime a bhfuil an chéim ghéarchéime gníomhachtaithe ag an gCoimisiún ina leith trí ghníomh cur chun feidhme. Féadfaidh an gnóthas lena mbaineann iarraidh ar an gCoimisiún athbhreithniú a dhéanamh ar

an ordú a bhfuil rátáil tosaíochta ag baint leis mura bhfuil sé in ann an t-ordú a dhéanamh nó más rud é gcuirfeadh ualach eacnamaíoch míréasúnta air dá ndéanfadh sé é agus dá mbeadh cruatan ar leith i gceist leis. Ina theannta sin, tá ábhar na hoibleagáide díolmhaithe ó aon dliteanas i leith damáistí as sárú oibleagáidí conarthacha a eascraíonn as comhlíonadh na hoibleagáide.

4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Bunaítear leis an togra an Tionscnamh Sliseanna don Eoraip, Tionscnamh nach mbeidh imchlúdach airgeadais ar leith aige ach a dtacófar le cistiú ón gclár Fís Eorpach agus ón gclár don Eoraip Dhigiteach, a bheidh le méadú faoin gCuspóir Sonrach 6 nua. Leasaítear Rialachán 2021/2085 lena mbunaítear na Comhghnóthais faoin gclár Fís Eorpach agus leathnaítear é chun gur féidir leis an gComhghnóthas Eochairtheicneolaíochtaí Digiteacha, a athainmníodh mar an Comhghnóthas um Shliseanna, an ranníocaíocht mhéadaithe ón gclár Fís Eorpach agus ranníocaíochtaí ón gClár don Eoraip Dhigiteach faoi Chuspóir Sonrach 6 a chur chun feidhme. Cuirtear iarmhairtí airgeadais an togra maidir le buiséad an Aontais i láthair sa ráiteas airgeadais a ghabhann leis an togra agus comhlíonfar iad ó na hacmhainní atá ar fáil sa Chreat Airgeadais Ilbhliantúil 2021-2027.

Le buiséad AE, cuirfear tacaíocht suas le huasmhéid EUR 3.3 billiún ar fáil don Tionscnamh Sliseanna don Eoraip, lena n-áirítear EUR 1.65 billiún tríd an gclár Fís Eorpach agus EUR 2.875 billiún tríd an gclár don Eoraip Dhigiteach. As an méid iomlán sin, cuirfear EUR 1.65 billiún chun feidhme tríd an gComhghnóthas um Shliseanna, EUR 125 mhilliún tríd an gclár InvestEU (méid atá le comhlánú le EUR 125 mhilliún breise faoi InvestEU féin) agus EUR 300 milliún tríd an gComhairle Nuálaíochta Eorpach. Tá an méid sin sa bhreis ar an mbuiséad atá tiomnaithe cheana féin do ghníomhaíochtaí sa mhicrileictreonaic faoin CAI sin chun teacht ar bheagnach 5 billiún.

Go háirithe, cuirfear méid suas le EUR 1.65 billiún chun feidhme faoin gclár Fís Eorpach i bhfabhar an Tionscnamh Sliseanna don Eoraip: EUR 900 milliún faoi Bhraisle 4, EUR 150 milliún ó Bhraisle 3, EUR 300 milliún ó Bhraisle 5 agus EUR 300 milliún faoin gComhairle Nuálaíochta Eorpach (CNE). Ina theannta sin, tá sé beartaithe ag an gCoimisiún buiséad an chlár Fís Eorpach a laghdú de mhéid EUR 400 milliún chun na méideanna atá ar fáil don Chlár don Eoraip Dhigiteach a mhéadú. Chun cúiteamh a dhéanamh maidir leis an laghdú EUR 400 milliún sin, tá sé beartaithe ag an gCoimisiún a chur ar fáil arís, chun tairbhe an chlár Fís Eorpach, méid breise EUR 400 milliún (i bpraghsanna reatha) de leithreasuithe faoi chomhair gealltanais thar na tréimhse 2023-2027, méid a eascraíonn as neamhchur chun feidhme iomlán tionscadal atá ina gcuid den chlár sin nó an clár a bhí ann roimhe, nó a neamhchur chun feidhme i bpáirt. Beidh an méid sin de bhreis ar an EUR 0.5 billiún (i bpraghsanna 2018) atá luaite cheana féin sa Dearbhú Comhpháirteach ó Pharlaimint na hEorpa, ón gComhairle agus ón gCoimisiún maidir le hathúsáid na gcistí saortha i ndáil leis an gclár taighde⁴⁵. Dá bhrí sin, iarrann an Coimisiún ar Pharlaimint na hEorpa agus ar an gComhairle an Dearbhú Comhpháirteach sin a fhorlíonadh le tagairt don mhéid breise atá le cur ar fáil arís.

Faoin gclár don Eoraip Dhigiteach, moltar Cuspóir Sonrach 6 nua chun críocha an Tionscnaimh Sliseanna don Eoraip. Le Cuspóir Sonrach 6, cumhdaítear comhpháirteanna a go dtí d d'Airteagal 5, agus tá sé le cur chun feidhme ag an gComhghnóthas um Shliseanna.

⁴⁵ IO L 444I, 22.12.2020, lgh. 3-3.

Leithdháilfear uasmhéid suas le EUR 1.65 billiún ar Chuspóir Sonrach 6 nua seo an chlár: Ath-leithdháilfear EUR 600 milliún ó chuspóirí an Chláir don Eoraip Dhigiteach atá ann faoi láthair, laghdú EUR 400 milliún ar an gclár Saoráid um Chónascadh na hEorpa (SCE), lena n-áirítear EUR 150 milliún ó SCE Digiteach agus EUR 250 milliún ó SCE-Iompar⁴⁶, laghdú EUR 400 milliún ar bhraisle 4 den chlár Fís Eorpach (mar a luaitear sa mhír thuas agus atá á chúiteamh trí shaoradh a athúsáid), agus EUR 250 milliún ó chorrach neamh-leithdháilte cheannteideal 1 chun an Tionscnamh a mhaoiniú faoin gclár don Eoraip Dhigiteach.

Tá sé beartaithe ag an gCoimisiún laghdúithe ar imchlúdaigh airgeadais na gclár Saoráid um Chónascadh na hEorpa agus an Fís Eorpach a láimhseáil laistigh den athrú 15 % mar a leagtar síos i bPointe 18 de Chomhaontú Idirinstitiúideach an 16 Nollaig 2020 idir Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún Eorpach maidir le smacht buiséadach, comhar i gcúrsaí buiséadacha agus bainistiú fóna an airgeadais, mar aon le hacmhainní dílse nua, lena n-áirítear treochlár maidir le hacmhainní dílse nua a thabhairt isteach⁴⁷. Iarrann an Coimisiún ar Pharlaimint na hEorpa agus ar an gComhairle tagairt a dhéanamh do na héagsúlachtaí sin, a bhfuil gá leo chun an Tionscnamh Sliseanna don Eoraip a chur chun feidhme go héifeachtúil, sa Dearbhú Comhpháirteach dá dtagraítear sa mhír roimhe seo.

Tá tuilleadh mionsonraí ar fáil sa Ráiteas Airgeadais Reachtach atá i gceangal leis an togra seo.

5. EILIMINTÍ EILE

• Pleananna cur chun feidhme, agus socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe

Déanfaidh an Coimisiún meastóireacht ar aschur, ar thorthaí agus ar thionchar an togra seo 3 bliana tar éis an dáta a dtiocfaidh sé i bhfeidhm agus gach 4 bliana ina dhiaidh sin. Cuirfear príomhthorthaí na meastóireachta i láthair i dtuarascáil chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle, meastóireacht a phoibleofar. Chun an mheastóireacht a dhéanamh, soláthróidh an Bord Eorpach um Leathsheoltóirí, na Ballstáit agus na húdaráis inniúla náisiúnta faisnéis don Choimisiún faoina iarraidh.

Míniúchán mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an togra

1.1. Caibidil I – Forálacha Ginearálta

I **gCaibidil I** leagtar amach ábhar an Rialacháin. Leagtar amach ann freisin na sainmhínithe a úsáidtear tríd an ionstraim. Leis an Rialachán bunaítear creat, arb é atá ann trí ‘cholún’, chun éiceachóras leathsheoltóirí na hEorpa a neartú. Go háirithe, bunaítear leis an Rialachán an Tionscnamh Sliseanna don Eoraip lena gcruthaítear na dálaí is gá chun acmhainneacht nuálaíochta thionscal an Aontais a neartú (colún 1), lena n-áirítear sainmhíniú agus critéir maidir le Saoraidí Táirgeachta Comhtháite ceannródaíocha agus Teilgcheartaí Oscailte AE (colún 2) agus sásra comhordúcháin le haghaidh faireacháin agus freagairt ar géarchéimeanna (colún 3).

1.2. Caibidil II – An Tionscnamh Sliseanna don Eoraip

⁴⁶ I gcomhréir leis an gconclúid thuas maidir le comhsheasmhacht na hIonstraime um Shliseanna don Eoraip le beartais eile de chuid an Aontais, go háirithe an Comhaontú Glas don Eoraip agus an pacáiste ‘Oiriúnach do 55’, níor cheart tionchar diúltach a bheith aige sin ar chuspóirí foriomlána iompair SCE ná ar chur chun feidhme bonneagair iompair inbhuanaithe.

⁴⁷ IO L 433I, 22.12.2020, lgh. 28-46.

I g**Caibidil II** bunaítear an Tionscnaimh Sliseanna don Eoraip lena dtreiseofar iomaíochas, athléimneacht agus acmhainneacht nuálaíochta an Aontais. Trí infheistíochtaí a dhéanamh sa Tionscnamh Sliseanna don Eoraip, ba cheart don Aontas a éifeachtacht a mhéadú maidir le teicneolaíochtaí leathsheoltóra den chaighdeán is airde a dhéanamh as a chuid forbairtí taighde agus teicneolaíochta, ar teicneolaíochtaí iad a bheidh dírithe ar an éileamh, a bheidh dírithe ar fheidhmeanna, a bheidh slán agus fuinneamhéifeachtúil. San am céanna, ba cheart don Aontas deis a thabhairt dá thionscal soláthair gearáil ar infheistíochtaí den sórt sin.

Chun na críche sin, áirítear sa Chaibidil sin forálacha agus cuspóirí ginearálta an Tionscnaimh Sliseanna don Eoraip. Is é is aidhm don Tionscnamh tacú le fothú acmhainneachta ar mórsála ar fud an Aontais i dteicneolaíochtaí leathsheoltóra atá ann cheana, atá úrscothach agus den chéad ghlúin eile. Tá cúig chomhchuid sa Tionscnamh: acmhainneachtaí dearthóireachta le haghaidh teicneolaíochtaí leathsheoltóra comhtháite, línte píolótacha chun táirgeadh nuálach a ullmhú, agus saoráidí tástála agus turgnamhaíochta, ardacmhainneachtaí teicneolaíochta agus innealtóireachta chun dlús a chur le forbairt sliseanna candamacha, le líonra Lárionad Inniúlachta agus le forbairt scileanna agus gníomhaíochtaí an ‘Chiste um Shliseanna’ le haghaidh rochtain ar chaipiteal ag gnólachtaí nuathionscanta, ag gnólachtaí atá ag méadú agus ag FBManna.

Tacófar leis an Tionscnamh le cistiú ón gclár Fís Eorpach agus ón gClár don Eoraip Dhigiteach, agus go háirithe ó Chuspóir Sonrach 6 nua de, agus cuirfear chun feidhme é i gcomhréir leis na Rialacháin lena mbunaítear na cláir sin.

Déantar foráil sa Rialachán maidir le creat nós imeachta chun cistiú comhcheangailte ó na Ballstáit, ó infheistíocht atá gan dochar do na rialacha maidir leis an Státchabhair, ó bhuiséad an Aontais agus ó infheistíocht phríobháideach a éascú. Is éard a bheidh sa chreat sin ionstraim nua a mbeidh pearsantacht dhlítheanach aici, an Cuibhreannas Eorpach um Bonneagar Sliseanna (‘ECIC’), ar féidir le heintitis dhlíthiúla í a úsáid chun struchtúr a chur ar a gcuid oibre comhoibríche laistigh de chuibhreannas, ar bhonn deonach. Ina theannta sin, le Roinn 1 bunaítear sásra chun líonra lárionad inniúlachta Eorpach a bhunú chun gníomhaíochtaí maidir le líonra lárionaid inniúlachta agus scileanna faoin Tionscnamh Sliseanna don Eoraip a chur chun feidhme.

Tá forálacha maidir leis an gcur chun feidhme sa Chaibidil freisin. Cuirfear chur chun feidhme príomha an Tionscnaimh faoi chúram an Chomhghnóthais um Shliseanna mar a mholtar sa Togra ón gCoimisiún le haghaidh Rialachán ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/2085. Tá tuairisc theicniúil ar na gníomhaíochtaí in Iarscríbhinn I. Áirítear in Iarscríbhinn II táscairí intomhaiste chun faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme an Tionscnaimh agus chun tuairisc a thabhairt ar dhul chun cinn i dtreo bhaint amach a chuspóirí. Cuirtear ar chumas an Choimisiúin gníomhartha tarmligthe a ghlacadh chun liosta na dtáscairí intomhaiste a leasú. Cuireann an Tionscnamh leis na láidreachtaí atá ag an Eoraip cheana sa slabhra luacha leathsheoltóir domhanda agus feabhsaítear sineirgí le gníomhaíochtaí a dtacaíonn an tAontas agus na Ballstáit leo faoi láthair. Dá bhrí sin, chun a thionchair dhearfacha a uasmhéadú, leis an Tionscnamh ba cheart sineirgí leis na cláir de chuid an Aontais a bhfuil tuairisc orthu in Iarscríbhinn III a chumasú.

1.3. Caibidil III – Slándáil an tSoláthair

I g**Caibidil III** leagtar amach an creat le haghaidh Saoráidí Táirgeachta Comhtháite agus Teilgcheartaí Oscailte AE. Is éard is Saoráidí Táirgeachta Comhtháite agus Teilgcheartaí Oscailte AE ann saoráidí monaraíochta lena soláthraítear cumais monaraíochta leathsheoltóirí ar fáil atá ‘ceannródaíoch’ san Aontas agus a chuireann le slándáil an tsoláthair agus le

héiceachóras athléimneach sa mhargadh inmheánach. Go háirithe, chun cáiliú mar Shaoráidí Táirgeachta Comhtháite agus Teilgcheartaí Oscailte AE, ba cheart tionchar dearfach soiléir a bheith ag an tsaoráid ar an slabhra luacha leathsheoltóirí san Aontas.

Cé gur saoráidí táirgeachta atá comhtháite go hingearach iad Saoráidí Táirgeachta Comhtháite, tugann Teilgcheartaí Oscailte AE méid suntasach dá n-acmhainneacht táirgeachta do ghníomhaithe tionsclaíocha eile, amhail cuideachtaí leathsheoltóra *'fabless'* (i.e. cuideachtaí a dhearann sliseanna ach nach ndéanann sliseanna a mhonarú). Trí infheistíocht a dhéanamh sna saoráidí sin, éascaítear forbairt monaraithe leathsheoltóirí san Aontas. Dá bhrí sin, nuair a aithneoidh an Coimisiún na saoráidí sin mar Shaoráid Táirgeachta Chomhtháite nó mar Theilgcheartaí Oscailte AE measfar gur rannchuidiú iad le slándáil soláthair na leathsheoltóirí san Aontas agus gur chun an leasa phoiblí iad dá bhrí sin. Chun slándáil an tsoláthair a bhaint amach, féadfaidh na Ballstáit, gan dochar do na rialacha maidir le Státchabhair, scéimeanna tacaíochta a chur i bhfeidhm agus déanfaidh siad foráil maidir le tacaíocht riaracháin, lena n-áirítear rianú tapa ar nósanna imeachta maidir le hiarratais riaracháin a bhaineann lena bpleanáil, lena dtógáil agus lena n-oibriú. Aithneoidh an Coimisiún saoráid mar Shaoráid Táirgeachta Chomhtháite nó mar Theilgcheartaí Oscailte AE má chomhlíonann sí na critéir a leagtar amach sa Chaibidil seo. Féadfaidh an Coimisiún a chinneadh a aisghairm i gcás ina bhfuil an t-aitheantas bunaithe ar fhaisnéis mhícheart nó mura gcomhlíonann an tsaoráid na critéir a thuilleadh.

1.4. Chapter IV – Faireachán agus Freagairt ar Ghéarchéimeanna

I **gCaibidil IV** tá sásra chun faireachán comhordaithe a dhéanamh ar slabhra luacha na leathsheoltóirí agus chun freagairt ar bhristeacha i soláthar leathsheoltóirí a mbíonn tionchar acu ar fheidhmiú cuí an mhargaidh inmheánaigh.

Leagtar amach i **Roinn 1** (Faireachán) córas faireacháin agus foláirimh maidir le slabhra luacha na leathsheoltóirí. Tá an córas bunaithe ar ghníomhaíochtaí faireacháin rialta na mBallstát lena gcuimsítear, go háirithe, breathnadóireacht ar tháscairí luathrabhaidh agus infhaighteacht agus sláine na seirbhísí agus na n-earraí a sholáthraíonn na príomhghníomhaithe margaidh. Is é an Coimisiún a chuireann bonn ar fáil maidir leis na gníomhaíochtaí faireacháin trí bhíthin measúnú riosca de chuid an Aontais ina sainaitheann sé na táscairí luathrabhaidh. Chun rannpháirtíocht tionscail a áirithiú, iarrfaidh na Ballstáit ar na geallsealbhóirí ábhartha agus ar chomhlachais tionscail eolas a thabhairt faoi luaineachtaí suntasacha san éileamh agus i mbriseadh ina slabhra soláthair. Ba cheart do na Ballstáit nuashonruithe rialta a sholáthar agus a dtorthaí a mhalartú sa Bhord Eorpach um Leathsheoltóirí. Má thagann na Ballstáit ar an eolas faoi ghéarchéim leathsheoltóra fhéideartha nó faoi fhachtóir riosca ábhartha a bheith ann faoi chuimsiú a ngníomhaíochtaí faireacháin nó trí nuashonrú ó gheallsealbhóirí, tabharfaidh siad foláireamh don Choimisiún. Ar an bhfoláireamh sin a bheith tugtha, nó ar fholáireamh trí fhoinsí eile, lena n-áirítear faisnéis ó chomhpháirtithe idirnáisiúnta, tionólfaidh an Coimisiún cruinniú urghnách den Bhord Eorpach um Leathsheoltóirí. Sa chruinniú déanfar measúnú ar an ngá atá leis an gcéim ghéarchéime a ghníomhachtú agus an gá atá le soláthar comhordaithe féideartha a phlé sula mbeidh ganntanas ann. Sa bheis air sin, rachaidh an Coimisiún i gcomhairle nó i gcomhar le tríú tíortha ábhartha, thar ceann an Aontais, d'fhonn réitigh chomhoibríocha a aimsiú chun aghaidh a thabhairt ar bhristeacha sa slabhra soláthair.

Déantar foráil i **Roinn 2** (Céim na Géarchéime) maidir leis na rialacha chun an chéim ghéarchéime leathsheoltóra a ghníomhachtú agus sonraítear inti na bearta éigeandála is féidir a úsáid chun dul i ngleic leis an ghéarchéim.

Cuirtear ar chumas an Choimisiúin an chéim ghéarchéime a ghníomhachtú trí bhíthin gníomh cur chun feidhme nuair atá fianaise nithiúil, thromchúiseach agus iontaofa de ghéarchéim

leathsheoltóra ann. Tarlaíonn géarchéim leathsheoltóra den sórt sin nuair a bhíonn briseadh tromchúiseach i soláthar leathsheoltóirí as a dtagann ganntanais shuntasacha, lena mbaineann éifeachtaí diúltacha suntasacha ar earnáil rithábhachtach amháin nó níos mó san Aontas, nó a choisceann soláthar, deisiú agus coinneáil ar bun táirgí riachtanacha a úsáidtear in earnálacha rithábhachtacha. Sonrófar sa ghníomh cur chun feidhme fad na céime géarchéime nó síneadh na céime sin. Roimh dhul in éag na géarchéime, déanfaidh an Coimisiún a mheasúnú, agus an tuairim ón mBord Eorpach um leathsheoltóirí á cur san áireamh aige, ar cheart tréimhse na géarchéime a fhadú. Le linn na céime géarchéime, tionólfaidh an Bord Eorpach um Leathsheoltóirí cruinnithe urghnácha ionas go mbeidh na Ballstáit in ann oibriú go dlúth leis an gCoimisiún agus comhordú a dhéanamh ar aon bheart náisiúnta a dhéanfar maidir leis an slabhra soláthair leathsheoltóirí.

Nuair a gníomhachtaítear an chéim ghéarchéime, féadfaidh an Coimisiún bearta éigeandála áirithe a leagtar amach sa Rialachán seo a dhéanamh. Féadfaidh an Coimisiún a iarraidh ar eagraíochtaí ionadaíocha gnóthas, nó más gá, ar ghnóthais aonair a oibríonn feadh an tslabhra soláthair leathsheoltóirí, an fhaisnéis is gá chun an ghéarchéim leathsheoltóra a mheasúnú agus chun bearta maolaithe féideartha a shainaithint. Tá sé d'oibleagáid ar na heintitis sin an fhaisnéis a iarrtar a sholáthar don Choimisiún. Is féidir a bheith san fhaisnéis a iarrfar faisnéis maidir lena gcumais táirgeachta, a n-acmhainneachtaí táirgeachta, príomhbhristeacha atá ann faoi láthair nó aon sonraí eile atá ann cheana atá riachtanach chun cineál na géarchéime leathsheoltóra a mheasúnú nó chun bearta maolaithe nó éigeandála féideartha a shainaithint agus a mheasúnú ar an leibhéal náisiúnta nó ar leibhéal an Aontais. I gcás inarb iomchuí, féadfaidh an Coimisiún a chur d'oibleagáid ar Shaoráidí Táirgthe Comhtháite, ar Theilgcheartaí Oscailte AE, ar na saoráidí monaraíochta leathsheoltóirí a ghlac leis an bhféidearthacht sin roimhe seo i gcomhthéacs tacaíochta poiblí a fháil, nó ar ghnóthais feadh an tslabhra soláthair leathsheoltóirí a cuireadh faoi réir iarratais ar ordú a bhfuil rátáil tosaíochta ag baint leis ó thríú tír, a mhéid a n-imríonn sin tionchar mór ar oibriú earnálacha rithábhachta, glacadh le táirgeadh táirgí atá ábhartha i gcás géarchéime le haghaidh earnálacha rithábhachtacha agus tús áite a thabhairt dóibh. Sa bhreis air sin nó de rogha air sin, arna iarraidh sin do dhá Bhallstát nó níos mó, féadfaidh an Coimisiún, thar a gceann, gníomhú mar chomhlacht lárnach ceannaigh chun táirgí atá ábhartha i gcás géarchéime a sholáthar do na hearnálacha rithábhachta. Déanfaidh an Coimisiún, i gcomhairle leis an mBord Eorpach um Leathsheoltóirí, fiontas, riachtanas agus comhréireacht an iarratais a mheasúnú. Chun na hearnálacha rithábhachta a shainiú, sa Rialachán seo tagraítear do na hearnálacha a liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann leis an togra ón gCoimisiún le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le hathléimneacht eintiteas rithábhachtach⁴⁸, agus sa bhreis air sin d'earnáil na cosanta agus do ghníomhaíochtaí eile is ábhartha don tsábháilteacht phoiblí agus don tslándáil phoiblí, agus foráiltear leis go bhféadfaidh an Coimisiún na bearta éigeandála sin a theorannú d'earnálacha áirithe laistigh den liosta sin.

1.5. Caibidil V – Rialachas

I **gCaipiteal V** cuirtear córais rialachais ar bun ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta. Ar leibhéal an Aontais, leis an togra bunaítear Bord Eorpach um Leathsheoltóirí, ar a mbeidh ionadaithe ó na Ballstáit agus a mbeidh an Coimisiún ina chathaoirleach air. Déanfaidh an Bord Eorpach um Leathsheoltóirí comhairle a sholáthar faoin Tionscnamh do Bhord Údarás Poiblí an Chomhghnóthais um Shliseanna (colún 1); comhairle agus cúnamh a sholáthar don Choimisiún chun faisnéis a mhalartú maidir le feidhmiú Saoráidí Táirgthe Comhtháite agus Teilgcheartaí Oscailte AE (colún 2); sainaithint earnálacha agus

⁴⁸ COM(2020) 829. 16.12.2020.

teicneolaíochtaí ríthábhacha sonracha a phlé agus a ullmhú, aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna faireacháin agus freagartha ar ghéarchéimeanna (colún 3), agus tacaíocht a sholáthar chun an Rialachán atá beartaithe a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach agus comhar i measc na mBallstát a éascú. Tacóidh an Bord Eorpach um Leathsheoltóirí leis an gCoimisiún i gcomhar idirnáisiúnta. Déanfaidh sé freisin comhordú agus malartú faisnéise leis na struchtúir ábhartha ghéarchéime arna mbunú faoi dhlí an Aontais. Tiocfaidh an Bord Eorpach um Leathsheoltóirí le chéile i gcomhdhéanaimh éagsúla agus tionólfaidh sé cruinnithe ar leith le haghaidh a chúraimí faoi cholún 1 agus dá le haghaidh a chúraimí faoi cholúin 2 agus 3. Féadfaidh an Coimisiún foghrúpaí buana nó sealadacha den Bhord Eorpach um Leathsheoltóirí a bhunú agus cuireadh a thabhairt d'eagraíochtaí a dhéanann ionadaíocht ar leasanna thionscal na leathsheoltóirí agus geallsealbhóirí eile chuig na foghrúpaí sin mar bhreathnóirí.

Ar an leibhéal náisiúnta, ainmneoidh na Ballstáit údarás inniúil náisiúnta amháin nó níos mó agus, ina measc siúd, pointe teagmhála aonair náisiúnta chun an Rialachán a chur chun feidhme.

1.6. Caibidil VI, VII, VIII – Forálacha Críochnaitheacha

I **gCaibidil VI**, leagtar béim ar an oibleagáid atá ar gach páirtí rúndacht faisnéise íogaire gnó agus rún trádála a urramú. Tá feidhm ag an oibleagáid maidir leis an gCoimisiún, le húdaráis inniúla náisiúnta agus le húdaráis eile na mBallstát, chomh maith le gach ionadaí agus saineolaí a fhreastalaíonn ar chruinnithe de chuid an Bhoird Eorpaigh um Leathsheoltóirí agus an Choiste. Bunaítear sa Chaibidil freisin rialacha maidir le pionóis agus fineálacha éifeachtacha, comhréireacha agus athchomhairleacha i leith neamhchomhlíonadh na n-oibleagáidí faoin Rialachán seo, faoi réir coimircí iomchuí. Féadfaidh an Coimisiún íocaíochtaí pionósacha tréimhsiúla a fhorchur i gcás mhainneachtain na ngnóthas ábhartha glacadh le horduithe áirithe i ngéarchéim leathsheoltóra agus tús áite a thabhairt dóibh. Ina theannta sin, féadfaidh an Coimisiún fineálacha a ghearradh ar ghnóthas a sholáthraíonn faisnéis mhícheart, neamhiomlán nó mhíthreorach, nó nach soláthraíonn an fhaisnéis laistigh den teorainn ama atá leagtha síos.

I **gCaibidil VII** leagtar amach na rialacha agus na coinníollacha maidir le feidhmiú cumhachtaí tarmligthe agus cumhachtaí cur chun feidhme Leis an togra tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh, i gcás inarb iomchuí, chun sonraíocht nós imeachta a chumasú agus chun cur i bhfeidhm aonfhoirmeach an Rialacháin agus na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú chun Iarscríbhinn I (na gníomhaíochtaí a leagtar amach inti ar bhealach atá comhsheasmhach le cuspóirí an Tionscnaimh) agus Iarscríbhinn II (na táscairí intomhaiste agus na forálacha maidir le creat faireacháin agus meastóireachta a bhunú chun an Rialachán seo a fhorlíonadh) a leasú.

I **gCaibidil VIII** tá leasuithe ar ghníomhartha eile, lena n-áirítear an clár don Eoraip Dhigiteach, agus oibleagáid ar an gCoimisiún tuarascálacha rialta a ullmhú le haghaidh na meastóireachta agus an athbhreithnithe ar an Rialachán chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle.

Togra le haghaidh

RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

lena mbunaítear creat beart chun éiceachóras leathsheoltóirí na hEorpa a neartú (an Ionstraim Eorpach um Shliseanna)

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe **Airteagal** 173(3), **Airteagal** 182(1), **Airteagal** 183 agus **Airteagal** 114 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa⁴⁹,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste na Réigiún⁵⁰,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Tá leathsheoltóirí i gcroílár aon ghairis dhigitigh: ó fhóin chliste agus gluaisteáin, trí fheidhmchláir agus bonneagair chriticiúla i réimse na sláinte, an fhuinnimh, na cumarsáide agus an uathobrithe go dtí an chuid is mó d'earnálacha eile na tionsclaíochta. Cé go bhfuil leathsheoltóirí fíor-riachtanach d'fheidhmiú an gheilleagair nua-aimseartha agus na sochaí nua-aimseartha, tá bristeacha gan fasach sa soláthar tar éis tarlú san Aontas. Comhartha go bhfuil easnaimh bhuana agus thromchúiseacha struchtúracha ar shlabhra luacha agus soláthair leathsheoltóirí an Aontais atá sa ghanntanas atá ann faoi láthair sa soláthar. Nochtaigh na bristeacha leochaileachtaí fadtréimhseacha i ndáil leis sin, go háirithe spleáchas láidir tríú tír ar mhonaraíocht agus dearadh sliseanna.
- (2) Ba cheart creat a bhunú chun athléimneacht an Aontais i réimse na dteicneolaíochtaí leathsheoltóra a mhéadú, infheistíocht a spreagadh, cumais shlabhra soláthair leathsheoltóirí an Aontais a neartú, agus comhar a mhéadú i measc na mBallstát agus an Choimisiúin.
- (3) Tá dhá chuspóir leis an gcreat sin. Is é an chéad chuspóir na dálaí a áirithiú is gá le haghaidh iomaíochas agus acmhainneacht nuálaíochta an Aontais agus oiriúnú an tionscail d'athruithe struchtúracha i ngeall ar thimthrialta nuálaíochta tapa agus an gá le hinbhuanaitheacht a áirithiú. Is é an dara cuspóir, ar leithligh ón gcéad cheann agus go comhlántach leis, feidhmiú an mhargaidh inmheánaigh a fheabhsú trí chreat

⁴⁹ IO C , , lch. .

⁵⁰ IO C , , lch. .

dlíthiúil aonfhoirmeach de chuid an Aontais a leagan síos chun athléimneacht agus slándáil soláthair an Aontais a mhéadú i réimse na dteicneolaíochtaí leathsheoltóra.

- (4) Is gá bearta a dhéanamh chun acmhainneacht a fhorbairt agus earnáil leathsheoltóirí an Aontais a neartú i gcomhréir le hAirteagal 173(3) den Chonradh. Ní bhaineann comhchuibhiú na ndlíthe náisiúnta ná na rialachán náisiúnta leis na bearta sin. I ndáil leis an méid sin, ba cheart don Aontas iomaíochas agus athléimneacht an bhoinn theicneolaíoch agus thionsclaíoch leathsheoltóra a threisiú, agus an tráth céanna acmhainneacht nuálaíochta a earnála leathsheoltóirí a neartú, an spleáchas ar líon teoranta cuideachtaí agus limistéir gheografacha tríú tír a laghdú, agus a acmhainneacht comhpháirteanna ardforbartha a dhearadh agus a tháirgeadh a neartú. Ba cheart an Tionscnamh Sliseanna don Eoraip (an ‘Tionscnamh’) a bheith ina thacú leis na haidhmeanna sin tríd an mbearna a dhúnadh idir ardchumais taighde agus nuálaíochta na hEorpa agus saothrú tionsclaíoch inbhuanaithe na gcumas sin. Ba cheart dó fothú acmhainneachta a chur chun cinn chun dearadh, táirgeadh agus comhtháthú córas a éascú i dteicneolaíochtaí leathsheoltóra den chéad ghlúin eile agus chun feabhas a chur ar an gcomhar i measc príomhghníomhaithe ar fud an Aontais, rud a neartódh slabhraí soláthair agus luacha leathsheoltóirí na hEorpa, a fhreastalódh ar phríomhearnálacha tionsclaíocha agus a chruthódh margaí nua.
- (5) Tá úsáid leathsheoltóirí rithabhachtach do roinnt earnálacha eacnamaíocha agus feidhmeanna sochaíocha san Aontas agus, dá bhrí sin, tá soláthar athléimneach fíorriachtanach d’fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh. Mar gheall ar chúrsaíocht leathan táirgí leathsheoltóra thar teorainneacha, is fearr aghaidh a thabhairt ar athléimneacht agus slándáil an tsoláthair leathsheoltóirí trí reachtaíocht chomhchuibhithe de chuid an Aontais bunaithe ar Airteagal 114 den Chonradh. D’fhonn bearta comhordaithe a bheith ann chun athléimneacht a fhorbairt, tá gá le rialacha comhchuibhithe chun cur chun feidhme tionscadal sonrach a éascú, ar tionscadail iad a chuireann le slándáil soláthair leathsheoltóirí san Aontas. Ba cheart an sásra um fhaireachán agus freagairt ar ghéarchéimeanna atá beartaithe a bheith aonfhoirmeach chun cur chuige comhordaithe a chumasú maidir le hullmhacht an tslabhra luacha trasteorann leathsheoltóirí i gcomhair géarchéimeanna.
- (6) Tacófar le baint amach na gcuspóirí sin le sásra rialachais. Ar leibhéal an Aontais, bunaítear leis an Rialachán seo an Bord Eorpach um Leathsheoltóirí, ar a mbeidh ionadaithe ó na Ballstáit agus a mbeidh an Coimisiún ina chathaoirleach air. Cuirfidh an Bord Eorpach um Leathsheoltóirí comhairle agus cúnamh ar fáil don Choimisiún maidir le ceisteanna sonracha, lena n-áirítear cur i bhfeidhm comhsheasmhach an Rialacháin seo, rud a d’éascódh comhar idir na Ballstáit agus malartú faisnéise maidir le saincheisteanna a bhaineann leis an Rialachán seo. Ba cheart don Bhord Eorpach um Leathsheoltóirí cruinnithe ar leithligh a réachtáil dá chúraimí faoi na caibidlí éagsúla den Rialachán seo. Féadfar comhdhéanamh éagsúil de na hionadaithe ardleibhéil a bheith ag na cruinnithe éagsúla agus féadfaidh an Coimisiún foghrúpaí a bhunú.
- (7) I bhfianaise chineál domhandaithe an tslabhra soláthair leathsheoltóirí, is gné thábhachtach é an comhar idirnáisiúnta le tríú tíortha chun athléimneacht in éiceachóras leathsheoltóirí an Aontais a bhaint amach. Ba cheart go gcuirfeadh na gníomhaíochtaí arna ndéanamh faoin Rialachán seo ar chumas an Aontais ról níos láidre a bheith aige freisin, mar ionad barr feabhais, in éiceachóras domhanda idirspeách leathsheoltóirí a fheidhmíonn níos fearr. Ba cheart don Choimisiún, le cúnamh ón mBord Eorpach um Leathsheoltóirí, oibriú i gcomhar le tríú tíortha agus

comhpháirtíochtaí a thógáil leo d'fhonn réitigh a lorg chun aghaidh a thabhairt, a mhéid is féidir, ar bhristeacha sa slabhra soláthair leathsheoltóirí.

- (8) Príomhthréith san earnáil leathsheoltóirí is ea costais forbartha agus nuálaíochta atá an-ard agus costais atá an-ard chun saoráidí tástála agus turgnamhaíochta úrscothacha a thógáil chun tacú leis an táirgeacht thionsclaíoch. Tá tionchar díreach aige sin ar iomaíochas agus ar acmhainneacht nuálaíochta thionscal an Aontais, agus ar shlándáil agus athléimneacht an tsoláthair chom maith. I bhfianaise na gceachtanna a foghlaimíodh ó na ganntanais a bhí ann le déanaí san Aontas agus ar fud an domhain agus i bhfianaise éabhlóid ghasta na ndúshlán teicneolaíochta agus na dtimthriallta nuálaíochta a dhéanann difear don slabhra luacha leathsheoltóirí, is gá acmhainneacht iomaíochais, athléimneachta agus nuálaíochta an Aontais a neartú trí bhíthin bhunú an Tionscnaimh.
- (9) Is iad na Ballstáit go príomha atá freagrach as bonn láidir tionsclaíoch, iomaíoch, inbhuanaithe agus nuálach a chothú san Aontas. Mar sin féin, mar gheall ar chineál agus scála dhúshlán na nuálaíochta san earnáil leathsheoltóirí, ní mór gníomhaíocht a dhéanamh i gcomhar ar leibhéal an Aontais.
- (10) Tá sé mar chuspóir ag an gClár Réime Fís Eorpach a bhunaítear le Rialachán (AE) 2021/695 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁵¹ (Fís Eorpach) – an Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht – an Limistéar Eorpach Taighde (LET) a neartú, agus é a spreagadh le bheith níos iomaíche, lena n-áirítear a bheith níos iomaíche ina earnáil tionsclaíochta, agus gach gníomhaíocht taighde agus nuálaíochta (T&N) á cur chun cinn chun tosaíochtaí agus gealltanais straitéiseacha an Aontais a bhaint amach, arb é is aidhm dóibh ar deireadh an tsíocháin, luachanna an Aontais agus dea-bhail a phobal a chur chun cinn. Mar phríomhthosaíocht de chuid an Aontais, níor cheart na hacmhainní airgeadais iomlána a leithdháiltear ar an gclár a laghdú agus ba cheart an laghdú ar acmhainní airgeadais an chláir, arb é is aidhm dó imchlúdach airgeadais an chláir don Eoraip Dhigiteach a threisiú chun rannchuidiú leis an tionscnamh Sliseanna don Eoraip, a chúiteamh ó fhoinsé eile. Mar iarmhairt air sin, gan dochar do shainphribhléidí institiúideacha Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle, ba cheart méid leithreasuithe faoi chomhair gealltanais atá coibhéiseach leis an laghdú a chur ar fáil d'Fhís Eorpach i gcaitheamh na tréimhse 2023-2027, ar méid é a d'eascródh as neamhchur chun feidhme iomlán nó páirteach tionscadal ar leis an gclár sin iad nó leis an gclár a tháinig roimhe, dá bhforáiltear in Airteagal 15(3) de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁵² (an Rialachán Airgeadais). Beidh an méid sin de bhreis ar an EUR 0.5 billiún (i bpraghsanna 2018) atá luaite cheana féin sa Dearbhú Comhpháirteach ó Pharlaimint na hEorpa, ón gComhairle agus ón gCoimisiún maidir le hathúsáid na gcistí saortha i ndáil leis an gclár taighde.

⁵¹ Rialachán (AE) 2021/695 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Aibreán 2021 lena mbunaítear Fís Eorpach – an Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht, lena leagtar síos na rialacha maidir le rannpháirtíocht agus scaipeadh agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1290/2013 agus (AE) Uimh. 1291/2013. (IO L 170, 12.5.2021, lch. 1).

⁵² Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 (IO L 193, 30.7.2018, lch. 1).

- (11) Chun an taighde teicneolaíochta leathsheoltóra agus na hacmhainneachtaí nuálaíochta a thabhairt don Aontas a bhfuil gá leo chun a chuid infheistíochtaí taighde agus tionsclaíochta a choinneáil ar imeall tosaigh, agus chun an bhearna atá ann faoi láthair idir taighde agus forbairt agus monaraíocht a líonadh, ba cheart don Aontas agus do na Ballstáit a gcuid iarrachtaí a chomhordú ar bhealach níos fearr agus ba cheart dóibh comh-infheistiú. Chun an méid sin a bhaint amach, ba cheart don Aontas agus do na Ballstáit spriocanna an aistrithe ghlais agus dhigitigh araon a chur san áireamh. Trí chomhpháirteanna agus gníomhaíochtaí uile an Tionscnaimh, ba cheart, a mhéid is féidir, na tairbhí a bhaineann le cur i bhfeidhm na dteicneolaíochtaí leathsheoltóra a phríomhshruthú agus a uasmhéadú mar chumasóirí cumhachtacha don aistriú inbhuanaitheachta a bhféadfadh táirgí nua agus úsáid acmhainní atá níos éifeachtúla, níos éifeachtaí, níos glaine agus níos marthanaí a bheith mar thoradh orthu, lena n-áirítear fuinneamh agus ábhair atá riachtanach do tháirgeacht agus d'úsáid shaolré iomlán na leathsheoltóirí.
- (12) Chun a chuspóir ginearálta a bhaint amach, agus chun aghaidh a thabhairt ar dhúshlán soláthair agus éilimh an éiceachórais leathsheoltóirí atá ann faoi láthair, ba cheart cúig phríomh-chomhpháirt a chuimsiú sa Tionscnamh. Ar an gcéad dul síos, chun acmhainneacht dearthóireachta na hEorpa a threisiú, ba cheart don Tionscnamh tacú le gníomhaíochtaí chun ardán fíorúil a fhorbairt a bheadh ar fáil ar fud an Aontais. Ba cheart don ardán pobail na gcomhlachtaí dearthóireachta, FBManna agus na ngnólachtaí nuathionscanta agus na soláthróirí maoine intleachtúla agus uirlisí a nascadh le heagraíochtaí taighde agus teicneolaíochta chun réitigh fréamhshamhla fíorúla a sholáthar bunaithe ar chomhfhorbairt na teicneolaíochta. Ar an dara dul síos, chun slándáil agus athléimneacht an tsoláthair a neartú agus spleáchas an Aontais ar tháirgeacht tríú tír a laghdú, ba cheart don Tionscnamh tacú le forbairt línte píolótacha agus le rochtain orthu. Ba cheart do na línte píolótacha saoráid a sholáthar don tionscal chun teicneolaíochtaí leathsheoltóra agus coincheapa deartha córais a thástáil agus a bhailíochtú agus chun turgnamh a dhéanamh orthu ar leibhéil ullmhachta teicneolaíochta atá níos airde ná leibhéal 3 ach faoi bhun leibhéal 8 agus na tionchair ar an gcomhshaol a laghdú a mhéid is féidir an tráth céanna. Tá gá le hinfeistíochtaí Aontais chomh maith le hinfeistíocht na mBallstát agus na hearnála príobháidí i línte píolótacha chun aghaidh a thabhairt ar an dúshlán struchtúrach agus ar an gcliseadh margaidh atá ann faoi láthair i gcás nach bhfuil saoráidí den sórt sin ar fáil san Aontas, rud a chuireann bac ar acmhainn nuálaíochta agus ar iomaíochas domhanda an Aontais. Ar an tríú dul síos, d'fhonn infheistíochtaí i dteicneolaíochtaí malartacha a chumasú, amhail teicneolaíochtaí candamacha, lena gcuidítear le forbairt na hearnála leathsheoltóirí, ba cheart don Tionscnamh tacú le gníomhaíochtaí lena n-áirítear gníomhaíochtaí a bhaineann le leabharlanna dearthóireachta le haghaidh sliseanna candamacha, le línte píolótacha chun sliseanna candamacha a dhéanamh agus le saoráidí tástála agus turgnamhaíochta le haghaidh comhpháirteanna candamacha. Ar an gceathrú dul síos, d'fhonn úsáid na dteicneolaíochtaí leathsheoltóra a chur chun cinn, chun rochtain a sholáthar ar shaoráidí dearthóireachta agus línte píolótacha, agus chun aghaidh a thabhairt ar bhearnaí scileanna ar fud an Aontais, ba cheart don Tionscnamh tacú le bunú na lárionad inniúlachta do leathsheoltóirí i ngach Ballstát. Ba cheart rochtain ar bhonneagar a mhaoineítear go poiblí, amhail saoráidí píolótacha agus tástála, agus ar an líonra inniúlachta, a bheith oscailte do réimse leathan úsáideoirí agus ní mór an rochtain sin a thabhairt ar bhonn trédhearcach neamh-idirdhealaitheach agus ar théarmaí margaidh (nó ar bhonn an chostais móide corrlach réasúnta) do ghnóthais mhóra, agus féadfaidh FBManna tairbhe a bhaint as rochtain fhabhrach nó as praghsanna laghdaithe an tráth céanna. Is féidir le crostoirchiú níos leithne agus

gnóthachain maidir le fios gnó agus barr feabhais eascairt as rochtain den sórt sin, lena n-áirítear rochtain do chomhpháirtithe idirnáisiúnta taighde agus tráchtála, agus an tráth céanna rannchuidiú le gnóthú costais. Ar an gcúigiú dul síos, ba cheart don Choimisiún tacaíocht a bhunú a bheadh tiomnaithe do shaoráid chun infheistíocht a dhéanamh i leathsheoltóirí (mar chuid de na gníomhaíochtaí éascaithe infheistíochta a ndéantar cur síos orthu go comhchoiteann mar ‘an Ciste um Shliseanna’) lena molfaí réitigh chothromais agus fiachais araon, lena n-áirítear saoráid mheasctha faoin gCiste InvestEU a bhunaítear le Rialachán (AE) 2021/523 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁵³, i ndlúthchomhar le Grúpa an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta agus in éineacht le comhpháirtithe cur chun feidhme eile amhail bainc agus institiúidí náisiúnta le haghaidh spreagadh. Ba cheart do ghníomhaíochtaí ‘an Chiste um Shliseanna’ tacú le héiceachóras leathsheoltóirí dinimiciúil athléimneach a fhorbairt trí dheiseanna a chur ar fáil ar infhaighteacht mhéadaithe chun tacú le fás gnólachtaí nuathionscanta agus FBManna chomh maith le hinfeistíochtaí ar fud an tslabhra luacha, lena n-áirítear deiseanna le haghaidh cuideachtaí eile sna slabhraí luacha leathsheoltóirí. Sa chomhthéacs sin, trí dheontais agus infheistíochtaí cothromais, cuirfidh an Chomhairle Nuálaíochta Eorpach tacaíocht bhreise thiomnaithe ar fáil do nuálaithe ardriosca a chruthaíonn margadh.

- (13) Chun na teorainneacha leis na hiarrachtaí ilroinnte infheistíochta poiblí agus príobháidí atá ann faoi láthair a sháru, chun comhtháthú, crostoirchiú agus toradh ar infheistíocht sna cláir leanúnacha a éascú agus chun fis straitéiseach chomhchoiteann de chuid an Aontais maidir le leathsheoltóirí a shaothrú mar bhealach chun uailmhian an Aontais agus a Bhallstát ról ceannasach a áirithiú sa gheilleagar digiteach a bhaint amach, ba cheart don Tionscnamh Sliseanna don Eoraip comhordú níos fearr agus sineirgí níos dlúithe idir na cláir chistiúcháin atá ann cheana ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta, comhordú agus comhoibriú níos fearr le geallsealbhoirí tionsclaíochta agus le príomh-geallsealbhoirí de chuid na hearnála príobháidí agus infheistíochtaí breise le Ballstáit a éascú. Cruthaíodh leagan amach cur chun feidhme an Tionscnaimh chun acmhainní a chomhthiomsú ón Aontas, ó na Ballstáit agus ó thríú tíortha a bhfuil baint acu leis na Cláir de chuid an Aontais atá ann cheana, mar aon leis an earnáil phríobháideach. Dá bhrí sin, ní fhéadfar forbairt ar rath an Tionscnaimh ach le hiarracht chomhchoiteann ó na Ballstáit, i dteannta an Aontais, chun tacú leis na costais shuntasacha chaipitil agus le hinfaighteacht fhorleathan an dearaidh fhíoriúil araon, le hacmhainní a thástáil agus a phíolótú agus le heolas, scileanna agus inniúlachtaí a scaipeadh. I gcás inarb iomchuí, i bhfianaise shainiúlachtaí na ngníomhaíochtaí lena mbaineann, ba cheart tacú freisin le cuspóirí an Tionscnaimh, go sonrach le gníomhaíochtaí ‘an Chiste um Shliseanna’, trí shaoráid mheasctha faoin gCiste InvestEU.
- (14) Ba cheart tacaíocht ón Tionscnamh a úsáid ar bhealach comhréireach chun aghaidh a thabhairt ar chlistí margaidh nó ar chásanna infheistíochta fo-optamacha agus níor cheart do ghníomhaíochtaí maoiniú príobháideach a dhúbláil ná a phlódú ná níor cheart an iomaíocht a shaobhadh sa mhargadh inmheánach. Ba cheart breisluach soiléir don Aontas a bheith ag na gníomhaíochtaí.
- (15) Ba cheart don Tionscnamh cur leis an mbonn láidir eolais agus feabhas a chur ar shineirgí le gníomhaíochtaí a dtacaíonn an tAontas agus na Ballstáit leo faoi láthair trí chláir agus gníomhaíochtaí taighde agus nuálaíocht i leathsheoltóirí agus i bhforbairt

⁵³ Rialachán (AE) 2021/523 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Márta 2021 lena mbunaítear Clár InvestEU agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2015/1017 (IO L 107, 26.3.2021, lch. 30).

cuid den slabhra soláthair, go háirithe Fís Eorpach agus an clár don Eoraip Dhigiteach a bhunaítear le Rialachán (AE) 2021/694 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁵⁴ arb é is aidhm dó faoin mbliain 2030 an tAontas a threisiú mar ghníomhaí domhanda i dteicneolaíocht leathsheoltóra agus a feidhmchláir, a bhfuil sciar domhanda aige sa mhonaraíocht atá ag dul i méid. Agus na gníomhaíochtaí sin á gcomhlánú aige, d'oibreodh an Tionscnamh i ndlúthchomhar le geallsealbhoirí ábhartha eile, lena n-áirítear an Chomhghuaillíocht Thionsclaíoch um Próiseálaithe agus Teicneolaíochtaí Leathsheoltóra.

- (16) D'fhonn dlús a chur le cur chun feidhme ghníomhaíochtaí an Tionscnaimh, is gá rogha a thabhairt maidir le cuid de ghníomhaíochtaí an Tionscnaimh a chur chun feidhme, go háirithe maidir le línte píolótacha, trí ionstraim nua dlí, an Cuibhreannas Eorpach um Bonneagar Sliseanna (ECIC). Ba cheart pearsantacht dhlítheanach a bheith ag ECIC. Ciallaíonn sé sin, nuair a dhéantar iarratas ar na gníomhaíochtaí atá le maoiniú ag an Tionscnamh, gur féidir leis an ECIC féin, seachas na heintitis aonair in ECIC, a bheith ina iarratasóir. Ba cheart spreagadh an chomhair éifeachtaigh struchtúraigh idir eintitis dhlíthiúla, lena n-áirítear Eagraíochtaí Taighde agus Teicneolaíochta, a bheith ina príomhaidhm ag ECIC. Ar an gcúis sin, ní mór do ECIC rannpháirt a thabhairt do thrí eintiteas dhlíthiúla ar a laghad ó thrí Bhallstát agus ní mór é a fheidhmiú mar chuibhreannas san earnáil phríobháideach phoiblí le haghaidh gníomhaíocht shonrach. Níor cheart bunú iarbhir comhlachta nua de chuid an Aontais a bheith i gceist le bunú ECIC ná níor cheart é a bheith dírithe ar aon ghníomhaíocht shonrach amháin faoin Tionscnamh. Ba cheart dó aghaidh a thabhairt ar an mbearna atá i mbosca uirlisí an Aontais maidir le cistiú ó na Ballstáit, ó bhuiséad an Aontais agus ó infheistíocht phríobháideach a chomhcheangal chun gníomhaíochtaí an Tionscnaimh a chur chun feidhme. Go háirithe, is féidir sineirgí láidre a bhaint amach trí na línte píolótacha éagsúla in ECIC a fhorbairt le chéile, agus ranníocaíocht an Aontais á comhthiomsú le hacmhainní comhchoiteanna na mBallstát agus na rannpháirtithe eile. Ba cheart do bhuiséad ECIC a chuirfeadh na Ballstáit agus rannpháirtithe san earnáil phríobháideach ar fáil le linn a thréimhse réamh-mheasta oibríochta cloí le framaí ama na ngníomhaíochtaí a chuirtear chun feidhme faoin Tionscnamh seo. Níor cheart don Choimisiún a bheith ina pháirtí go díreach sa Chuibhreannas.
- (17) Ba cheart cur chun feidhme príomha an Tionscnaimh a chur faoi chúram an Chomhghnóthais um Shliseanna arna bhunú le Rialachán XX/XX ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/2085 lena mbunaítear na Comhghnóthais faoin gclár Fís Eorpach, a mhéid a bhaineann leis an gComhghnóthas um Shliseanna⁵⁵.
- (18) D'fhonn bunú na gcumas monaraíochta agus na gcumas dearthóireachta lena mbaineann a spreagadh, agus ar an gcaoi sin slándáil an tsoláthair san Aontas a áirithiú, féadfaidh tacaíocht phoiblí a bheith iomchuí. I ndáil leis sin, is gá na critéir a leagan amach chun cur chun feidhme tionscadal sonrach a éascú, ar tionscadail iad a rannchuidíonn le cuspóirí an Rialacháin seo a bhaint amach agus idirdhealú á dhéanamh idir dhá chineál saoráide, eadhon: Saoráidí um Tháirgeadh Comhtháite agus Teilgcheartaí Oscailte AE.

⁵⁴ Rialachán (AE) 2021/694 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2021, lena mbunaítear an Clár don Eoraip Dhigiteach agus lena n-aisghairtear Cinneadh (AE) 2015/2240. (IO L 166, 11.5.2021, leh. 1).

⁵⁵ [...].

- (19) Ba cheart do Shaoráidí um Tháirgeadh Comhtháite agus Teilgcheártaí Oscailte AE cumais monaraithe leathsheoltóirí a sholáthar atá ceannródaíoch san Aontas agus a chuireann le slándáil an tsoláthair agus le héiceachóras athléimneach sa mhargadh inmheánach. An fachtóir cáilitheach maidir le saoráid cheannródaíoch a tháirgeadh, d'fhéadfadh baint a bheith aige leis an nód teicneolaíochta, le hábhar foshraithe, amhail cairbíd sileacain agus nítríd ghailliam, agus le nuálaíocht eile i dtáirgí ar féidir léi feidhmíocht, teicneolaíocht phróisis nó feidhmíocht fuinnimh agus chomhshaoil níos fearr a chur ar fáil. Níor cheart saoráid a bhfuil cumas inchomparáide aici ar scála tionsclaíoch a bheith i láthair go substainteach go fóill ná tiomanta lena tógáil laistigh den Aontas, seachas saoráidí le haghaidh taighde agus forbartha nó láithreáin táirgeachta ar mhionscála.
- (20) I gcás ina gcuirfidh Teilgcheárta Oscailte AE acmhainneacht táirgeachta ar fáil do ghnóthais nach bhfuil baint acu le hoibreoir na saoráide, ba cheart don Teilgcheárta Oscailte AE deighilt feidhmeanna leordhóthanach éifeachtach a bhunú, a chur chun feidhme agus a choinneáil ar bun chun malartú faisnéise rúnda idir táirgeacht inmheánach agus táirgeacht sheachtrach a chosc. Ba cheart feidhm a bheith aige sin maidir le haon fhaisnéis a fhaightear sna próisis dearthóireachta agus sna próisis mhonaraíochta tosaigh nó chúil.
- (21) D'fhonn cáiliú mar Shaoráidí um Tháirgeadh Comhtháite nó Teilgcheártaí Oscailte AE, ba cheart tionchar dearfach soiléir a bheith ag bunú agus ag oibriú na saoráide ar an slabhra luacha leathsheoltóirí san Aontas, go háirithe i ndáil le soláthar athléimneach leathsheoltóirí a sholáthar d'úsáideoirí ar an margadh inmheánach. Ba cheart an tionchar ar roinnt Ballstát, lena n-áirítear cuspóirí comhtháthaithe, a mheas mar cheann de na táscairí go bhfuil tionchar dearfach soiléir ag Saoráid Táirgeachta Chomhtháite agus Teilgcheárta Oscailte AE ar an slabhra luacha leathsheoltóirí san Aontas.
- (22) Tá sé tábhachtach nach mbeadh Saoráidí um Tháirgeadh Comhtháite ná Teilgcheártaí Oscailte AE faoi réir cur i bhfeidhm seach-chríochach oibleagáidí seirbhíse poiblí arna bhforchur ag tríú tíortha a d'fhéadfadh an bonn a bhaint dá gcumas a mbonneagar, a mbogearraí, a seirbhísí, a saoráidí, a sócmhainní, a n-acmhainní, a maoin intleachtúil nó a bhfios gnó a úsáid, rudaí atá ag teastáil chun an oibleagáid a chomhlíonadh maidir le horduithe a bhfuil rátáil tosaíochta ag baint leo faoin Rialachán seo.
- (23) I bhfianaise na forbartha tapa ar theicneolaíochtaí leathsheoltóra agus chun iomaíochas tionsclaíoch an Aontais a neartú amach anseo, ba cheart do Shaoráidí um Tháirgeadh Comhtháite agus Teilgcheártaí Oscailte AE gealltanais a thabhairt go ndéanfar infheistíocht éifeachtúil leanúnach sna leathsheoltóirí den chéad ghlúin eile, lena n-áirítear trí fhorbairtí nua a thástáil agus turgnamh a dhéanamh orthu trí bhíthin rochtain tosaíochta ar línte píolótacha arna mbunú ag an Tionscnamh Sliseanna don Eoraip, gan dochar do rochtain éifeachtach ag dreamanna eile.
- (24) Chun go mbeidh nós imeachta aonfhoirmeach trédhearcach ann chun aitheantas a bhaint amach mar Shaoráid Táirgeachta Chomhtháite agus mar Theilgcheárta Oscailte AE, ba cheart don Choimisiún an cinneadh aitheantais a ghlacadh tar éis do ghnóthas aonair nó do chuibhreannas ina bhfuil roinnt gnóthas iarratas a dhéanamh. Chun an tábhacht a bhaineann le cur chun feidhme comhordaithe comhoibritheach na saoráide atá beartaithe a chur san áireamh, maidir leis an mBallstát nó leis na Ballstáit ina bhfuil sé beartaithe ag an iarratasóir a shaoráidí a bhunú ba cheart don Choimisiún a ullmhacht nó a n-ullmhacht tacú leis an mbunú a chur san áireamh ina mheasúnú. Thairis sin, agus measúnú á dhéanamh ar inmharthanacht an phlean gnó, d'fhéadfadh

an Coimisiún taifead foriomlán an iarratasóra a chur san áireamh. I bhfianaise na bpribhléidí a bhaineann le haitheantas mar Shaoráid Táirgeachta Chomhtháite nó mar Theilgcheárta Oscailte AE, ba cheart don Choimisiún faireachán a dhéanamh féachaint an leanann na saoráidí ar deonáíodh an stádas sin dóibh de na critéir a leagtar amach sa Rialachán seo a chomhlíonadh.

- (25) I bhfianaise a thábhachtaí atá siad chun slándáil an tsoláthair a áirithiú agus chun éiceachóras leathsheoltóra athléimneach a chumasú, ba cheart a mheas go bhfuil Saoráidí um Tháirgeadh Comhtháite agus Teilgcheártaí Oscailte AE chun leas an phobail. Tá sé tábhachtach freisin slándáil an tsoláthair leathsheoltóirí a áirithiú i gcomhair digitiú lena gcumasaítear an t-aistriú glas ag go leor earnálacha eile. Chun rannchuidiú le slándáil an tsoláthair leathsheoltóirí san Aontas, féadfaidh na Ballstáit scéimeanna tacaíochta a chur i bhfeidhm agus foráil a dhéanamh maidir le tacaíocht riaracháin i nósanna imeachta náisiúnta deonaithe ceadanna. Tá an méid sin gan dochar d'inniúlacht an Choimisiúin i réimse na Státchabhrach faoi Airteagail 107 agus 108 den Chonradh, i gcás inarb ábhartha. Ba cheart do na Ballstáit tacú le bunú Saoráidí um Tháirgeadh Comhtháite agus Teilgcheártaí Oscailte AE i gcomhréir le dlí an Aontais.
- (26) Ní mór Saoráidí um Tháirgeadh Comhtháite agus Teilgcheártaí Oscailte AE a chur ar bun a luaithe is féidir, agus an t-ualach riaracháin a choinneáil chomh híseal agus is féidir. Ar an gcúis sin, ba cheart do na Ballstáit caitheamh le hiarratais a bhaineann le pleanáil, tógáil agus oibriú Saoráidí um Tháirgeadh Comhtháite agus Teilgcheártaí Oscailte AE ar an mbealach is tapa is féidir. Ba cheart dóibh údarás a cheapadh a éascóidh agus a chomhordóidh na próisis deonaithe ceadanna agus comhordaitheoir a cheapadh, a bheidh ina phointe teagmhála aonair don tionscadal. Thairis sin, i gcás inar gá chun maolú a dheonú faoi Threoir 92/43/CEE ón gComhairle⁵⁶ agus Treoir 2000/60/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁵⁷, féadfar a mheas go bhfuil bunú agus oibriú na saoráidí sin chun leasa phoiblí sháraithigh de réir bhrí na dtéacsanna dlíthiúla thuasluaite, ar choinníoll go gcomhlíontar na coinníollacha eile a leagtar amach sna forálacha seo.
- (27) Bhainfeadh an margadh inmheánach an-tairbhe as comhchaighdeáin le haghaidh sliseanna glasa iontaofa slána. Beidh ar ghairis chliste, córais chliste agus ardáin nascachta chliste a bheidh ann amach anseo brath ar ard-chomhpháirteanna leathsheoltóra agus beidh orthu ceanglais ghlasa, iontaoibhe agus chibearshlándála a chomhlíonadh, ceanglais a bheidh ag brath den chuid is mó ar ghnéithe den bhunteicneolaíocht. Chun na críche sin, ba cheart don Aontas nósanna imeachta tagartha deimhniúcháin a fhorbairt agus ceangal a chur ar an tionscal nósanna imeachta den sórt sin a fhorbairt go comhpháirteach le haghaidh earnálacha agus teicneolaíochtaí sonracha a bhféadfadh tionchar mór sóisialta a bheith acu.
- (28) Ina fhianaise sin, ba cheart don Choimisiún, i gcomhairle leis an mBord Eorpach um Leathsheoltóirí, an bealach a ullmhú chun sliseanna agus córais leabaithe atá glas, iontaofa agus slán a dheimhniú, ar sliseanna agus córais leabaithe iad atá ag brath ar theicneolaíochtaí leathsheoltóra nó a bhaineann úsáid fhorleathan astu. Go háirithe, ba

⁵⁶ Treoir 92/43/CEE ón gComhairle an 21 Bealtaine 1992 maidir le gnáthóga nádúrtha agus fauna agus flora fiáine a chaomhnú.

⁵⁷ Treoir 2000/60/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2000 lena mbunaítear creat do ghníomhaíocht Chomhphobail i réimse an bheartais uisce.

cheart dóibh na hearnálacha agus na táirgí ábhartha a bhfuil deimhniú den sórt sin de dhíth orthu a phlé agus a shainaithint.

- (29) I bhfianaise na n-easnamh struchtúrach ar an slabhra soláthair leathsheoltóirí agus an riosca a eascraíonn astu go mbeidh ganntanais amach anseo, déantar foráil sa Rialachán seo maidir le hionstraimí i gcomhair cur chuige comhordaithe chun faireachán a dhéanamh ar aon bhriseadh a d'fhéadfadh a bheith sa mhargadh agus chun dul i ngleic go héifeachtach léi.
- (30) Mar gheall ar na slabhraí luacha leathsheoltóirí le gníomhaithe éagsúla atá casta agus idirnasetha agus a bhíonn ag athrú go tapa, tá gá le cur chuige comhordaithe maidir le faireachán rialta chun cur leis an gcumas rioscaí a mhaolú a bhféadfadh tionchar diúltach a bheith acu ar sholáthar leathsheoltóirí. Ba cheart do na Ballstáit faireachán a dhéanamh ar an slabhra luacha leathsheoltóirí, ag díriú ar tháscairí luathrabhaidh agus ar infhaighteacht agus sláine na seirbhísí agus na n-earraí a sholáthraíonn príomhghníomhaithe margaidh, sa chaoi nach mbeadh sé ina ualach iomarcach riaracháin ar ghnóthais.
- (31) Ba cheart torthaí ábhartha ar bith, lena n-áirítear faisnéis arna cur ar fáil ag geallsealbhóirí ábhartha agus comhlachais tionscail ábhartha, a chur ar fáil don Bhord Eorpach um Leathsheoltóirí ionas gur féidir faisnéis a mhalartú go rialta idir ionadaithe ardleibhéil na mBallstát agus chun an fhaisnéis a chomhtháthú i bhforbheathnú faireacháin ar na slabhraí luacha leathsheoltóirí.
- (32) Tá sé tábhachtach an léargas sonrach ar staid soláthair úsáideoirí leathsheoltóirí a chur san áireamh. Dá bhrí sin, ba cheart do na Ballstáit na príomhchatagóirí úsáideora ina margaí náisiúnta a shainaithint agus malartaí a dhéanamh leo go rialta. Thairis sin, ba cheart do na Ballstáit an deis a thabhairt d'eagraíochtaí ábhartha geallsealbhóirí, lena n-áirítear comhlachais tionscail agus ionadaithe ó na príomhchatagóirí úsáideora, faisnéis a sholáthar maidir le hathruithe suntasacha ar éileamh agus soláthar, agus maidir le bristeacha arb eol dóibh ina slabhra soláthair, lena bhféadfaí neamh-infhaighteacht leathsheoltóirí criticiúla nó amhábhair criticiúil, aga tionscanta níos faide ná an meán, moilleanna seachadta agus borradh eisceachtúil praghsanna a chur san áireamh.
- (33) D'fhonn na gníomhaíochtaí faireacháin sin a dhéanamh, d'fhéadfadh sé go mbeadh gá ag údarais inniúla na mBallstát le faisnéis áirithe, faisnéis ar féidir nach mbeadh rochtain ag an bpobal uirthi, amhail faisnéis faoi ról an ghnóthais aonair feadh an tslabhra luacha leathsheoltóirí. Sna himthosca teoranta sin ina bhfuil sé riachtanach agus comhréireach chun na gníomhaíochtaí faireacháin a dhéanamh, ba cheart údarais inniúla na mBallstát a bheith in ann an fhaisnéis sin a iarraidh ar an ngnóthas atá i gceist.
- (34) Ba cheart do na Ballstáit foláireamh a thabhairt don Choimisiún i gcás ina léiríonn tosca ábhartha go bhféadfadh géarchéim leathsheoltóra a bheith ann. D'fhonn freagairt chomhordaithe a áirithiú chun aghaidh a thabhairt ar ghéarchéimeanna den sórt sin, ba cheart don Choimisiún, má thugann Ballstát foláireamh nó trí fhoinsí eile, lena n-áirítear faisnéis ó chomhpháirtithe idirnáisiúnta, cruinniú urghnách den Bhord Eorpach um Leathsheoltóirí a thionól chun measúnú a dhéanamh ar an ngá atá leis an gcéim ghéarchéime a ghníomhachtú agus chun plé a dhéanamh i dtaobh a iomchuí, a riachtanaí agus a chomhréirí a bheadh sé do na Ballstáit soláthar comhpháirteach comhordaithe a dhéanamh. Ba cheart don Choimisiún dul i mbun comhairliúcháin agus comhair le tríú tíortha ábhartha d'fhonn aghaidh a thabhairt ar aon bhriseadh sa

slabhra soláthair idirnáisiúnta, i gcomhréir le hoibleagáidí idirnáisiúnta agus gan dochar do cheanglais nós imeachta faoin gConradh ar chomhaontuithe idirnáisiúnta.

- (35) Mar chuid den fhaireachán, ba cheart do na húdaráis inniúla náisiúnta mapáil a dhéanamh ar na gnóthais atá ag oibriú san Aontas feadh an tslabhra soláthair leathsheoltóirí atá bunaithe ina gcríoch náisiúnta agus ba cheart dóibh an fhaisnéis sin a chur in iúl don Choimisiún.
- (36) D'fhonn faireachán éifeachtach a éascú, tá gá le measúnú domhain ar na rioscaí a bhaineann le céimeanna éagsúla den slabhra luacha leathsheoltóirí, lena n-áirítear measúnú ar thionscnamh agus foinsí soláthairtí lasmuigh den Aontas. D'fhéadfadh rioscaí den sórt sin a bheith bainteach le hionchuir agus trealamh atá criticiúil don tionscal, lena n-áirítear táirgí digiteacha a d'fhéadfadh a bheith leochaileach, an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag leathsheoltóirí góchumtha, acmhainneachtaí monaraíochta agus rioscaí eile a d'fhéadfadh cur isteach ar an slabhra soláthair, é a chur i mbaol nó tionchar diúltach a imirt air. D'fhéadfaí a áireamh ar na rioscaí sin slabhraí soláthair ag a bhfuil pointe aonair teipe nó atá thar a bheith neamhéagsúlaithe ar bhealach eile. D'fhéadfaí a áireamh ar fhachtóirí ábhartha eile infhaighteacht ionadaithe nó foinsí malartacha le haghaidh ionchuir chriticiúla agus iompar athléimneach inbhuanaithe. Ba cheart don Choimisiún, le cúnamh ón mBord Eorpach um Leathsheoltóirí agus faisnéis a fhaightear ó na príomhchatagóirí úsáideora á cur san áireamh freisin, measúnú riosca ar leibhéal an Aontais a fhorbairt.
- (37) D'fhonn bristeacha amach anseo i gcéimeanna éagsúla an tslabhra luacha leathsheoltóirí san Aontas a thuar agus chun ullmhú lena n-aghaidh, ba cheart don Choimisiún, le cúnamh ón mBord Eorpach um Leathsheoltóirí, táscairí luathrabhaidh a shainathint i measúnú riosca an Aontais. D'fhéadfaí a áireamh ar na táscairí sin infhaighteacht na n-amhábh, na dtáirgí idirmheánacha agus an chaipitil dhaonna atá riachtanach chun leathsheoltóirí a mhonarú, nó trealamh monaraíochta iomchuí, an t-éileamh réamh-mheasta ar leathsheoltóirí san Aontas agus ar mhargáí domhanda, borradh praghsanna atá níos mó ná an ghnáthluaineacht praghsanna, tionchar timpistí, ionsaithe, tubaistí nádúrtha nó imeachtaí tromchúiseacha eile, tionchar beartas trádála, taraifí, srianta ar onnmhairí, bacainní trádála agus bearta eile a bhaineann le trádáil, agus tionchar dúnta gnólachtaí, dí-chomhchruinnithe nó éadálacha príomhghníomhaithe margaidh. Ba cheart do na Ballstáit faireachán a dhéanamh ar na táscairí luathrabhaidh sin.
- (38) Glactar leis go bhfuil roinnt gnóthas a sholáthraíonn seirbhísí nó earraí leathsheoltóra bunriachtanach le haghaidh slabhra soláthair leathsheoltóirí éifeachtach in éiceachóras leathsheoltóra an Aontais, i ngeall ar líon na ngnóthas de chuid an Aontais atá ag brath ar a dtáirgí, ar a sciar de mhargadh an Aontais nó den mhargadh domhanda, ar a dtábhacht chun leibhéal leordhóthanach soláthair a áirithiú nó ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag briseadh i soláthar a dtáirgí nó a seirbhísí. Ba cheart do na Ballstáit na príomhghníomhaithe margaidh sin ina gcríoch a shainathint.
- (39) Faoi Airteagal 4 de Rialachán (AE) 2019/452 lena mbunaítear creat maidir le hinfheistíochtaí díreacha coigríocha isteach san Aontas a scagadh⁵⁸, agus cinneadh á dhéanamh an dócha go ndéanfaidh infheistíocht dhíreach choigríche difear don tslándáil nó don ord poiblí, féadfaidh na Ballstáit agus an Coimisiún na héifeachtaí a

⁵⁸ Rialachán (AE) 2019/452 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Márta 2019 lena gcuirtear ar bun creat maidir le hinfheistíochtaí díreacha coigríche isteach san Aontas a scagadh (IO L 79I , 21.3.2019, lgh. 1–14).

mheas a d'fhéadfadh a bheith aici ar theicneolaíochtaí criticiúla agus ar ítimí dé-úsáide mar a shainmhínítear iad i bpointe 1 d'Airteagal 2 de Rialachán (CE) Uimh. 428/2009 ón gComhairle⁵⁹, lena n-áirítear leathsheoltóirí.

- (40) Mar chuid den fhaireachán, d'fhéadfadh na Ballstáit breithniú sonracha a dhéanamh ar infhaighteacht agus ar shláine sheirbhísí agus earraí na bpríomhghníomhaithe margaidh. D'fhéadfadh an Ballstát lena mbaineann aird an Bhoird Eorpaigh um Leathsheoltóirí a tharraingt ar shaincheisteanna den sórt sin.
- (41) D'fhonn freagairt thapa éifeachtúil chomhordaithe a fháil ón Aontas ar ghéarchéim leathsheoltóra, is gá faisnéis thráthúil cothrom le dáta a chur ar fáil do na cinnteoirí maidir leis an staid oibríochtúil faoi mar atá sí ag titim amach agus trína áirithiú chomh maith go bhféadfar bearta éifeachtacha a dhéanamh chun soláthar leathsheoltóirí d'earnálacha rithábachtacha atá buailte a áirithiú.
- (42) Ba cheart an chéim ghéarchéime leathsheoltóra a chur i bhfeidhm nuair a bhíonn fianaise nithiúil thromchúiseach iontaofa ann go bhfuil géarchéim den sórt sin ann. Tarlaíonn géarchéim leathsheoltóra i gcás ina mbíonn bristeacha tromchúiseacha i soláthar leathsheoltóirí as a n-eascaíonn ganntanais shuntasacha lena mbaineann moilleanna suntasacha agus éifeachtaí diúltacha ar earnáil eacnamaíoch amháin nó ar níos mó ná earnáil eacnamaíoch amháin san Aontas, bíodh sin go díreach nó trí éifeachtaí cuilitheacha an ghanntanais, ós rud é gur bonn láidir úsáideoirí leathsheoltóirí atá in earnálacha tionsclaíocha an Aontais. De rogha air sin nó de bhreis air sin, tarlaíonn géarchéim leathsheoltóra freisin nuair a bhíonn ganntanais shuntasacha mar thoradh ar bhristeacha tromchúiseacha i soláthar leathsheoltóirí, rud a chuireann cosc ar sholáthar, deisiú agus cothabháil táirgí riachtanacha a úsáideann earnálacha rithábachtacha, mar shampla trealamh leighis agus diagnóiseach.
- (43) Chun freagairt thapa éifeachtach ar ghéarchéim leathsheoltóra den sórt sin a áirithiú, ba cheart an Coimisiún a chumhachtú chun an chéim ghéarchéime a ghníomhachtú trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme agus ar feadh fad réamhshocraithe, agus an tuairim ón mBord Eorpach um Leathsheoltóirí á cur san áireamh. Ba cheart don Choimisiún measúnú a dhéanamh ar an ngá atá le fadú agus fad na céime géarchéime a fhadú ar feadh tréimhse réamhshocraithe, i gcás ina bhfionnfaí an gá sin, agus an tuairim ón mBord Eorpach um Leathsheoltóirí á cur san áireamh.
- (44) Tá dlúthchomhar idir an Coimisiún agus na Ballstáit agus comhordú bearta náisiúnta ar bith a dhéantar maidir leis an slabhra soláthair leathsheoltóirí fíor-riachtanach le linn na céime géarchéime d'fhonn aghaidh a thabhairt ar bhristeacha leis an gcomhleanúnachas, leis an athléimneacht agus leis an éifeachtacht is gá. Chun na críche sin, ba cheart don Bhord Eorpach um Leathsheoltóirí cruinnithe urghnácha a thionól de réir mar is gá. Ba cheart aon bheart a dhéantar a bheith teoranta go docht d'fhad na céime géarchéime.
- (45) Ba cheart bearta iomchuí éifeachtacha comhréireacha a shainathint agus a chur chun feidhme nuair a ghníomhachtaítear an chéim ghéarchéime gan dochar do rannpháirtíocht leanúnach idirnáisiúnta a d'fhéadfadh a bheith ann leis na comhpháirtithe ábhartha d'fhonn an ghéarchéim a bhíonn ag síorathrú a mhaolú. I gcás inarb iomchuí, ba cheart don Choimisiún faisnéis a iarraidh ar ghnóthais feadh an

⁵⁹ Rialachán (CE) Uimh. 428/2009 ón gComhairle an 5 Bealtaine 2009 lena ndéantar córas Comhphobail a chur ar bun chun rialú a dhéanamh ar onnmhairiú, ar aistriú agus ar bhróicéireacht ítimí dé-úsáide agus ar iad a bheith ar idirthuras (IO L 134, 29.5.2009, lgh. 1–269).

tslabhra soláthair leathsheoltóirí. Thairis sin, ba cheart an Coimisiún a bheith in ann, i gcás inar gá agus inar comhréireach, oibleagáid a chur ar Shaoráidí um Tháirgeadh Comhtháite agus Teilgcheartaí Oscailte AE glacadh le hordú maidir le táirgeadh na dtáirgí atá ábhartha i gcás géarchéime, agus tosaíocht a thabhairt don ordú sin, agus gníomhú mar chomhlacht lárnach ceannaigh nuair a thugann na Ballstáit sainordú chuige sin. D'fhéadfadh an Coimisiún na bearta a theorannú ionas nach mbeadh baint acu ach le hearnálacha rithábhachtacha áirithe. Ina theannta sin, féadfaidh an Bord Eorpach um Leathsheoltóirí comhairle a thabhairt maidir leis an ngá atá le córas rialaithe onnmhairiúcháin a thabhairt isteach de bhun Rialachán (AE) 2015/479 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁶⁰. Féadfaidh an Bord Eorpach um Leathsheoltóirí measúnú a dhéanamh freisin agus comhairle a thabhairt maidir le bearta iomchuí éifeachtacha breise. Ba cheart úsáid na mbeart éigeandála sin go léir a bheith comhréireach agus teoranta don mhéid is gá chun aghaidh a thabhairt ar na míshocrachtaí suntasacha atá i gceist sa mhéid gur chun leas an Aontais é sin. Ba cheart don Choimisiún Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle a chur ar an eolas go tráthrialta faoi na bearta a rinneadh agus faoi na cúiseanna foluiteacha. Féadfaidh an Coimisiún, tar éis dó dul i gcomhairle leis an mBord, treoir bhreise a eisiúint faoi chur chun feidhme agus úsáid na mbeart éigeandála.

- (46) Tá roinnt earnálacha rithábhachtach d'fheidhmiú cuí an mhargaidh inmheánaigh. Is iad na hearnálacha rithábhachtacha sin na hearnálacha a liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann leis an togra ón gCoimisiún le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le hathléimneacht eintiteas criticiúil⁶¹. Chun críocha an Rialacháin seo, ba cheart a mheas gur earnáil rithábhachtach iad gníomhaíochtaí cosanta agus gníomhaíochtaí eile atá ábhartha don tsábháilteacht phoiblí agus don tslándáil phoiblí. Níor cheart bearta áirithe a achtú ach amháin chun an soláthar d'earnálacha rithábhachtacha a chinntiú. Féadfaidh an Coimisiún na bearta éigeandála a theorannú do roinnt de na hearnálacha sin nó do chodanna áirithe díobh nuair a bheidh an ghéarchéim leathsheoltóra tar éis cur isteach ar a n-oibriú nó nuair atá an bhgairt ann go gcuirfidh sí isteach ar a n-oibriú.
- (47) Is é is aidhm d'iarrataí ar fhaisnéis ó ghnóthais feadh an tslabhra soláthair leathsheoltóirí atá bunaithe san Aontas le linn na céime géarchéime measúnú domhain a dhéanamh ar an ngéarchéim leathsheoltóra d'fhonn bearta maolaithe nó éigeandála a d'fhéadfadh a bheith ann a shainaithint ar leibhéal an Aontais nó ar an leibhéal náisiúnta. D'fhéadfadh sé go n-áireofaí ar an bhfaisnéis sin cumas táirgeachta, acmhainneacht táirgeachta agus na príomhbhristeacha agus na príomhscrogaill láithreacha. D'fhéadfaí a áireamh ar na gnéithe sin stoc tipiciúil agus stoc reatha iarbhír na dtáirgí atá ábhartha i gcás géarchéime ina shaoráidí táirgeachta atá lonnaithe san Aontas agus i saoráidí tríú tír a oibríonn sé nó a bhfuil conarthaí soláthair aige leo nó a gceannaíonn sé soláthar uathu; an gnáth-aga tionscanta agus an meán-aga tionscanta iarbhír reatha do na táirgí is coitianta a tháirgtear; an t-aschur táirgeachta ionchasach i gcomhair na 3 mhí ina dhiaidh sin le haghaidh gach saoráide táirgthe de chuid an Aontais; cúiseanna a chuireann cosc ar líonadh na hacmhainneachta táirgeachta; nó sonraí eile atá ann is gá chun measúnú a dhéanamh ar chineál na géarchéime leathsheoltóra nó ar bhearta féideartha maolaithe nó éigeandála ar an leibhéal náisiúnta nó ar leibhéal an Aontais. Ba cheart aon iarraidh a bheith

⁶⁰ Rialachán (AE) 2015/479 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Márta 2015 maidir le comhrialacha le haghaidh onnmhairí (IO L 83, 27.3.2015, lch. 34).

⁶¹ COM(2020) 829. 16.12.2020.

comhréireach, ba cheart aird a thabhairt léi ar aidhmeanna dlisteanacha an ghnóthais agus ar an gcostas agus ar an iarracht is gá chun na sonraí a chur ar fáil, chomh maith le teorainneacha ama iomchuí a leagan amach maidir leis an bhfaisnéis a iarradh a chur ar fáil. Ba cheart oibleagáid a bheith ar ghnóthais an iarraidh a chomhlíonadh agus féadfaidh siad a bheith faoi réir pionóis má bhíonn siad neamh-chomhlíontach nó má chuireann siad faisnéis mhícheart ar fáil. Ba cheart aon fhaisnéis a fhaightear a bheith faoi réir rialacha rúndachta. I gcás ina mbeadh gnóthas faoi réir iarraidh ó thríú tír ar fhaisnéis a bhaineann lena ghníomhaíochtaí leathsheoltóra, ba cheart dó an Coimisiún a chur ar an eolas ionas go mbeifear in ann measúnú a dhéanamh le fáil amach an bhfuil údar maith le hiarraidh ar fhaisnéis ón gCoimisiún.

- (48) Chun a áirithiú gur féidir le hearnálacha ríthábhachtacha leanúint de bheith ag oibriú le linn géarchéime agus nuair is gá agus nuair is comhréireach chun na críche sin, d'fhéadfadh an Coimisiún oibleagáid a chur ar Shaoráidí um Tháirgeadh Comhtháite agus Teilgcheartaí Oscailte AE glacadh le horduithe maidir le táirgí atá ábhartha i gcás géarchéime agus tosaíocht a thabhairt dóibh. Féadfar an oibleagáid sin a leathnú freisin chuig saoráidí monaraíochta leathsheoltóirí inar glacadh leis an bhféidearthacht sin i gcomhthéacs ina bhfaightear tacaíocht phoiblí. Ba cheart an cinneadh maidir le hordú a bhfuil rátáil tosaíochta ag baint leis a ghlacadh i gcomhréir le hoibleagáidí dlíthiúla uile an Aontais is infheidhme, ag féachaint d'imthosca an cháis. Ba cheart tosaíocht a bheith ag an oibleagáid maidir le rátáil tosaíochta ar aon oibleagáid feidhmíochta faoin dlí príobháideach nó poiblí agus ba cheart aird a thabhairt léi ar aidhmeanna dlisteanacha na ngnóthas agus ar an gcostas agus ar an iarracht is gá d'aon athrú ar sheicheamh na táirgeachta. Féadfaidh gnóthais a bheith faoi réir pionóis mura n-éiríonn leo an oibleagáid maidir le horduithe a bhfuil rátáil tosaíochta ag baint leo a chomhlíonadh.
- (49) Ba cheart ceangal a bheith ar an ngnóthas lena mbaineann ordú a bhfuil rátáil tosaíochta ag baint leis a ghlacadh agus tosaíocht a thabhairt dó. I gcásanna eisceachtúla a bhfuil údar cuí leo, d'fhéadfadh an gnóthas iarraidh ar an gCoimisiún athbhreithniú a dhéanamh ar an oibleagáid a fhorchuirtear. Tá feidhm aige sin i gcás nach bhfuil an tsaoráid in ann an t-ordú a chomhlíonadh fiú má thugtar tosaíocht di, cibé acu de bharr easpa cumais táirgeachta nó acmhainneachta táirgeachta, nó toisc go gcuirfeadh sé sin ualach eacnamaíoch míréasúnta agus cruatan ar leith ar an tsaoráid.
- (50) Sa chás eisceachtúil go bhfaigheann gnóthas atá ag oibriú feadh an tslabhra soláthair leathsheoltóirí san Aontas iarraidh ó thríú tír ar ordú a bhfuil rátáil tosaíochta ag baint leis, ba cheart dó an Coimisiún a chur ar an eolas faoin iarraidh sin, chun bonn eolais a chur faoi mheasúnú le fáil amach ar cheart don Choimisiún oibleagáid maidir le hordú a bhfuil rátáil tosaíochta ag baint leis a achtú chomh maith, i gcás ina bhfuil tionchar suntasach ar shlándáil an tsoláthair d'earnálacha ríthábhachtacha, agus gur comhlíonadh ceanglais eile an riachtanais, na comhréireachta agus na dlíthiúlachta i gcúinsí an cháis.
- (51) I bhfianaise a thábhachtaí atá sé slándáil an tsoláthair a áirithiú d'earnálacha ríthábhachtacha a bhfuil feidhmeanna sochaíocha ríthábhachtacha á ndéanamh acu, níor cheart dliteanas i leith damáistí i leith tríú páirtithe a bheith i gceist le comhlíonadh na hoibleagáide maidir le hordú a bhfuil rátáil tosaíochta ag baint leis a dhéanamh i leith aon sárú ar oibleagáidí conarthacha a d'fhéadfadh eascairt as na hathruithe sealadacha riachtanacha ar phróisis oibríochtúla an mhonaróra lena mbaineann, arna theorannú don mhéid a bhí an sárú ar oibleagáidí conarthacha riachtanach chun an tosaíocht shainordaithe a chomhlíonadh. Ba cheart do ghnóthais a d'fhéadfadh a bheith laistigh de raon feidhme ordaithe a bhfuil rátáil tosaíochta ag

baint leis an fhéidearthacht sin a thuar i gcoinníollacha a gconarthaí tráchtála. Gan dochar d'infheidhmeacht na bhforálacha eile, ní dhéanfaidh an díolúine sin ó dhliteanas difear don dliteanas i leith táirgí lochtacha, dá bhforáiltear i dTreoir 85/374/CEE ón gComhairle an 25 Iúil 1985⁶².

- (52) An tsaoirse chun gnó a sheoladh agus an tsaoirse conartha a leagtar síos in Airteagal 16 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh ('an Chairt') agus an ceart chun maoiné a leagtar síos in Airteagal 17 den Chairt, leis an oibleagáid tosaíocht a thabhairt do tháirgeacht táirgí áirithe urramaítear a mbunús agus ní dhéanfar difear díreireach dóibh. I gcomhréir le hAirteagal 52(1) den Chairt, déanfar foráil sa dlí maidir le haon teorannú ar na cearta sin sa Rialachán seo, déanfar bunús na gceart agus na saoirse sin a urramú, agus comhlíonfar prionsabal na comhréireachta.
- (53) Nuair a ghníomhachtaítear an chéim ghéarchéime, d'fhéadfadh dhá Bhallstát nó níos mó sainordú a thabhairt don Choimisiún an t-éileamh a chomhiomlánú agus gníomhú thar a gceann ar mhaithe lena soláthar poiblí chun leas an phobail, i gcomhréir le rialacha agus nósanna imeachta de chuid an Aontais atá ann cheana, rud a dhéanadh gearáil ar a chumhacht ceannaigh. Leis an sainordú, d'fhéadfaí a údarú don Choimisiún comhaontuithe a dhéanamh maidir le táirgí atá ábhartha i gcás géarchéime a cheannach le haghaidh earnálacha rithabhachtacha áirithe. Ba cheart don Choimisiún an áirgiúlacht, an riachtanas agus an chomhréireacht a mheas i gcomhairle leis an mBord maidir le gach iarraidh. I gcás ina mbeartaíonn sé gan an iarraidh a leanúint, ba cheart dó na Ballstáit lena mbaineann agus an Bord a chur ar an eolas agus a chúiseanna a thabhairt. Thairis sin, ba cheart na Ballstáit rannpháirteacha a bheith i dteideal ionadaithe a cheapadh chun treoraíocht agus comhairle a sholáthar le linn na nósanna imeachta soláthair agus i gcaibidlíocht na gcomhaontuithe ceannaigh. Ba cheart cur chun úsáide agus úsáid na dtáirgí a cheannaítear leanúint de bheith faoi shainchúram na mBallstát rannpháirteach.
- (54) Le linn géarchéim ganntanais leathsheoltóirí, d'fhéadfadh sé go mbeadh sé ina riachtanas ag an Aontas féachaint ar bhearta cosanta. Féadfaidh an Bord Eorpach um Leathsheoltóirí a thuairimí a chur in iúl chun bonn eolais a chur faoi mheasúnú an Choimisiúin le fáil amach an eascraíonn ganntanas suntasach táirgí bunriachtanacha as staid an mhargaidh de bhun Rialachán (AE) 2015/479.
- (55) Chun cur chun feidhme rianúil éifeachtach comhchuibhithe an Rialacháin seo, comhar agus malartú faisnéise a éascú, ba cheart an Bord Eorpach um Leathsheoltóirí a bhunú. Ba cheart don Bhord Eorpach um Leathsheoltóirí comhairle agus cúnamh a chur ar fáil don Choimisiún maidir le ceisteanna sonracha. Ionu sin ba cheart a chur san áireamh soláthar comhairle faoin Tionscnamh Sliseanna don Eoraip do Bhord Údarás Poiblí an Chomhghnóthais um Shliseanna; malartú faisnéise faoi fheidhmiú na Saoráidí um Tháirgeadh Comhtháite agus na dTeilgcheartaí Oscailte AE; plé ar shainaithint earnálacha agus teicneolaíochtaí sonracha agus í a ullmhú, ar earnálacha agus teicneolaíochtaí iad le tionchar mór sóisialta féideartha agus a bhfuil tábhacht slándála ar leith ag baint leo agus a bhfuil gá acu le deimhniú le haghaidh táirgí iontaofa, agus aghaidh a thabhairt ar fhaireachán comhordaithe agus ar fhreagairt ar ghéarchéimeanna. Thairis sin, ba cheart don Bhord Eorpach um Leathsheoltóirí cur i bhfeidhm comhsheasmhach an Rialacháin seo a áirithiú, agus comhar idir na Ballstáit

⁶² Treoir 85/374/CEE ón gComhairle an 25 Iúil 1985 maidir le comhfhogasú fhorálacha reachtaíochta, rialúcháin agus riaracháin na mBallstát a bhaineann le dliteanas i leith táirgí lochtacha (85/374/CEE) (IO L 210, 7.8.1985, lch. 29).

mar aon le malartú faisnéise maidir le saincheistean a bhaineann leis an Rialachán seo a éascú. Ba cheart don Bhord Eorpach um Leathsheoltóirí tacú leis an gCoimisiún maidir leis an gcomhar idirnáisiúnta, lena n-áirítear bailiú faisnéise agus measúnú géarchéime, i gcomhréir leis na hoibleagáidí idirnáisiúnta. Ina theannta sin, ba cheart don Bhord Eorpach um Leathsheoltóirí comhordú le struchtúir eile freagartha ar ghéarchéimeanna agus ullmhachta i gcomhair géarchéimeanna de chuid an Aontais, oibriú i gcomhar leo agus faisnéis a mhalartú leo, d'fhonn a áirithiú go mbeidh cur chuige comhleanúnach comhordaithe ag an Aontas a mhéid a bhaineann le freagairt ar ghéarchéimeanna agus bearta le bheith ullamh i gcomhair géarchéimeanna leathsheoltóra.

- (56) Ba cheart ionadaí ón gCoimisiún a bheith ina chathaoirleach ar an mBord Eorpach um Leathsheoltóirí. Ba cheart do phointe teagmhála aonair náisiúnta gach Ballstáit ionadaí ardleibhéil amháin ar a laghad a cheapadh don Bhord Eorpach um Leathsheoltóirí. D'fhéadfaidís ionadaithe éagsúla a cheapadh freisin i ndáil le cúraimí éagsúla an Bhoird Eorpaigh um Leathsheoltóirí, mar shampla, ag brath ar an gCaibidil den Rialachán seo a phléitear i gcruinnithe an Bhoird Eorpaigh um Leathsheoltóirí. Féadfaidh an Coimisiún foghrúpaí a bhunú agus ba cheart é a bheith i dteideal socruithe oibre a bhunú trína iarraidh ar shaineolaithe páirt a ghlacadh sna cruinnithe ar bhonn *ad hoc* nó trí chuireadh a thabhairt d'eagraíochtaí a dhéanann ionadaíocht ar leasanna thionscal leathsheoltóirí an Aontais, amhail an Chomhghuaillíocht Thionsclaíoch um Próiseálaithe agus Teicneolaíochtaí Leathsheoltóra, chuig a fhoghrúpaí mar bhreathnóirí.
- (57) Tionólfadh an Bord Eorpach um Leathsheoltóirí cruinnithe ar leithligh maidir lena chúraimí faoi Chaibidil II agus maidir lena chúraimí faoi Chaibidlí III agus IV. Ba cheart do na Ballstáit féachaint le comhar éifeachtach agus éifeachtúil a áirithiú ar an mBord Eorpach um Leathsheoltóirí. Ba cheart an Coimisiún a bheith ábalta malartuithe idir an Bord Eorpach um Leathsheoltóirí agus comhlachtaí, oifigí, gníomhaireachtaí agus grúpaí comhairleacha eile de chuid an Aontais a éascú. I bhfianaise a thábhachtaí atá soláthar leathsheoltóirí d'earnálacha eile agus an gá atá le comhordú dá bharr, ba cheart don Choimisiún a áirithiú go mbeidh institiúidí agus comhlachtaí eile de chuid an Aontais rannpháirteach mar bhreathnóirí i gcruinnithe an Bhoird Eorpaigh um Leathsheoltóirí i gcás inarb ábhartha agus inarb iomchuí i ndáil leis an sásra faireacháin agus freagartha ar ghéarchéimeanna a bhunaítear faoi Chaibidil IV. Chun leanúint leis an obair tar éis chur chun feidhme an Mholta ón gCoimisiún maidir le bosca uirlisí coiteann de chuid an Aontais chun aghaidh a thabhairt ar ghanntanais leathsheoltóirí, agus chun úsáid a bhaint aisti, ba cheart don Bhord Eorpach um Leathsheoltóirí cúraimí Shainghrúpa Leathsheoltóirí na hEorpa a chur i gcrích. A luaithe a bheidh an Bord Eorpach um Leathsheoltóirí ag feidhmiú, ba cheart deireadh a theacht leis an sainghrúpa sin.
- (58) Tá ról lárnach ag na Ballstáit maidir le cur i bhfeidhm agus forfheidhmiú an Rialacháin seo. I ndáil leis sin, ba cheart do gach Ballstát údarás inniúil náisiúnta amháin nó níos mó a ainmniú ar mhaithe leis an Rialachán seo a chur chun feidhme go héifeachtach agus ba cheart dóibh a áirithiú go bhfuil an chumhacht leordhóthanach agus na hacmhainní leordhóthanacha ag na húdaráis sin. Féadfaidh na Ballstáit údarás nó údaráis atá ann cheana a ainmniú. Chun éifeachtúlacht eagraíochta a mhéadú sna Ballstáit agus chun pointe teagmhála oifigiúil a shocrú i leith an phobail agus contrapháirteanna eile ar leibhéal na mBallstát agus an Aontais, lena n-áirítear an Coimisiún agus an Bord Eorpach um Leathsheoltóirí, ba cheart do gach Ballstát aon phointe teagmhála náisiúnta amháin a ainmniú, laistigh de cheann de na húdaráis a

d'ainmnigh sé mar údarás inniúil faoin Rialachán seo, a bheidh freagrach as saincheistean a bhaineann leis an Rialachán seo agus as comhar trasteorann le húdaráis inniúla na mBallstát eile a chomhordú.

- (59) Chun comhar iontaofa inchiallath a áirithiú idir na húdaráis inniúla ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta, ba cheart do na páirtithe ar fad atá páirteach i gcur i bhfeidhm an Rialacháin seo rúndacht faisnéise agus sonraí a fhaightear agus a gcúraimí á ndéanamh acu a urramú. Níor cheart don Choimisiún ná do na húdaráis inniúla náisiúnta, a n-oifigigh, a seirbhísigh ná daoine eile atá ag oibriú faoi mhaoirseacht na n-údarás sin ná oifigigh agus státseirbhísigh údarás eile de chuid na mBallstát faisnéis a nochtadh a fuair siad nó a mhalartaigh siad de bhun an Rialacháin seo agus den chineál a chumhdaítear ag an oibleagáid maidir le rúndacht ghairmiúil. Ba cheart feidhm a bheith aige sin freisin maidir leis an mBord Eorpach um Leathsheoltóirí agus maidir leis an gCoiste Leathsheoltóirí a bhunaítear leis an Rialachán seo. I gcás inarb iomchuí, ba cheart an Coimisiún a bheith in ann gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh chun na socruithe praiticiúla a shonrú maidir le faisnéis rúnda a láimhseáil i gcomhthéacs an bhailithe faisnéise.
- (60) Ba cheart comhlíonadh na n-oibleagáidí a fhorchuirtear faoin Rialachán seo a bheith infhorfheidhmithe trí bhíthin fineálacha agus íocaíochtaí tréimhsiúla pionóis. Chun na críche sin, ba cheart leibhéil iomchuí fineálacha agus íocaíochtaí tréimhsiúla pionóis a leagan síos freisin i gcás nach gcomhlíontar na hoibleagáidí. Ba cheart feidhm a bheith ag tréimhsí teorann maidir le fineálacha agus íocaíochtaí tréimhsiúla pionóis a fhorchur, sa bhreis ar na tréimhsí teorann chun pionóis a fhorfheidhmiú. Ina theannta sin, ba cheart don Choimisiún an ceart éisteachta a thabhairt don ghnóthas lena mbaineann nó d'eagraíochtaí ionadaíocha de chuid gnóthas.
- (61) Ba cheart an chumhacht gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh a tharmligean chuig an gCoimisiún chun Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo a leasú chun athruithe teicneolaíocha agus forbairtí sa mhargadh a léiriú, maidir leis na gníomhaíochtaí a leagtar amach inti ar bhealach atá comhsheasmhach le cuspóirí an Rialacháin seo agus chun Iarscríbhinn II a ghabhann leis a leasú i dtaca leis na táscairí intomhaiste i gcás ina meastar gur gá sin agus chun an Rialachán seo a fhorlíonadh chomh maith le forálacha maidir le creat faireacháin agus meastóireachta a bhunú. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear é sin a dhéanamh ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfaí na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr⁶³. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, faigheann Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus bíonn rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bhíonn ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.
- (62) Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir le cur chun feidhme an Rialacháin seo, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún a mhéid a bhaineann le roghnú ECICanna agus a mhéid a bhaineann leis an nós imeachta chun cúraimí na lárionad inniúlachta a bhunú agus a shainiú agus an nós imeachta chun an líonra a bhunú, ionas go mbainfear amach cuspóirí an Tionscnaimh.

⁶³ IO L 123, 12.5.2016, lch. 1.

Thairis sin, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún a mhéid a bhaineann leis an gcéim ghéarchéime i ngéarchéim leathsheoltóra a ghníomhachtú, chun freagairt thapa chomhordaithe a cheadú, agus chun na socruithe praiticiúla a shonrú maidir le faisnéis rúnda a láimhseáil. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁶⁴.

- (63) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóir an Rialacháin seo a ghnóthú go leordhóthanach agus, de bharr fhairsinge agus éifeachtaí na gníomhaíochta seo, gur fearr is féidir é a ghnóthú ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun an cuspóir sin a ghnóthú.

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

CAIBIDIL I

FORÁLACHA GINEARÁLTA

Airteagal 1 *Ábhar*

1. Leis an Rialachán seo bunaítear creat chun an earnáil leathsheoltóirí a neartú ar leibhéal an Aontais, go háirithe trí na bearta seo a leanas:
 - (a) bunú an Tionscnaimh Sliseanna don Eoraip (an ‘Tionscnamh’);
 - (b) na critéir a leagan síos chun aitheantas agus tacaíocht a thabhairt do Shaoráidí Táirgeachta Comhtháite ceannródaíocha agus Teilgcheartaí Oscailte AE lena gothófar slándáil an tsoláthair leathsheoltóirí san Aontas;
 - (c) sásra comhordúcháin a chur ar bun idir na Ballstáit agus an Coimisiún chun faireachán a dhéanamh ar an soláthar leathsheoltóirí agus ar an bhfreagairt ar ghéarchéimeanna nuair a bhíonn ganntanais leathsheoltóirí ann.

Airteagal 2 *Sainmhínithe*

1. Chun críocha an Rialacháin seo, beidh feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:
 - (1) ciallaíonn ‘leathsheoltóir’ ceann díobh seo a leanas:
 - (a) ábhar, bíodh an t-ábhar sin eiliminteach, amhail sileacan, nó comhdhúil, amhail cairbíd sileacain, ar féidir a sheoltacht leictreach a mhodhnú, nó
 - (b) comhpháirt atá comhdhéanta de shraith sraitheanna d’ábhair leathsheoltacha, inslithe agus sheoltacha, a shocraítear de réir pátrún

⁶⁴ Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13).

réamhshocraithe, agus atá ceaptha chun feidhmeanna leictreonacha nó fótónaice dea-shainithe a dhéanamh, nó an dá rud;

- (2) ciallaíonn ‘slis’ gaireas leictreonach lena gcuimsítear eilimintí feidhmiúla éagsúla ar aon chuid amháin d’ábhar leathsheoltóra, gaireas arb iondúil dó a bheith i bhfoirm gairis chuimhne, loighce, phróiseálaí agus analógacha, ar a dtugtar ‘ciorcad iomlánaithe’ freisin;
- (3) ciallaíonn ‘nód teicneolaíochta’ an struchtúr ar leathsheoltóir a fheidhmíonn mar gheata trasraitheora agus atá ina thomhas le haghaidh modh monaraíochta i nanaiméadair;
- (4) ciallaíonn ‘slabhra soláthair leathsheoltóirí’ an córas gníomhaíochtaí, eagraíochtaí, gníomhaithe, teicneolaíochta, faisnéise, acmhainní agus seirbhísí atá bainteach leis an táirgeadh leathsheoltóirí, lena n-áirítear amhábhair, trealamh monaraíochta, dearadh, déantúsaíocht, cóimeáil, tástáil agus pacáistiú;
- (5) ciallaíonn ‘slabhra luacha leathsheoltóirí’ an tacar gníomhaíochtaí a bhaineann le táirge leathsheoltóra, óna cheapadh go dtí a úsáid deiridh, lena n-áirítear amhábhair, trealamh monaraíochta, taighde, dearadh, déantúsaíocht, tástáil, cóimeáil agus pacáistiú, go dtí a leabú agus a bhailíochtú i dtáirgí deiridh;
- (6) ciallaíonn ‘líne phíolótach’ tionscadal turgnamhach nó gníomhaíocht thurgnamhach lena dtugtar aghaidh ar ardleibhéil na hUllmhachta Teicneolaí ó leibhéil 3 go 8 chun bonneagar cumasúcháin a fhorbairt ar gá leis chun táirge nó córas a thástáil, a léiriú agus a chalabhrú trí leas a bhaint as toimhdí na samhla.
- (7) ciallaíonn ‘comhordaitheoir’ eintiteas dlítheanach ar ball é de Chuibhreannas Eorpach um Bonneagar Sliseanna arna chruthú i gcomhréir le hAirteagal 7 agus arna cheapadh ag gach comhalta den chuibhreannas sin chun bheith ina phríomhphointe teagmhála chun críoch chaidreamh an chuibhreannais leis an gCoimisiún;
- (8) ciallaíonn ‘fiontair bheaga agus mheánmhéide’ nó ‘FBManna’ fiontair bheaga agus mheánmhéide mar a shainmhínítear in Airteagal 2 den Iarscríbhinn a ghabhann le Moladh 2003/361/CE ón gCoimisiún⁶⁵;
- (9) ciallaíonn ‘cuideachta mheánchaipitlithe’ fiontar nach FBM é agus a fhostaíonn uaslíon 1 500 duine, i gcás ina ríomhtar líon na foirne i gcomhréir le hAirteagal 3 go 6 den Iarscríbhinn a ghabhann le Moladh 2003/361/CE;
- (10) ciallaíonn ‘saoráid cheannródaíoch’ saoráid thionsclaíoch lenar féidir leathsheoltóirí a mhonarú, lena n-áirítear monaraíocht tosaigh nó chúil, nó an dá rud, nach bhfuil ann go substainteach cheana nó a bhfuil gealltanais ann i leith a tógála san Aontas, mar shampla maidir leis an nód teicneolaíochta, an t-ábhar foshraithe, amhail cairbíd síleacain agus nítríd ghailliam, agus nuálaíocht táirgí eile lenar féidir feidhmíocht, atheagrú próiseas gnó nó feidhmíocht fuinnimh agus comhshaoil a chur ar fáil;
- (11) ciallaíonn ‘sliseanna den chéad ghlúin eile’ agus ‘teicneolaíochtaí leathsheoltóra den chéad ghlúin eile’ sliseanna agus teicneolaíochtaí leathsheoltóra a sháraíonn an leibhéal úrscothach maidir le feabhsuithe móra ar

⁶⁵

Moladh ón gCoimisiún an 6 Bealtaine 2003 maidir le micrifhiontair, fiontair bheaga agus fiontair mheánmhéide a shainmhíniú (IO L 124, 20.5.2003, lch. 36).

an gcumhacht ríomhaireachta nó ar an éifeachtúlacht fuinnimh a chur ar fáil, chomh maith le gnóthachain nach beag eile i ndáil le fuinneamh agus an comhshaol;

- (12) ciallaíonn ‘monaraíocht tosaigh’ próiseáil iomlán na sliseoige leathsheoltóra;
- (13) ciallaíonn ‘monaraíocht chúil’ pacáistiú, cóimeáil agus tástáil gach ciorcaid iomlánaithe aonair;
- (14) ciallaíonn ‘úsáideoir leathsheoltóirí’ gnóthas a chuireann táirgí ar fáil ina n-ionchorpraítear leathsheoltóirí;
- (15) ciallaíonn ‘príomhghníomhaithe margaidh tábhachtacha’ gnóthais in earnáil leathsheoltóirí an Aontais, gnóthais a bhfuil a bhfeidhmiú iontaofa fíor-riachtanach don slabhra soláthair leathsheoltóirí;
- (16) ciallaíonn ‘earnáil chriticiúil’ aon earnáil dá dtagraítear san Iarscríbhinn a ghabhann le togra an Choimisiúin maidir le Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle faoi athléimneacht eintiteas criticiúil, na hearnála cosanta agus gníomhaíochtaí eile atá ábhartha maidir leis an tsábháilteacht phoiblí agus an tslándáil phoiblí;
- (17) ciallaíonn ‘táirge atá ábhartha i gcás géarchéime’ leathsheoltóirí agus táirgí idirmheánacha, agus na hamhábhair is gá chun leathsheoltóirí nó táirgí idirmheánacha a tháirgeadh, a ndéanann an ghéarchéim leathsheoltóirí difear dóibh nó a bhfuil tábhacht straitéiseach leo chun an ghéarchéim leathsheoltóirí nó iarmhairtí eacnamaíocha na géarchéime leathsheoltóirí a leigheas;
- (18) ciallaíonn ‘cumas táirgeachta’ aschur féideartha saoráide monaraithe leathsheoltóirí má tá na hacmhainní optamacha ar fáil di, go hiondúil an líon sliseog ar mhéid áirithe is féidir a phróiseáil ag aon tráth amháin;
- (19) ciallaíonn ‘acmhainneacht táirgeachta’ an t-aschur a bhaineann le saoráid monaraithe leathsheoltóirí, go hiondúil an líon sliseog ar mhéid áirithe a phróiseáiltear ag aon tráth amháin de ghnáth.

CAIBIDIL II

AN TIONSCNAMH SLISEANNA DON EORAIP

ROINN 1

FORÁLACHA GINEARÁLTA

Airteagal 3

Bunú an Tionscnaimh

1. Bunaítear an Tionscnamh ar feadh thréimhse an Chreata Airgeadais Ilbhliantúil 2021-2027.
2. Cuirfear tacaíocht ar fáil don Tionscnamh trí chistiú ón gclár Fís Eorpach agus ón gclár don Eoraip Dhigiteach, agus go háirithe Cuspóir Sonrach 6 de, le haghaidh uasmhéid EUR 1.65 billiún agus EUR 1.65 billiún, faoi seach. Cuirfear an cistiú sin chun feidhme i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 2021/695 agus Rialachán (AE) Uimh. 2021/694.

Airteagal 4
Cuspóirí an Tionscnaimh

1. Is é cuspóir ginearálta an Tionscnaimh tacú le fothú acmhainneachta teicneolaíochta ar mórsála agus le nuálaíocht san Aontas trí chéile chun forbairt agus cur chun úsáide teicneolaíochtaí úrscothacha leathsheoltóra agus candamacha den chéad ghlúin eile a chumasú, lena dtreiseofar ard-dearadh, comhtháthú córas agus cumais táirgeachta sliseanna an Aontais, agus a rannchuideoidh leis an aistriú digiteach agus an t-aistriú glas a bhaint amach.
2. Beidh na cúig chuspóir oibríochtúla seo a leanas ag an Tionscnamh:
 - (a) acmhainneachtaí dearthóireachta ardleibhéil ar mórsála a fhorbairt le haghaidh teicneolaíochtaí leathsheoltóra comhtháite. Bainfear an cuspóir oibríochtúil sin amach tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:
 - (1) ardán fíorúil nuálach a fhorbairt a bheidh ar fáil ar fud an Aontais, ina gcomhtháthófar saoráidí dearthóireachta atá ann cheana agus saoráidí deartha nua le leabharlanna leathnaithe agus uirlisí le haghaidh Dearadh Leictreonach Ríomhchuidithe;
 - (2) an acmhainneacht dearthóireachta a uasghrádú chun forbairtí nuálacha leanúnacha a chuimsiú, amhail ailtireachtaí próiseálaí bunaithe ar an ailtireacht foinse oscailte, Ríomhaire le Tacar Laghdaithe Treoracha (RISC-V);
 - (3) an t-éiceachóras leathsheoltóirí a mhéadú trí earnálacha an mhargaidh ingearaigh a chomhtháthú, rud a rannchuideoidh le cláir oibre ghlasa, dhigiteacha agus nuálaíochta an Aontais.
 - (b) na líonta píolótacha atá ann cheana a fheabhsú agus línte píolótacha ardleibhéil nua a fhorbairt. Bainfear an cuspóir oibríochtúil sin amach tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:
 - (1) na cumais teicneolaíochta maidir le teicneolaíochtaí táirgeachta sliseanna den chéad ghlúin eile a neartú, trí ghníomhaíochtaí taighde agus nuálaíochta a chomhtháthú agus trí fhorbairt nód teicneolaíochta na todhchaí a ullmhú, lena n-áirítear nód úrscothacha a bheidh faoi bhun 2 nanaiméadar, Sileacan Lánidithe ar an Inslitheoir (FD-SOI) ag 10 nanaiméadar agus faoina bhun, agus comhtháthú córas ilchineálach 3D agus pacáistiú ardleibhéil;
 - (2) tacú le nuálaíocht ar mórsála trí rochtain ar línte píolótacha nua nó cinn atá ann cheana, le haghaidh turgnamhaíocht, tástáil agus bailíochtú coincheap dearthóireachta nua lena gcomhtháthaítear príomhfheidhmiúlachtaí, amhail ábhair núíosacha agus ailtireachtaí núíosacha le haghaidh leictreonaic chumhachta lena gcothaítear fuinneamh inbhuanaithe agus leictrea-shoghluaisteacht, ídiú fuinnimh níos ísle, slándáil, leibhéil níos airde maidir le feidhmíocht ríomhaireachta nó maidir le teicneolaíochtaí claochlaitheacha a chomhtháthú, amhail sliseanna intleachta saorga néaramorfacha agus leabaithe, fótónaic chomhtháite, graiféin agus teicneolaíochtaí eile bunaithe ar ábhar 2D;

- (3) tacaíocht a sholáthar do Shaoráidí Táirgeachta Comhtháite agus do Theilgcheartaí Oscailte AE trí rochtain tosaíochta ar na línte píolótacha nua.
- (c) ardacmhainneachtaí teicneolaíochta agus innealtóireachta a fhothú chun dlús a chur le forbairt nuálach sliseanna candamacha.
- (d) líonra lárionad inniúlachta a chruthú ar fud an Aontais, chun an méid seo a leanas a dhéanamh:
 - (1) na hacmhainneachtaí a neartú agus réimse leathan saineolais a chur ar fáil do na páirtithe leasmhara, lena n-áirítear FBManna agus gnólachtaí nuathionscanta is úsáideoirí deiridh, rud a éascóidh rochtain ar na hacmhainneachtaí agus na saoráidí thuas, chomh maith lena n-úsáid éifeachtach;
 - (2) aghaidh a thabhairt ar an nganntanas scileanna, chun tallann nua a mhealladh agus chun tacú le teacht chun cinn lucht saothair atá oile go hiomchuí, chun an earnáil leathsheoltóirí a neartú, lena n-áirítear é sin a dhéanamh trí oibrithe a athsciliú agus a uas-sciliú.
- (e) tabhairt faoi ghníomhaíochtaí, a dtabharfar ‘Ciste Sliseanna’ orthu i dteannta a chéile, chun rochtain a éascú do ghnólachtaí atá ag méadú agus do ghnólachtaí nuathionscanta sa slabhra luacha leathsheoltóirí ar mhaoiniú fiachais agus cothromas, trí shaoráid mheasctha faoin gCiste InvestEU agus tríd an gComhairle Nuálaíochta Eorpach, d’fhonn an méid seo a leanas a dhéanamh:
 - (1) feabhas a chur ar an éifeacht ghíarála ar chaiteachas bhuiséad an Aontais agus éifeacht iolraitheora níos airde a bhaint amach i dtaobh maoiniú a mhealladh ón earnáil phríobháideach.
 - (2) tacaíocht a sholáthar do chuideachtaí a bhfuil deacrachtaí acu maoiniú a fháil, agus aghaidh a thabhairt ar an ngá le bonn taca a chur faoi athléimneacht an Aontais agus a Bhallstát;
 - (3) an infheistíocht a luasghéarú sa réimse teicneolaíochtaí monaraithe leathsheoltóirí agus dearaidh sliseanna agus cistiú a ghíaráil ón earnáil phoiblí agus ón earnáil phríobháideach araon, agus slándáil an tsoláthair a mhéadú don slabhra luacha leathsheoltóirí ina iomláine san am céanna.

Airteagal 5

Comhpháirteanna an Tionscnaimh

1. Beidh na cúig chomhpháirt seo a leanas ag an Tionscnamh:
 - (a) acmhainneachtaí dearthóireachta le haghaidh teicneolaíochtaí leathsheoltóra comhtháite;
 - (b) línte píolótacha chun ullmhú le haghaidh táirgeadh nuálach, agus saoráid tástála agus turgnamhaíochta;
 - (c) ardacmhainneachtaí teicneolaíochta agus innealtóireachta le haghaidh sliseanna candamacha;
 - (d) líonra lárionad inniúlachta agus forbairt scileanna;

- (e) gníomhaíochtaí ‘Ciste Sliseanna’ chun rochtain ar mhaoiniú fiachais agus cothromas a chumasú do ghnólachtaí nuathionscanta, gnólachtaí atá ag méadú, FBManna agus cuideachtaí nach iad sa slabhra luacha leathsheoltóirí.

Airteagal 6

Sineirgí le cláir de chuid an Aontais

1. Cumasóidh an Tionscnamh sineirgí le cláir de chuid an Aontais dá dtagraítear in Iarscríbhinn III. Áiritheoidh an Coimisiún nach gcuirfear srian ar bhaint amach na gcuspóirí, agus tairbhe á baint as cineál comhlántach an Tionscnaimh le cláir de chuid an Aontais.

Airteagal 7

Cuibhreannas Eorpach um Bonneagar Sliseanna

1. Chun gníomhaíochtaí incháilithe agus cúraimí bainteacha eile a chur chun feidhme a chisteofar faoin Tionscnamh, féadfar Cuibhreannas Eorpach um Bonneagar Sliseanna (‘ECIC’) a bhunú faoi na coinníollacha a leagtar amach san Airteagal seo.
2. Beidh an méid seo a leanas ag baint le ECIC:
 - (a) beidh pearsantacht dhlítheanach aige ón dáta a thagann an Cinneadh ón gCoimisiún dá dtagraítear i mír 6 i bhfeidhm;
 - (b) beidh oifig chláraithe amháin ar a laghad aige, a bheidh lonnaithe i gcríoch Ballstáit amháin nó níos mó;
 - (c) beidh trí eintiteas dhlítheanacha ar a laghad ann ó thrí Bhallstát ar a laghad agus beidh sé á oibriú mar chuibhreannas earnála príobháidí poiblí, agus na Ballstáit páirteach ann, chomh maith le heintitis dhlítheanacha phríobháideacha;
 - (d) is é a cheapfaidh an comhordaitheoir.
3. Cuirfidh an comhordaitheoir iarratas faoi bhráid an Choimisiúin i scríbhinn, ina mbeidh an méid seo a leanas:
 - (a) iarraidh ar an gCoimisiún an ECIC a chur ar bun, lena n-áirítear liosta na n-eintiteas dlítheanach a bhfuil sé beartaithe go mbeidh siad sa chuibhreannas ECIC;
 - (b) Dréacht-reachtanna ECIC, lena n-áireofar ar a laghad na forálacha maidir leis an méid seo a leanas: an nós imeachta um bunú, ballraíocht, buiséad, oifig chláraithe, dlí agus dlínse is infheidhme, úinéireacht na dtorthaí, rialachas, lena n-áirítear nós imeachta um chinnteoireacht agus ról sonrach agus, más infheidhme, cearta vótála na mBallstát agus an Choimisiúin, leachtú, tuairisciú agus dlíteanas.
4. Athbhreithneoidh an Coimisiún an t-iarratas chun ECIC a chur ar bun ar bhonn na gcritéar uile seo a leanas:
 - (a) na hinniúlachtaí, an fios gnó agus na cumais iomchuí atá ag an ECIC atá beartaithe agus ag na heintitis dhlítheanacha atá á chur ar bun i réimse na leathsheoltóirí;

- (b) an acmhainneacht bhainistithe, an fhoireann agus an bonneagar iomchuí is gá chun na gníomhaíochtaí incháilithe faoin Tionscnamh a dhéanamh;
 - (c) an cumas dlíthiúil agus oibríochtúil chun na rialacha riaracháin, conarthacha agus bainistíochta airgeadais a leagtar síos ar leibhéal an Aontais a chur i bhfeidhm;
 - (d) an inmharthanacht airgeadais iomchuí a chomhfhreagraíonn do leibhéal na gcistí ón Aontas a n-iarrfar air iad a bhainistiú agus a léirítear, i gcás inarb iomchuí, trí ráthaíochtaí a eisíonn údarás poiblí más féidir;
 - (e) an buiséad a chuirfeadh na Ballstáit agus rannpháirtithe earnála príobháidí ar fáil le haghaidh mhaoiniú ECIC, agus módúlachtaí bainteacha;
 - (f) cumas iomchuí ECIC chun cumhdach riachtanais na hearnála tionsclaíochta a áirithiú.
5. Déanfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomh cur chun feidhme agus bunaithe ar na critéir a leagtar amach i mír 4, ceann de na cinntí seo a leanas a ghlacadh:
- (a) ECIC a chur ar bun tar éis dó a chinneadh gur comhlíonadh na ceanglais a leagtar síos i míreanna 3 agus 4;
 - (b) diúltú don iarratas má chinneann sé nár comhlíonadh na ceanglais a leagtar síos i míreanna 3 agus 4.
- Déanfar an gníomh cur chun feidhme a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 33(2).
6. Cuirfear an cinneadh dá dtagraítear i mír 5 in iúl do na hiarratasóirí.
7. Foilseofar an cinneadh maidir le bunú ECIC in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.
8. Beidh neamhspleáchas substaintiúil foriomlán ag ECIC chun a bhallraíocht, a rialachas, a chistiú, a chearta vótála agus a mhodhanna oibre a leagan síos, chomh maith lena bhuiséad agus na módúlachtaí trína n-iarrtar ranníocaíochtaí airgeadais ar na comhaltaí. Mar sin féin, beidh eagar, comhdhéanamh agus modhanna oibre ECIC, lena n-áirítear aon leasú ar na Reachtanna, i gcomhréir agus ina rannchuidiú le haidhmeanna agus cuspóirí an Rialacháin seo agus an Tionscnaimh Sliseanna don Eoraip agus tabharfar fógra don Choimisiún ina leith.
9. Cuirfidh ECIC tuarascáil bhliantúil ar ghníomhaíochtaí ar fáil, ina mbeidh tuairisc theicniúil ar a ghníomhaíochtaí mar aon le ráiteas airgeadais. Déanfar an tuarascáil bhliantúil ar ghníomhaíochtaí a tharchur don Choimisiún agus cuirfear ar fáil í go poiblí. Féadfaidh an Coimisiún moltaí a sholáthar maidir leis na hábhair a chumhdaítear sa tuarascáil bhliantúil ar ghníomhaíochtaí.

Airteagal 8

Líonra Eorpach lárionad inniúlachta maidir le leathsheoltóirí

- 1. Chun gníomhaíochtaí a chur chun feidhme faoi chomhpháirt an Tionscnaimh dá dtagraítear in Airteagal 5, pointe (d), féadfar líonra Eorpach lárionad inniúlachta maidir le leathsheoltóirí (an ‘líonra’) a bhunú.
- 2. I ndáil le cur chun feidhme gníomhaíochtaí faoi chomhpháirt an Tionscnaimh dá dtagraítear in Airteagal 5, pointe (d), féadfaidh an líonra na gníomhaíochtaí seo a leanas nó cuid díobh a dhéanamh chun sochair d’earnáil tionsclaíochta an Aontais,

go háirithe FBManna agus cuideachtaí meánchaipitlithe, chomh maith leis an earnáil phoiblí:

- (a) rochtain a sholáthar ar sheirbhísí dearthóireachta agus uirlisí dearthóireachta faoi chomhpháirt an Tionscnaimh dá dtagraítear in Airteagal 5, pointe (a), agus ar na línte píolótacha a bhfuil tacaíocht á fáil acu faoi chomhpháirt an Tionscnaimh dá dtagraítear in Airteagal 5, pointe (b);
 - (b) feasacht a ardú agus an fios gnó, an saineolas agus na scileanna is gá a sholáthar do na páirtithe leasmhara, a chabhróidh leo dlús a chur le forbairt agus comhtháthú teicneolaíochtaí, roghanna dearthóireachta agus coincheapa córais nua maidir le leathsheoltóirí trí leas éifeachtach a bhaint as an mbonneagar;
 - (c) feasacht a ardú agus rochtain a sholáthar nó a áirithiú ar shaineolas, fios gnó agus seirbhísí, lena n-áirítear ullmhacht i gcomhair dearadh córas, línte píolótacha nua agus línte píolótacha atá ann cheana agus na bearta tacaíochta is gá chun scileanna agus acmhainneachtaí inniúlachta a fhorbairt le tacaíocht ón Tionscnamh seo;
 - (d) aistriú saineolais agus feasa gnó idir na Ballstáit agus idir réigiúin a éascú agus malartú scileanna, eolais, agus dea-chleachtas a spreagadh, mar aon le cláir chomhpháirteacha;
 - (e) gníomhaíochtaí oiliúna sonracha maidir le teicneolaíochtaí leathsheoltóra a fhorbairt agus a bhainistiú chun tacú le forbairt na linne tallann san Aontas.
3. Ainmneoidh na Ballstáit lárionaid inniúlachta is iarrthóirí i gcomhréir lena nósanna imeachta agus lena struchtúir riaracháin agus institiúideacha náisiúnta trí phróiseas oscailte iomaíoch. Déanfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, an nós imeachta a leagan síos chun lárionaid inniúlachta a bhunú, lena n-áirítear na critéir roghnúcháin, chomh maith le cúraimí agus feidhmeanna breise de chuid na lárionad i ndáil le cur chun feidhme na ngníomhaíochtaí faoin Tionscnamh, an nós imeachta chun an líonra a bhunú, chomh maith le cinntí a ghlacadh maidir le roghnú na n-eintiteas a bheidh sa líonra. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 33(2).
4. Beidh neamhspleáchas foriomlán suntasach ag an líonra chun a eagar, a chomhdhéanamh agus a mhodhanna oibre a leagan síos. Mar sin féin, beidh eagar, comhdhéanamh agus modhanna oibre an líonra i gcomhréir agus ina rannchuidiú le haidhmeanna agus cuspóirí an Rialacháin seo agus an Tionscnaimh.

Airteagal 9 *Cur chun feidhme*

1. Na comhpháirteanna a liostaítear i bpointí (a) go (d) d'Airteagal 5 faoin Tionscnamh, féadfar iad a chur mar chúram ar an gComhghnóthas um Shliseanna dá dtagraítear i Rialachán XX/XX ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/2085 ón gComhairle, agus féadfar iad a chur chun feidhme i gclár oibre an Chomhghnóthais um Shliseanna.
2. Chun athruithe teicneolaíocha agus forbairtí sa mhargadh a léiriú, tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 32 chun Iarscríbhinn I a leasú maidir leis na gníomhaíochtaí a leagtar

amach inti ar bhealach atá comhsheasmhach le cuspóirí an Tionscnaimh, mar a leagtar amach in Airteagal 4.

3. Chun cur chun feidhme agus measúnú éifeachtach an Tionscnaimh a áirithiú, tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 32 chun larscríbhinn II a leasú maidir leis na táscairí intomhaiste chun faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme an Tionscnaimh agus chun tuairisciú air ar mhaithe le baint amach a chuspóirí mar a leagtar amach iad in Airteagal 4.

CAIBIDIL III

SLÁNDÁIL AN TSOLÁTHAIR

Airteagal 10

Shaoráidí Táirgeachta Chomhtháite

1. Is éard is Saoráid Táirgeachta Chomhtháite ann saoráidí ceannródaíocha dearthóireachta agus monaraithe leathsheoltóirí, lena n-áirítear monaraíocht tosaigh nó chúil, nó an dá rud, san Aontas a rannchuidíonn le slándáil an tsoláthair don mhargadh inmheánach.
2. Comhlíonfaidh Saoráid Táirgeachta Chomhtháite na critéir seo a leanas:
 - (a) tá sí cáilithe chun bheith ina saoráid cheannródaíoch;
 - (b) tá tionchar dearfach soiléir ag a bunú agus a hoibriú ar shlabhra luacha leathsheoltóirí an Aontais maidir le slándáil an tsoláthair a áirithiú agus an lucht saothair cáilithe a mhéadú;
 - (c) ráthaíonn sí gan bheith faoi réir cur i bhfeidhm seach-chríochach oibleagáidí seirbhíse poiblí a bhaineann le tríú tíortha ar chaoi a d'fhéadfadh dochar a dhéanamh do chumas an ghnóthais na hoibleagáidí a leagtar amach in Airteagal 21(1) a chomhlíonadh, agus geallann sí an Coimisiún a chur ar an eolas i gcás ina dtagann oibleagáid mar sin chun cinn;
 - (d) geallann sí infheistíocht a dhéanamh sa chéad ghlúin eile de shliseanna.
3. Chun infheistíocht a dhéanamh sa chéad ghlúin eile de shliseanna de réir mhír 2, pointe (d), beidh rochtain tosaíochta ag an tSaoráid Táirgeachta Chomhtháite ar na línte píolótacha a cuireadh ar bun i gcomhréir le hAirteagal 5, pointe (b). Aon rochtain tosaíochta a thabharfar, beidh sí gan dochar do rochtain éifeachtach aon ghnóthais leasmhair eile ar na línte píolótacha.

Airteagal 11

Teilgcheartaí Oscailte AE

1. Is éard is Teilgcheartaí Oscailte AE ann saoráidí ceannródaíocha monaraithe leathsheoltóirí, idir mhonaraíocht tosaigh agus mhonaraíocht chúil, nó an dá rud, san Aontas a thairgeann acmhainneacht táirgeachta do ghnóthais nach bhfuil baint acu leis an tsaoráid, agus a rannchuidíonn ar an gcaoi sin le slándáil an tsoláthair don mhargadh inmheánach.
2. Is gá do Theilgcheartaí Oscailte AE na critéir seo a leanas a chomhlíonadh:
 - (a) tá sí cáilithe chun bheith ina saoráid cheannródaíoch;

- (b) tá tionchar dearfach soiléir ag a bunú agus a hoibriú ar shlabhra luacha leathsheoltóirí an Aontais maidir le slándáil an tsoláthair a áirithiú agus an lucht saothair cáilithe a mhéadú; agus aird ar leith á díriú ar a mhéid a thairgeann sí acmhainneacht táirgeachta tosaigh nó chúil, nó an dá rud, do ghnóthais nach bhfuil baint acu leis an tsaoráid, más ann d'éileamh leordhóthanach;
 - (c) ráthaíonn sí gan bheith faoi réir cur i bhfeidhm seach-chríochach oibleagáidí seirbhíse poiblí a bhaineann le tríú tíortha ar chaoi a d'fhéadfadh dochar a dhéanamh do chumas an ghnóthais na hoibleagáidí a leagtar amach in Airteagal 21(1) a chomhlíonadh, agus geallann sí an Coimisiún a chur ar an eolas i gcás ina dtagann oibleagáid mar sin chun cinn;
 - (d) geallann sí infheistíocht a dhéanamh sa chéad ghlúin eile de shliseanna.
3. I gcás ina dtairgeann Teilgcheárta Oscailte AE acmhainneacht táirgeachta do ghnóthais nach mbaineann le hoibreoir na saoráide, bunóidh sí agus coimeádfaidh sí deighilt fheidhmiúil leormhaith éifeachtach na bpróiseas dearthóireachta agus monaraíochta chun cosaint na faisnéise a ghnóthaítear ag gach céim a áirithiú.
 4. Chun infheistíocht a dhéanamh sa chéad ghlúin eile de shliseanna de réir mhír 2, pointe (d), beidh rochtain tosaíochta ag an Teilgcheárta Oscailte AE ar na línte píolótacha a cuireadh ar bun i gcomhréir le hAirteagal 5, pointe (b). Aon rochtain tosaíochta a thabharfar, beidh sí gan dochar do rochtain éifeachtach aon ghnóthais leasmhair eile ar na línte píolótacha.

Airteagal 12

Cur i bhfeidhm agus aitheantas

1. Féadfaidh aon ghnóthas nó cuibhreannas gnóthas ('iarratasóir') iarratas a chur faoi bhráid an Choimisiúin chun aitheantas mar Shaoráid Táirgeachta Chomhtháite nó mar Teilgcheárta Oscailte AE a bhaint amach le haghaidh na saoráide atá beartaithe ag an iarratasóir.
2. Déanfaidh an Coimisiún, i gcomhairle leis an mBord Eorpach um Leathsheoltóirí, measúnú ar an iarratas trí phróiseas cóir trédhearcach a bheidh bunaithe ar na heilimintí seo a leanas:
 - (a) comhlíonadh na gcritéar a leagtar amach in Airteagal 10(2) nó in Airteagal 11(2);
 - (b) plean gnó ina ndéantar meastóireacht ar inmharthanacht airgeadais an tionscadail, lena n-áirítear faisnéis maidir le haon tacaíocht phoiblí atá beartaithe;
 - (c) taithí chruthaithe an iarratasóra ar shaoráidí cosúla a shuiteáil agus a oibriú;
 - (d) soláthar doiciméid tacaíochta iomchuí lena gcruthaítear go bhfuil an Ballstát nó na Ballstáit ina bhfuil sé beartaithe ag an iarratasóir a shaoráid a bhunú, ullamh chun cur ar bun saoráid den chineál sin a éascú.

Déanfaidh an Coimisiún an t-iarratas a phróiseáil agus a chinneadh a ghlacadh go tráthúil agus cuirfidh sé an t-iarratasóir ar an eolas faoin méid sin.

3. Déanfaidh an Coimisiún faireachán ar ghníomhaíochtaí na Saoráidí Táirgeachta Comhtháite agus na dTeilgcheártaí Oscailte AE. I gcás ina bhfaigheann an Coimisiún amach nach bhfuil na critéir a leagtar amach in Airteagal 10(2) nó in Airteagal 11(2),

faoi seach, á gcomhlíonadh ag saoráid a thuilleadh, tabharfaidh sé fógra faoin méid sin don Bhord Eorpach um Leathsheoltóirí. Tar éis don Choimisiún dul i gcomhairle leis an mBord Eorpach um Leathsheoltóirí agus tar éis dó éisteacht a thabhairt don tsaoaráid, féadfaidh sé an cinneadh lenar deonaíodh stádas Saoráide Táirgeachta Comhtháite nó Teilgchearta Oscailte AE ar shaoráid a aisghairm.

4. Féadfaidh an Coimisiún, tar éis dó dul i gcomhairle leis an mBord Eorpach um Leathsheoltóirí, cinneadh lenar aithníodh stádas Saoráide Táirgeachta Comhtháite nó Teilgchearta Oscailte AE a aisghairm má bhí an t-aitheantas sin bunaithe ar iarratas ina raibh faisnéis mhíchruinn.
5. Saoráidí nach Saoráidí Táirgeachta Comhtháite agus Teilgcheartaí Oscailte AE a thuilleadh iad, caillfidh siad na cearta uile a bhaineann le haithint an stádais sin a eascraíonn as an Rialachán seo.

Airteagal 13

Leas poiblí agus tacaíocht phoiblí

1. Meastar go rannchuidíonn Saoráidí Táirgeachta Comhtháite agus Teilgcheartaí Oscailte AE leis an slándáil soláthair leathsheoltóirí san Aontas agus gur chun an leasa phoiblí iad dá bhrí sin.
2. Chun slándáil soláthair a bhaint amach san Aontas, féadfaidh na Ballstáit, gan dochar d'Airteagail 107 agus 108 den Chonradh, scéimeanna tacaíochta a chur i bhfeidhm agus foráil a dhéanamh maidir le tacaíocht riaracháin do Shaoráidí Táirgeachta Comhtháite agus Teilgcheartaí Oscailte AE i gcomhréir le hAirteagal 14.

Airteagal 14

Luathú náisiúnta na nósanna imeachta um dheonú ceadanna

1. Áiríteoidh na Ballstáit go ndéanfar iarratais riaracháin a bhaineann le pleanáil, tógáil agus oibriú Saoráidí Táirgeachta Comhtháite agus Teilgcheartaí Oscailte AE a phróiseáil go héifeachtúil tráthúil. Chun an méid sin a bhaint amach, áiríteoidh na húdaráis náisiúnta uile lena mbaineann go gcaithfear chomh mear agus is féidir de réir dlí leis na hiarratais sin.
2. I gcás inarb ann don chineál seo stádais sa dlí náisiúnta, sannfar stádas na tábhachta náisiúnta is airde is féidir do Shaoráidí Táirgeachta Comhtháite agus Teilgcheartaí Oscailte AE agus caithfear leo dá réir maidir le próisis deonaithe ceadanna, lena n-áirítear ceadanna a bhaineann le measúnuithe comhshaoil agus, má fhoráiltear amhlaidh sa dlí náisiúnta, maidir leis an bpleanáil spásúlachta.
3. Féadfar slándáil an tsoláthair leathsheoltóirí a mheas mar chúis dhianriachtanach leasa phoiblí sháraithigh de réir bhrí Airteagal 6(4) agus Airteagal 16(1)(c) de Threoir 92/43/CEE agus mar ábhar leasa phoiblí sháraithigh de réir bhrí Airteagal 4(7) de Threoir 2000/60. Dá bhrí sin, féadfar pleanáil, tógáil agus oibriú Saoráidí Táirgeachta Comhtháite agus Teilgcheartaí Oscailte AE a mheas mar ábhar leasa phoiblí sháraithigh, ar choinníoll go gcomhlíontar na coinníollacha eile atá fágtha a leagtar amach sna forálacha seo.
4. I gcás gach Saoráide Táirgeachta Comhtháite agus Teilgcheartaí Oscailte AE, ainmneoidh an Ballstát lena mbaineann údarás a bheidh freagrach as iarratais riaracháin i dtaca le pleanáil, tógáil agus oibriú a éascú agus a chomhordú. Ceapfaidh an t-údarás comhordaitheoir a bheidh ina phointe teagmhála aonair don tSaoráid

Táirgeachta Comhtháite nó don Teilgchearta Oscailte AE. Féadfaidh an t-údarás meitheal a bhunú ina mbeidh ionadaíocht ag gach údarás lena mbaineann na hiarratais riaracháin, chun sceideal deonaithe ceadanna a tharraingt suas agus chun cur chun feidhme an sceidil a chomhordú agus faireachán a dhéanamh air. Má tá ceanglas ann cinntí a ghlacadh in dá Bhallstát nó níos mó mar thoradh ar bhunú Saoráide Táirgeachta Comhtháite nó Teilgchearta Oscailte AE, glacfaidh na húdaráis bhainteacha gach beart is gá chun comhar agus comhordú éifeachtúil éifeachtach a bhaint amach eatarthu féin.

CAIBIDIL IV

FAIREACHÁN AGUS FREAGAIRT AR GHÉARCHÉIMEANNA

ROINN 1 FAIREACHÁN

Airteagal 15 *Faireachán agus foláireamh*

1. Déanfaidh na Ballstáit faireachán rialta ar an slabhra luacha leathsheoltóirí. Déanfaidh siad an méid seo a leanas go háirithe:
 - (a) faireachán a dhéanamh ar tháscairí luathrabhaidh arna sainaitheint de bhun Airteagal 16;
 - (b) faireachán a dhéanamh ar infhaighteacht agus sláine na seirbhísí agus na n-earraí a sholáthraíonn na príomhghníomhaithe margaidh arna sainaitheint de bhun Airteagal 17.

Soláthróidh na Ballstáit torthaí ábhartha don Bhord Eorpach um Leathsheoltóirí i bhfoirm nuashonruithe rialta.
2. Iarrfaidh na Ballstáit ar na príomhúsáideoirí leathsheoltóirí agus ar pháirtithe leasmhara ábhartha eile faisnéis a sholáthar maidir le luaineachtaí móra éilimh agus bristeacha aitheanta ina slabhraí soláthair. Chun an malartú faisnéise a éascú, déanfaidh na Ballstáit foráil maidir le sásra agus córas riaracháin le haghaidh na nuashonruithe sin.
3. Féadfaidh na húdaráis inniúla náisiúnta arna n-ainmniú de bhun Airteagal 26(1) faisnéis a iarraidh ar eagraíochtaí ionadaíocha gnóthas nó ar ghnóthais aonair a oibríonn feadh an tslabhra soláthair leathsheoltóirí i gcás inar gá agus inar comhréireach chun críoch mhír 1. I gcás mar sin díreoidh na húdaráis inniúla náisiúnta aird faoi leith ar FBManna chun an t-ualach riaracháin a bheidh ann mar thoradh ar an iarraidh a laghdú agus tabharfaidh siad tús áite do réitigh dhigiteacha chun faisnéis mar sin a fháil. Aon fhaisnéis a fhaightear de bhun na míre seo, caithfear léi i gcomhréir leis na hoibleagáidí rúndachta a leagtar amach in Airteagal 27.
4. I gcás ina bhfaigheann Ballstát amach faoi ghéarchéim leathsheoltóirí a d'fhéadfadh a bheith ann nó luaineacht mhór ar an éileamh, nó i gcás ina bhfuil faisnéis nithiúil iontaofa aige faoi aon toisc nó teagmhas riosca eile atá ag teacht chun cinn, cuirfidh sé an Coimisiún ar a airdeall láithreach ('luathrabhadh').

5. I gcás ina bhfaigheann an Coimisiún amach faoi ghéarchéim fhéideartha leathsheoltóirí nó luaineacht mhór fhéideartha ar an éileamh, nó i gcás ina bhfuil faisnéis nithiúil iontaofa aige faoi aon toisc nó teagmhas riosca eile atá ag teacht chun cinn, bunaithe ar fholáireamh ó Bhallstát arna sholáthar i gcomhréir le mír 4, nó trí fhoinsí eile, lena n-áirítear faisnéis ó chomhpháirtithe idirnáisiúnta, déanfaidh sé an méid seo a leanas gan moill mhíchuí:
 - (a) cruinniú urghnách an Bhoird Eorpaigh um Leathsheoltóirí a thionól chun na gníomhaíochtaí seo a leanas a chomhordú:
 - (1) measúnú a dhéanamh ar cé acu atá nó nach bhfuil údar le gníomhachtú na céime géarchéime dá dtagraítear in Airteagal 18;
 - (2) plé a dhéanamh ar cé acu atá nó nach bhfuil sé iomchuí, riachtanach agus comhréireach do na Ballstáit leathsheoltóirí, táirgí idirmheánacha nó amhábhair a cheannach go comhpháirteach má dhéanann – nó má tá baol ann go ndéanfaidh – géarchéim fhéideartha leathsheoltóirí difear do na nithe sin ('soláthar comhordaithe');
 - (b) dul i gcomhairle nó i gcomhar le tríú tíortha ábhartha, thar ceann an Aontais, d'fhonn réitigh chomhoibríocha a aimsiú chun aghaidh a thabhairt ar bhristeacha sa slabhra soláthair, i gcomhréir le hoibleagáidí idirnáisiúnta. Féadfaidh comhordú i bhfóraim idirnáisiúnta ábhartha a bheith i gceist leis sin, i gcás inarb iomchuí.
6. An soláthar comhordaithe dá dtagraítear i mír 5, pointe (a)(ii), déanfaidh na Ballstáit é i gcomhréir leis na rialacha a leagtar amach in Airteagal 38 de Threoir 2014/24/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁶⁶.
7. Déanfaidh na húdaráis inniúla náisiúnta arna n-ainmniú de bhun Airteagal 26(1) gnóthais a mhapáil atá ag oibriú feadh an tslabhra soláthair leathsheoltóirí ina gcrioch náisiúnta, lena n-áirítear faisnéis neamhrúnda faoi na seirbhísí nó earraí, agus sonraí teagmhála. Tabharfaidh siad fógra don Choimisiún faoin liosta sin agus faoi aon nuashonrú air ina dhiaidh sin. Féadfaidh an Coimisiún treoir a eisiúint, tar éis dó dul i gcomhairle leis an mBord Eorpach um Leathsheoltóirí, chun an fhaisnéis atá le bailiú a shonrú a thuilleadh agus chun na sonraíochtaí agus na formáidí teicniúla a shainiú.

Airteagal 16

Measúnú riosca an Aontais agus táscairí luathrabhaidh

1. Tar éis don Choimisiún dul i gcomhairle leis an mBord Eorpach um Leathsheoltóirí, déanfaidh sé measúnú ar na rioscaí a d'fhéadfadh briseadh a chruthú sa soláthar leathsheoltóirí, cur as dó nó difear diúltach a dhéanamh dó (measúnú riosca an Aontais). I measúnú riosca an Aontais, déanfaidh an Coimisiún táscairí luathrabhaidh a shainiú.
2. Athbhreithneoidh an Coimisiún measúnú riosca an Aontais, lena n-áirítear na táscairí luathrabhaidh, de réir mar is gá.

⁶⁶ Treoir 2014/24/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le soláthar poiblí agus lena n-aisghairtear Treoir 2004/18/CE (IO L 94, 28.3.2014, lch. 65).

3. Agus faireachán á dhéanamh ag na Ballstáit ar an slabhra luacha leathsheoltóirí de bhun Airteagal 15, déanfaidh siad faireachán ar na táscairí luathrabhaidh a shainaithneoidh an Coimisiún.

Airteagal 17

Na príomhghníomhaithe margaidh

1. Déanfaidh na Ballstáit príomhghníomhaithe margaidh feadh na slabhraí soláthair leathsheoltóirí a shainaithint ina gcríoch náisiúnta, agus na heilimintí seo a leanas á dtabhairt san áireamh acu:
 - (a) an líon gnóthas Aontais eile a bhraitheann ar sheirbhís nó earra atá á sholáthar ag gníomhaí margaidh;
 - (b) an sciar de mhargadh an Aontais nó den mhargadh domhanda atá ag an bpríomhghníomhaí margaidh i margadh na seirbhísí nó na n-earraí sin;
 - (c) an tábhacht a bhaineann le gníomhaí margaidh maidir le leibhéal leormhaith de sholáthar seirbhíse nó earra a choinneáil ar bun san Aontas, agus infhaighteacht modhanna malartacha le haghaidh sholáthar na seirbhíse nó an earra sin á cur san áireamh;
 - (d) an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag míshocracht soláthair na seirbhíse nó an earra arna chur ar fáil ag an ngníomhaí margaidh ar shlabhra soláthair leathsheoltóirí an Aontais agus ar na margaí a bhraitheann ar an slabhra sin.
2. Agus faireachán á dhéanamh ag na Ballstáit ar an slabhra luacha leathsheoltóirí de bhun Airteagal 15, déanfaidh siad faireachán, tar éis dóibh dul i gcomhairle leis an mBord Eorpach um Leathsheoltóirí, ar infhaighteacht agus sláine na seirbhísí nó earraí a bhíonn á soláthar ag na príomhghníomhaithe margaidh sin.

ROINN 2

CÉIM GHÉARCHÉIME AN TSOLÁTHAIR LEATHSHEOLTÓIRÍ

Airteagal 18

An chéim ghéarchéime a ghníomhachtú

1. Measfar go mbeidh géarchéim leathsheoltóirí i gceist i gcás ina dtarlóidh bristeacha tromchúiseacha sa soláthar leathsheoltóirí, a bheidh ina chúis le ganntanais mhóra, agus an méid seo a leanas mar thoradh orthu:
 - (a) moilleanna móra nó iarmhairtí diúltacha nach beag ar earnáil eacnamaíoch thábhachtach amháin nó níos mó san Aontas, nó
 - (b) cosc ar sholáthar, deisiú agus coinneáil ar bun táirgí fíor-riachtanacha a bhíonn á n-úsáid ag earnálacha criticiúla.
2. I gcás ina soláthraítear le measúnú de chuid an Choimisiúin fianaise nithiúil, thromchúiseach agus iontaofa go bhfuil géarchéim leathsheoltóirí ann, féadfaidh an Coimisiún an chéim ghéarchéime a ghníomhachtú trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme i gcomhréir le hAirteagal 33(2). Sonrófar tréimhse an ghníomhachtaithe sa ghníomh cur chun feidhme. I gcás ina n-éileofar amhlaidh, i bhfianaise raon feidhme agus thromchúis na géarchéime leathsheoltóirí, mar gheall ar mhórfhorais phráinne a bhfuil údar cuí leo, beidh feidhm ag an nós imeachta dá bhforáiltear in

Airteagal 33(3) maidir le gníomhartha cur chun feidhme a ghlacfar de bhun an Airteagail seo.

3. Sula dtéann an tréimhse in éag a ndearnadh an chéim ghéarchéime a ghníomhachtú dá barr, déanfaidh an Coimisiún measúnú, tar éis dó dul i gcomhairle leis an mBord Eorpach um Leathsheoltóirí, ar cé acu is ceart nó nár cheart fad a chur le gníomhachtú na céime géarchéime. I gcás ina gcinntear sa mheasúnú gurb iomchuí fad a chur leis an tréimhse, féadfaidh an Coimisiún an gníomhachtú a fhadú trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme. Déanfar tréimhse an fhadaithe a shonrú sna gníomhartha cur chun feidhme a ghlacfar i gcomhréir le hAirteagal 33(2). Féadfaidh an Coimisiún a chinneadh arís agus arís eile fad a chur le gníomhachtú na céime géarchéime i gcás inarb iomchuí an méid sin.
4. I rith na céime géarchéime, déanfaidh an Coimisiún, ar a iarraidh sin do Bhallstát nó ar a thionscnamh féin, cruinnithe urghnácha an Bhoird Eorpaigh um Leathsheoltóirí a thionól de réir mar is gá. Oibreoidh na Ballstáit i ndlúthchomhar leis an gCoimisiún agus comhordóidh siad aon bheart náisiúnta a ghlacfar maidir leis an slabhra soláthair leathsheoltóirí laistigh den Bhord Eorpach um Leathsheoltóirí.
5. Ar dhul in éag na tréimhse a ndearnadh an chéim ghéarchéime a ghníomhachtú ina leith, ní bheidh feidhm a thuilleadh ag na bearta a glacadh i gcomhréir le hAirteagal 20, 21 agus 22. Athbhreithneoidh an Coimisiún measúnú riosca an Aontais de bhun Airteagal 16(2) tráth nach déanaí ná 6 mhí tar éis dhul in éag thréimhse na céime géarchéime.

Airteagal 19

Bosca uirlisí éigeandála

1. I gcás inar gníomhachtaíodh an chéim ghéarchéime agus i gcás inarb iomchuí chun aghaidh a thabhairt ar an ngéarchéim leathsheoltóirí san Aontas, glacfaidh an Coimisiún an beart dá bhforáiltear in Airteagal 20 faoi na coinníollacha a leagtar síos ann. Ina theannta sin, féadfaidh an Coimisiún na bearta a ghlacadh dá bhforáiltear in Airteagal 21 nó Airteagal 22, nó sa dá cheann, faoi na coinníollacha a leagtar síos sna hAirteagail sin.
2. Tar éis don Choimisiún dul i gcomhairle leis an mBord Eorpach um Leathsheoltóirí, féadfaidh sé na bearta dá bhforáiltear in Airteagal 21 agus 22 a theorannú d'earnálacha criticiúla áirithe a bhfuil suaitheadh maidir lena n-oibriú i gceist, nó a bhfuil baol ann go mbeadh suaitheadh ina n-oibriú, mar gheall ar an ngéarchéim leathsheoltóirí.
3. I gcás inar gníomhachtaíodh an chéim ghéarchéime agus i gcás inarb iomchuí chun aghaidh a thabhairt ar an ngéarchéim leathsheoltóirí san Aontas, féadfaidh an Bord Eorpach um Leathsheoltóirí an méid seo a leanas a dhéanamh:
 - (a) measúnú a dhéanamh ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag forchur na mbeart cosanta a mheas, agus áirítear leis sin go háirithe a mheas cé acu a chomhfhreagraíonn nó nach gcomhfhreagraíonn staid an mhargaidh le ganntanas mór de tháirge fíor-riachtanach de bhun Rialachán 2015/479, agus tuairim a sholáthar don Choimisiún;
 - (b) tuilleadh beart éigeandála éifeachtach iomchuí a sholáthar agus comhairle a chur ar fáil ina leith.

4. Beidh úsáid na mbeart dá dtagraítear i mír 1 comhréireach agus teoranta dá bhfuil gá leis chun aghaidh a thabhairt ar bhristeacha tromchúiseacha feidhmeanna sochaíocha nó gníomhaíochtaí eacnamaíocha san Aontas, agus is gá úsáid na mbeart a bheith chun leas an Aontais. Le húsáid na mbeart, seachnófar FBManna a chur faoi ualach riaracháin díréireach.
5. Cuirfidh an Coimisiún Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle ar an eolas go tráthrialta faoi aon bheart a ghlactar i gcomhréir le mír 1, agus míneoidh sé cad is údar lena chinneadh.
6. Féadfaidh an Coimisiún, tar éis dó dul i gcomhairle leis an mBord Eorpach um Leathsheoltóirí, treoir a eisiúint faoi chur chun feidhme agus úsáid na mbeart éigeandála.

Airteagal 20
Bailiú faisnéise

1. Tar éis don Choimisiún dul i gcomhairle leis an mBord Eorpach um Leathsheoltóirí, iarrfaidh sé ar eagraíochtaí ionadaíocha gnóthas nó, i gcás inar gá, ar ghnóthais aonair a oibríonn feadh an tslabhra soláthair leathsheoltóirí, an Coimisiún a chur ar an eolas faoina gcumais táirgeachta, a n-acmhainneachtaí táirgeachta, agus príomhbhristeacha i láthair na huaire, agus sonraí eile atá ann cheana a sholáthar ar gá leo chun cineál na géarchéime leathsheoltóirí a mheas nó chun bearta maolaithe nó éigeandála féideartha ar an leibhéal náisiúnta nó ar leibhéal an Aontais a shainaithint agus a mheas.
2. Leis an iarraidh ar fhaisnéis sonrófar an bunús dlí atá léi, beidh sí comhréireach i dtéarmaí ghráinneacht agus mhéid na sonraí agus mhinicíocht na rochtana ar na sonraí arna n-iarraidh, tabharfar aird inti ar aidhmeanna dlisteanacha an ghnóthais agus ar an gcostas agus an iarracht is gá chun na sonraí a chur ar fáil, agus leagfar amach inti an teorainn ama a gcaithfear na sonraí a chur ar fáil laistigh di. Sonrófar inti freisin na pionóis dá bhforáiltear in Airteagal 28.
3. Soláthróidh úinéirí na ngnóthas nó ionadaithe dá gcuid agus, i gcás daoine dlítheanacha, cuideachtaí nó gnólachtaí, nó comhlachais nach bhfuil aon phearsantacht dhlítheanach acu, na daoine atá údaraithe ionadaíocht a dhéanamh dóibh de réir dlí nó de réir a mbunreachta, an fhaisnéis arna iarraidh thar ceann an ghnóthais nó an chomhlachais gnóthas lena mbaineann. Dlíodóirí atá údaraithe go cuí chun gníomhú, féadfaidh siad an fhaisnéis a sholáthar thar ceann a gcliant. Is iad na cliant a bheidh freagrach go hiomlán fós má tá an fhaisnéis a sholáthraítear neamhiomlán, míchruinn nó míthreorach.
4. Má sholáthraíonn gnóthas faisnéis atá neamhiomlán, míchruinn nó míthreorach mar fhreagairt ar iarraidh a dhéantar de bhun an Airteagail seo, nó mura soláthraíonn sé an fhaisnéis laistigh den teorann ama atá leagtha síos, beidh sé faoi réir fineálacha a shocrófar i gcomhréir le hAirteagal 28.
5. Má tá gnóthas a bunaíodh san Aontas faoi réir iarraidh ó thríú tír ar fhaisnéis a bhaineann lena ghníomhaíochtaí leathsheoltóra, is gá dó an Coimisiún a chur ar an eolas sa chaoi gur féidir leis an gCoimisiún faisnéis chosúil a iarraidh. Cuirfidh an Coimisiún an Bord Eorpach um Leathsheoltóirí ar an eolas go bhfuil iarraidh den chineál sin ann ó thríú tír.

Airteagal 21
Orduithe a bhfuil rátáil tosaíochta ag baint leo

1. I gcás inar gá agus inar comhréireach chun oibriú gach earnála criticiúla nó earnálacha criticiúla áirithe a áirithiú, féadfaidh an Coimisiún iallach a chur ar Shaoráidí Táirgeachta Comhtháite agus ar Theilgcheartaí Oscailte AE glacadh le hordú táirgí atá ábhartha i gcás géarchéime agus tús áite a thabhairt dó ('ordú a bhfuil rátáil tosaíochta ag baint leis'). Beidh tús áite ag an oibleagáid ar aon oibleagáid feidhmíochta faoin dlí príobháideach nó faoin dlí poiblí.
2. An oibleagáid faoi mhír 1, féadfar í a fhorchur mar cheangal ar ghnóthais leathsheoltóirí eile a ghlac an fhéidearthacht sin i gcomhthéacs tacaíocht phoiblí a fháil.
3. I gcás ina bhfuil gnóthas leathsheoltóirí arna bhunú san Aontas faoi réir beart tríú tír maidir le hordú a bhfuil rátáil tosaíochta ag baint leis, cuirfidh sé an Coimisiún ar an eolas faoi sin. I gcás ina n-imríonn an oibleagáid sin tionchar mór ar oibriú earnálacha criticiúla áirithe, féadfaidh an Coimisiún ceangal a fhorchur ar an ngnóthas sin orduithe táirgí atá ábhartha maidir leis an ngéarchéim a ghlacadh agus tús áite a thabhairt dóibh i gcomhréir le míreanna 4, 5 agus 6.
4. Déanfaidh an Coimisiún na hoibleagáidí faoi mhíreanna 1, 2 agus 3 a achtú trí chinneadh. Glacfar an cinneadh i gcomhréir leis na hoibleagáidí dlíthiúla Aontais uile is infheidhme, agus aird á tabhairt ar thosca an cháis, lena n-áirítear prionsabail an riachtanais agus na comhréireachta. Leis an gcinneadh tabharfar aird go háirithe ar aidhmeanna dlísteanaigh an ghnóthais lena mbaineann agus ar an gcostas agus an iarracht is gá chun aon athrú ar an seicheamh táirgeachta a dhéanamh. Ina chinneadh, sonróidh an Coimisiún bunús dlí an ordaithe a bhfuil rátáil tosaíochta ag baint leis, socróidh sé an teorainn ama ar laistigh de a bheidh an t-ordú le tabhairt i gcrích, agus, i gcás inarb infheidhme, sonróidh sé an táirge agus an méid agus luafaidh sé na pionóis dá bhforáiltear in Airteagal 28 maidir le neamhchomhlíonadh na hoibleagáide. An t-ordú a bhfuil rátáil tosaíochta ag baint leis, déanfar é ar phraghas cóir réasúnta.
5. Beidh ceangal ar an ngnóthas lena mbaineann ordú a bhfuil rátáil tosaíochta ag baint leis a ghlacadh agus tús áite a thabhairt dó. Féadfaidh an gnóthas iarraidh ar an gCoimisiún an t-ordú a bhfuil rátáil tosaíochta ag baint leis a athbhreithniú i gcás ina measann sé go bhfuil údar cuí leis sin bunaithe ar cheann amháin de na forais seo a leanas:
 - (a) mura bhfuil an gnóthas in ann an t-ordú a bhfuil rátáil tosaíochta ag baint leis a dhéanamh mar thoradh ar chumas táirgeachta nó acmhainneacht táirgeachta neamhleordhóthanach, fiú i gcás cóir fhabhrach i leith an ordaithe;
 - (b) dá mbeadh an gnóthas faoi ualach eacnamaíoch míréasúnta agus dá mbeadh cruatan ar leith i gceist don ghnóthas mar thoradh ar ghlacadh an ordaithe.
6. I gcás ina bhfuil ceangal ar ghnóthas glacadh le hordú a bhfuil rátáil tosaíochta ag baint agus tús áite a thabhairt dó, ní bheidh sé faoi dhliteanas maidir le haon sárú oibleagáidí conarthacha atá riachtanach chun an t-ordú a bhfuil rátáil tosaíochta ag baint leis a chomhlíonadh. Ní eisiafar an dliteanas ach a mhéid a bhí gá le sárú na n-oibleagáidí conarthacha chun an sannadh tosaíochta a chomhlíonadh a raibh sainordú ann ina leith.

Airteagal 22
Ceannach comhchoiteann

1. Féadfaidh an Coimisiún, ar a iarraidh sin do Bhallstát amháin nó níos mó, sainordú a leagan síos chun gníomhú mar chomhlacht lárnach ceannaigh thar ceann na mBallstát rannpháirteach ('Ballstáit rannpháirteacha') le haghaidh a soláthair phoiblí táirgí atá ábhartha i gcás géarchéime le haghaidh earnálacha criticiúla áirithe ('ceannach comhchoiteann').
2. Déanfaidh an Coimisiún, i gcomhairle leis an mBord Eorpach um Leathsheoltóirí, measúnú ar fhóntas, riachtanas agus comhréireacht na hiarrata. I gcás nach bhfuil rún ag an gCoimisiún an iarraidh a chomhlíonadh, cuirfidh sé na Ballstáit lena mbaineann agus an Bord Eorpach um Leathsheoltóirí ar an eolas faoin méid sin, agus luafaidh sé na cúiseanna gur dhiúltaigh sé don iarraidh.
3. Déanfaidh an Coimisiún togra a tharraingt suas maidir le creat-chomhaontú a bheidh le síniú ag na Ballstáit rannpháirteacha. Leis an gcreat-chomhaontú sin eagrófar go mionsonraithe an ceannach comhchoiteann dá dtagraítear i mír 1.
4. An soláthar faoin Rialachán seo, déanfaidh an Coimisiún é i gcomhréir leis na rialacha a leagtar amach sa Rialachán Airgeadais maidir lena sholáthar féin. Féadfaidh sé a bheith de chumas agus de fhreagracht ag an gCoimisiún, thar ceann na mBallstát rannpháirteach uile, conarthaí a dhéanamh le hoibreoirí eacnamaíocha, lena n-áirítear táirgeoirí aonair táirgí atá ábhartha i gcás géarchéime, maidir le ceannach táirgí den chineál sin nó maidir le réamh-mhaoiniú táirgeadh nó forbairt táirgí den chineál sin mar chúiteamh ar cheart tosaíochta chun an toraidh.
5. I gcás ina n-áirítear le soláthar táirgí atá ábhartha i gcás géarchéime maoiniú ó bhuiséad an Aontais, féadfar coinníollacha sonracha a leagan amach i gcomhaontuithe sonracha le hoibreoirí eacnamaíocha.
6. Is é an Coimisiún a dhéanfaidh na nósanna imeachta soláthair agus na comhaontuithe le hoibreoirí eacnamaíocha a thabhairt i gcrích thar ceann na mBallstát rannpháirteach. Iarrfaidh an Coimisiún ar na Ballstáit rannpháirteacha ionadaithe a cheapadh chun páirt a ghlacadh in ullmhú na nósanna imeachta soláthair. Is faoi na Ballstáit rannpháirteacha a bheidh an fhreagracht fós as cur i bhfeidhm agus úsáid na dtáirgí ceannaithe.

CAIBIDIL V

RIALACHAS

ROINN 1

AN BORD EORPACH UM LEATHSHEOLTÓIRÍ

Airteagal 23
Bunú agus cúraimí an Bhoird Eorpaigh um Leathsheoltóirí

1. Tá an Bord Eorpach um Leathsheoltóirí curtha ar bun.
2. Soláthróidh an Bord Eorpach um Leathsheoltóirí comhairle agus cúnamh don Choimisiún de bhun an Rialacháin seo agus, go háirithe, tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:

- (a) comhairle a sholáthar faoin Tionscnamh do Bhord Údarás Poiblí an Chomhghnóthais um Shliseanna;
 - (b) faisnéis a mhalartú faoi fheidhmiú na Saoraidí Táirgeachta Comhtháite agus na dTeilgcheartaí Oscailte AE;
 - (c) plé agus socruithe a dhéanamh maidir le sainaitheint earnálacha agus teicneolaíochtaí sonracha lena mbaineann tionchar ard sóisialta agus tábhacht dá bhrí sin maidir leis an tslándáil, earnálacha agus teicneolaíochtaí ar gá le deimhniú le haghaidh táirgí iontaofa ina leith;
 - (d) aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna maidir le faireachán agus freagairt ar ghéarchéimeanna;
 - (e) comhairle a sholáthar maidir le cur i bhfeidhm comhsheasmhach an Rialacháin seo, comhar a éascú i measc na mBallstát agus faisnéis a mhalartú faoi shaincheisteanna a bhaineann leis an Rialachán seo.
3. Tacóidh an Bord Eorpach um Leathsheoltóirí leis an gCoimisiún maidir leis an gcomhar idirnáisiúnta, lena n-áirítear faisnéis a bhailiú agus measúnú géarchéime, i gcomhréir leis na hoibleagáidí idirnáisiúnta.
 4. Áiritheoidh an Bord Eorpach um Leathsheoltóirí comhordú, comhar agus malartú faisnéise, i gcás inarb iomchuí, leis na struchtúir ábhartha um fhreagairt ar ghéarchéimeanna agus um ullmhacht i gcomhair géarchéimeanna, struchtúir arna mbunú faoi dhlí an Aontais.

Airteagal 24

Struchtúr an Bhoird Eorpaigh um Leathsheoltóirí

1. Is iad ionadaithe ó na Ballstáit a bheidh ar an mBord Eorpach um Leathsheoltóirí agus beidh ionadaí ón gCoimisiún ina chathaoirleach air.
2. Gach pointe teagmhála aonair náisiúnta, dá dtagraítear in Airteagal 26(3), ceapfaidh sé ionadaí ardleibhéil ar an mBord Eorpach um Leathsheoltóirí. I gcás inarb ábhartha a mhéid a bhaineann leis an bhfeidhm agus an saineolas, féadfaidh Ballstát níos mó ná ionadaí amháin a bheith aige i ndáil le cúraimí éagsúla de chuid an Bhoird Eorpaigh um Leathsheoltóirí. Beidh comhalta malartach ag gach comhalta den Bhord Eorpach um Leathsheoltóirí.
3. Ar thogra ón gCoimisiún agus i gcomhaontú leis an gCoimisiún, déanfaidh an Bord Eorpach um Leathsheoltóirí a rialacha nós imeachta a ghlacadh trí thromlach simplí a chomhaltaí.
4. Féadfaidh an Coimisiún foghrúpaí buana nó sealadacha a bhunú chun scrúdú a dhéanamh ar cheisteanna sonracha. I gcás inarb iomchuí, féadfaidh an Coimisiún cuireadh a thabhairt d'eagraíochtaí a dhéanann ionadaíocht ar leasanna an tionscail leathsheoltóirí, lena n-áirítear an Chomhghuaillíocht Thionsclaíoch um Phróiseálaithe agus Teicneolaíochtaí Leathsheoltóra agus úsáideoirí leathsheoltóirí ar leibhéal an Aontais, a bheith páirteach sna foghrúpaí sin i gcáil breathnóirí. Bunófar foghrúpa lena n-áireofar Eagraíochtaí Taighde agus Teicneolaíochta de chuid an Aontais chun scrúdú a dhéanamh ar ghnéithe sonracha i dtaca le treonna straitéiseacha teicneolaíochta agus chun tuairisciú don Bhord Eorpach um Leathsheoltóirí faoin méid sin.

Airteagal 25
Oibriú an Bhoird Eorpaigh um Leathsheoltóirí

1. Tionólfaidh an Bord Eorpach um Leathsheoltóirí gnáthchruinnithe uair amháin sa bhliain ar a laghad. Féadfaidh sé cruinnithe urghnácha a thionól ar a iarraidh sin don Choimisiún nó do Bhallstát agus dá dtagraítear in Airteagail 15 agus 18.
2. Tionólfaidh an Bord Eorpach um Leathsheoltóirí cruinnithe ar leith le haghaidh a chúraimí dá dtagraítear in Airteagal 23(2), pointe (a), agus le haghaidh a chúraimí dá dtagraítear in Airteagal 23(2), pointí (b), (c) agus (d).
3. Tionólfaidh an Cathaoirleach na cruinnithe agus ullmhóidh sé an clár oibre i gcomhréir le cúraimí an Bhoird Eorpaigh um Leathsheoltóirí de bhun an Rialacháin seo agus lena rialacha nós imeachta. Soláthróidh an Coimisiún tacaíocht riaracháin agus anailiseach le haghaidh ghníomhaíochtaí an Bhoird Eorpaigh um Leathsheoltóirí de bhun Airteagal 23.
4. Féadfaidh an Coimisiún breathnóirí a cheapadh chun páirt a ghlacadh sna cruinnithe, de réir mar is iomchuí. Féadfaidh an Coimisiún cuireadh a thabhairt do shaineolaithe a bhfuil saineolas sonrach acu faoi ábhar atá ar an gclár oibre, lena n-áirítear saineolaithe ó eagraíochtaí páirtithe leasmhara ábhartha, chun páirt a ghlacadh i gcruinnithe an Bhoird Eorpaigh um Leathsheoltóirí ar bhonn *ad hoc*. Féadfaidh an Coimisiún malartuithe idir an Bord Eorpach um Leathsheoltóirí agus comhlachtaí, oifigí, gníomhaireachtaí agus grúpaí comhairleacha eile de chuid an Aontais a éascú. Tabharfaidh an Coimisiún cuireadh d'ionadaí ó Pharlaimint na hEorpa a bheith ina bhreathnóir ar an mBord Eorpach um Leathsheoltóirí. Áiritheoidh an Coimisiún rannpháirtíocht institiúidí agus comhlachtaí Aontais ábhartha eile mar bhreathnóirí ar an mBord Eorpach um Leathsheoltóirí i ndáil le cruinnithe a bhaineann le Caibidil IV maidir le *faireachán agus freagairt ar ghéarchéimeanna*. Ní bheidh cearta vótála ag na breathnóirí agus na saineolaithe agus ní ghlacfaidh siad páirt i gceapadh tuairimí, moltaí ná comhairle an Bhoird Eorpaigh um Leathsheoltóirí ná a fhoghrúpaí.
5. Glacfaidh an Bord Eorpach um Leathsheoltóirí gach beart is gá chun láimhseáil agus próiseáil shábháilte na faisnéise rúnda a áirithiú.

ROINN 2
ÚDARÁIS INNIÚLA NÁISIÚNTA

Airteagal 26
Ainmniú na n-údarás inniúil náisiúnta agus pointí teagmhála aonair

1. Ainmneoidh gach Ballstát údarás inniúil náisiúnta amháin nó níos mó chun cur i bhfeidhm agus cur chun feidhme an Rialacháin seo ar an leibhéal náisiúnta a áirithiú.
2. I gcás ina n-ainmníonn Ballstáit níos mó ná údarás inniúil náisiúnta amháin, leagfaidh siad amach go soiléir freagrachtaí gach ceann de na húdaráis lena mbaineann agus áiritheoidh siad go gcomhoibreoidh na húdaráis go héifeachtach éifeachtúil chun a gcúraimí faoin Rialachán seo a chomhlíonadh, lena n-áirítear na tascanna a bhaineann le hainmniú agus gníomhaíochtaí an phointe teagmhála aonair náisiúnta dá dtagraítear i mír 3.

3. Ainmneoidh gach Ballstát pointe teagmhála aonair náisiúnta amháin chun feidhm idirchaidrimh a fheidhmiú chun comhar trasteorann le húdaráis inniúla náisiúnta Ballstát eile, leis an gCoimisiún agus leis an mBord Eorpach um Leathsheoltóirí a áirithiú ('pointe teagmhála aonair'). I gcás nach n-ainmníonn Ballstát ach aon údarás inniúil amháin, is é an t-údarás inniúil sin a bheidh ina phointe teagmhála aonair freisin.
4. Tabharfaidh gach Ballstát fógra don Choimisiún faoi ainmniú an údaráis inniúil náisiúnta agus, i gcás inarb infheidhme, na cúiseanna le níos mó ná údarás inniúil náisiúnta amháin a ainmniú, agus faoin bpointe teagmhála aonair, lena n-áirítear a gcúraimí agus freagrachtaí beachta faoin Rialachán seo, a sonraí teagmhála agus aon athrú ar na sonraí ina dhiaidh sin.
5. Áiritheoidh na Ballstáit go bhfeidhmeoidh na húdaráis inniúla náisiúnta, lena n-áirítear an pointe teagmhála aonair a ainmneofar, a gcumhachtaí ar bhealach neamhchlaonta, trédhearcach agus tráthúil agus go soláthrófar dóibh na cumhachtaí agus na hacmhainní teicniúla, airgeadais agus daonna leordhóthanacha is gá chun a gcúraimí a chomhlíonadh faoin Rialachán seo.
6. Áiritheoidh na Ballstáit go rachaidh na húdaráis inniúla náisiúnta i gcomhairle le húdaráis náisiúnta ábhartha eile, agus le páirtithe leasmhara ábhartha agus go gcomhoibreoidh siad leo, i gcás inarb iomchuí, agus i gcomhréir le dlí an Aontais agus leis an dlí náisiúnta. Éascóidh an Coimisiún an malartú taithí idir údaráis inniúla náisiúnta.

CAIBIDIL VI

RÚNDACHT AGUS PIONÓIS

Airteagal 27

Faisnéis rúnda a láimhseáil

1. Ní nochtfaidh an Coimisiún agus na húdaráis inniúla náisiúnta, a n-oifigigh, a seirbhísigh agus daoine eile a oibríonn faoi mhaoirseacht na n-údarás sin, chomh maith le hoifigigh agus státseirbhísigh údarás eile de chuid na mBallstát, faisnéis a fuair siad nó a mhalartaigh siad de bhun an Rialacháin seo ná faisnéis den chineál a chumhdaítear leis an oibleagáid maidir le rúndacht ghairmiúil. Urramóidh siad rúndacht na faisnéise agus na sonraí a fhaigheann siad le linn dá gcúraimí agus gníomhaíochtaí a bheith á ndéanamh acu, ar bhealach a chosnóidh go háirithe cearta maoine intleachtúla agus faisnéis ghnó íogair nó rúin cheirde. Bainfidh an oibleagáid sin le hionadaithe uile na mBallstát agus leis na breathnóirí, saineolaithe agus rannpháirtithe eile ar fad a fhreastalaíonn ar chruinnithe an Bhoird Eorpaigh um Leathsheoltóirí de bhun Airteagal 23 agus le comhaltaí an Choiste de bhun Airteagal 33(1).
2. I gcás inar gá, féadfaidh an Coimisiún agus na Ballstáit faisnéis rúnda a mhalartú le húdaráis inniúla tríú tíortha a bhfuil socruithe rúndachta déthaobhacha nó ilthaobhacha comhaontaithe acu leo chun leibhéal leormhaith rúndachta a sholáthar.
3. Féadfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh, de réir mar is gá tar éis taithí arna gnóthú sa bhailiú faisnéise, chun na socruithe praiticiúla a shonrú

maidir le faisnéis rúnda a láimhseáil i gcomhthéacs malartú faisnéise de bhun an Rialacháin seo. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 33(2).

Airteagal 28 *Pionóis agus fineálacha*

1. Féadfaidh an Coimisiún an méid seo a leanas a dhéanamh, trí chinneadh, i gcás ina meastar é sin a bheith riachtanach agus comhréireach:
 - (a) fineálacha a fhorchur, i gcás ina soláthraíonn gnóthas nó eagraíochtaí ionadaíocha gnóthas, d'aon ghnó nó trí mhórfhaillí, faisnéis mhíchruinn, neamhiomlán nó mhíthreorach mar fhreagairt ar iarraidh a rinneadh de bhun Airteagal 20, nó mura soláthraíonn gnóthas nó eagraíochtaí ionadaíocha gnóthas an fhaisnéis laistigh den teorainn ama atá forordaithe;
 - (b) fineálacha a fhorchur i gcás nach gcomhlíonann gnóthas, d'aon ghnó nó trí mhórfhaillí, an oibleagáid chun an Coimisiún a chur ar an eolas faoi oibleagáid tríú tír de bhun Airteagal 20(5) agus Airteagal 21(3);
 - (c) íocaíochtaí pionósacha tréimhsiúla a fhorchur i gcás nach gcomhlíonann gnóthas, d'aon ghnó nó trí mhórfhaillí, oibleagáid chun tús áite a thabhairt do tháirgeadh na dtáirgí atá ábhartha i gcás géarchéime de bhun Airteagal 21.
2. Fíneálacha a fhorchuirfear sna cásanna dá dtagraítear i mír 1(a) agus (b), ní sháróidh siad EUR 300 000.
3. Íocaíochtaí pionósacha tréimhsiúla a fhorchuirfear sna cásanna dá dtagraítear i mír 1(c), ní sháróidh siad 1.5 % den mheánláimhdeachas laethúil sa bhliain ghnó roimhe sin le haghaidh gach lá oibre de neamhchomhlíonadh na hoibleagáide de bhun Airteagal 21, a ríomhfar ón dáta atá leagtha síos sa chinneadh.
4. Agus méid na fineála nó na híocaíochta pionósáí tréimhsiúla á shocrú, tabharfar aird ar chineál, tromchúis agus fad an tsáraithe, agus aird chuí á tabhairt ar phrionsabail na comhréireachta agus na hoiriúnachta.
5. I gcás ina sásaíonn an gnóthas an oibleagáid a bhí an íocaíocht phionósach thréimhsiúil ceaptha a fhorfheidhmiú, féadfaidh an Coimisiún méid cinntitheach na híocaíochta pionósáí tréimhsiúla a shocrú ag figiúr níos ísle ná an figiúr a bheadh i gceist faoin gcinneadh bunaidh.
6. Beidh dlínse neamhtheoranta ag Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh chun athbhreithniú a dhéanamh ar chinntí ina bhfuil fineáil nó íocaíocht phionósach thréimhsiúil socraithe ag an gCoimisiún. Féadfaidh sí an fhíneáil nó an íocaíocht phionósach thréimhsiúil arna forchur a chealú, a laghdú nó a mhéadú.

Airteagal 29 *Tréimhse theorann chun fineálacha agus íocaíochtaí pionósacha tréimhsiúla a fhorchur*

1. Beidh na cumhachtaí a thugtar don Choimisiún le hAirteagal 28 faoi réir na dtréimhsí teorann seo a leanas:
 - (a) 2 bhliain i gcás sáruithe forálacha a bhaineann le hiarrataí faisnéise de bhun Airteagal 20;
 - (b) 2 bhliain i gcás sáruithe forálacha a bhaineann le hoibleagáid faisnéise de bhun Airteagal 20(5) agus Airteagal 21(3);

- (c) 3 bliana i gcás sáruithe forálacha a bhaineann leis an oibleagáid chun tús áite a thabhairt do tháirgeadh na dtáirgí atá ábhartha i gcás géarchéime de bhun Airteagal 21.
- 2. Tosófar ar áireamh na tréimhse ama ar an lá a dhéanfar an sárú. I gcás sáruithe leanúnacha agus sáruithe a dhéantar arís agus arís eile, áfach, tosófar ar áireamh na tréimhse ama ar an lá a thiocfaidh deireadh leis an sárú.
- 3. Aon bheart a dhéanann an Coimisiún nó údaráis inniúla na mBallstát chun comhlíonadh na bhforálacha sa Rialachán seo a áirithiú, cuirfidh an beart sin isteach ar an tréimhse theorann.
- 4. Beidh an cur isteach ar an tréimhse theorann i bhfeidhm i gcás na bpáirtithe uile atá freagrach as bheith rannpháirteach sa sárú.
- 5. Tosófar ag áireamh an ama as an nua le gach cur isteach. Rachaidh an tréimhse theorann in éag, áfach, ar a dhéanaí, ar an lá a bheidh tréimhse imithe thart atá cothrom le dhá oiread na tréimhse teorann gan fineáil ná íocaíocht phionósach thréimhsiúil a bheith forchurtha ag an gCoimisiún. Déanfar an tréimhse sin a shíneadh leis an am ar cuireadh an tréimhse theorann ar fionraí lena linn mar tá cinneadh an Choimisiúin ina ábhar sna himeachtaí atá ar feitheamh os comhair Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh.

Airteagal 30

Tréimhse theorann maidir le forfheidhmiú pionós

- 1. An chumhacht atá ag an gCoimisiún chun cinntí a ghlacfar de bhun Airteagal 28 a fhorfheidhmiú, beidh sí faoi réir thréimhse theorann 3 bliana.
- 2. Tosófar ar áireamh na tréimhse ama ar an lá a dhéanfar cinneadh críochnaitheach den chinneadh.
- 3. Cuirfear isteach ar an tréimhse theorann maidir le fineálacha agus íocaíochtaí pionósacha tréimhsiúla a fhorchur:
 - (a) le fógra a thabharfar faoi chinneadh lena n-athraítear méid bunaidh na fineála nó na híocaíochta pionósaí tréimhsiúla nó lena ndiúltaítear iarraidh ar athrú;
 - (b) le gníomh ar bith a dhéanfaidh an Coimisiún nó a dhéanfaidh Ballstát, agus é ag gníomhú arna iarraidh sin don Choimisiún, atá ceaptha chun íocaíocht na fineála nó na híocaíochta pionósaí tréimhsiúla a fhorfheidhmiú.
- 4. Tosófar ag áireamh an ama as an nua le gach cur isteach.
- 5. Cuirfear an tréimhse theorann maidir le forfheidhmiú fineálacha agus íocaíochtaí pionósacha tréimhsiúla ar fionraí:
 - (a) go ceann dheireadh an ama ina bhfuil cead íocaíocht a dhéanamh;
 - (b) go ceann dheireadh an ama ina bhfuil forfheidhmiú na híocaíochta ar fionraí de bhun cinneadh ón gCúirt Bhreithiúnais.

Airteagal 31

An ceart chun éisteacht a fháil maidir le forchur fineálacha agus íocaíochtaí pionósacha tréimhsiúla

1. Sula nglacfaidh an Coimisiún le cinneadh de bhun 28, tabharfaidh sé deis don ghnóthas nó d'eagraíochtaí ionadaíocha gnóthas lena mbaineann éisteacht a fháil maidir leis an méid seo a leanas:
 - (a) réamhthorthaí an Choimisiúin, lena n-áirítear aon ábhar a ndearna an Coimisiún agóidí ina aghaidh;
 - (b) bearta a d'fhéadfadh a bheith beartaithe ag an gCoimisiún iad a dhéanamh i bhfianaise na réamhthorthaí de bhun phointe (a) den mhír seo.
2. Féadfaidh gnóthais agus eagraíochtaí ionadaíocha gnóthas lena mbaineann a gcuid tuairimí maidir le réamhthorthaí an Choimisiúin a chur isteach laistigh de theorainn ama a shocróidh an Coimisiún sna réamhthorthaí uaidh agus nach bhféadfaidh a bheith níos lú ná 14 lá.
3. Ní bhunóidh an Coimisiún a chinntí ach amháin ar agóidí a raibh gnóthais agus eagraíochtaí ionadaíocha gnóthas lena mbaineann in ann tuairimí a thabhairt ina leith.
4. Déanfar cearta cosanta an ghnóthais agus eagraíochtaí ionadaíocha gnóthas lena mbaineann a urramú go hiomlán in aon imeacht. Beidh an gnóthas nó eagraíochtaí ionadaíocha gnóthas lena mbaineann i dteideal rochtain a fháil ar chomhad an Choimisiúin faoi théarmaí nochta idirbheartaithe, faoi réir leas dlisteanach gnóthas maidir lena rúin ghnó a chosaint. Ní áireofar leis an gceart rochtana ar an gcomhad faisnéis rúnda agus doiciméid inmheánacha de chuid an Choimisiúin nó de chuid údaráis na mBallstát. Ní áireofar leis an gceart rochtana comhfhreagras idir an Coimisiún agus údaráis na mBallstát go háirithe. Ní chuirfidh aon rud sa mhír seo cosc ar an gCoimisiún faisnéis a nochtadh agus a úsáid, ar faisnéis í atá riachtanach chun sárú a chruthú.

CAIBIDIL VII

TARMLIGEAN CUMHACHTA AGUS AN NÓS IMEACHTA COISTE

Airteagal 32

An tarmligean a fheidhmiú

1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.
2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 9(2) agus (3) a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse neamhchinntithe ama amhail ó dháta theacht i bhfeidhm an ghnímh reachtaigh.
3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 9(2) agus (3) a chúlghairm tráth ar bith. Le cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh, cuirfear deireadh le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní

dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghnímh tharmligthe atá i bhfeidhm cheana féin.

4. Sula nglacfaidh sé gníomh tarmligthe, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúchán le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr.
5. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra, an tráth céanna, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoi.
6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghactar de bhun Airteagal 9(2) agus (3) i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa nó ag an gComhairle laistigh de thréimhse 2 mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa nó don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú 2 mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

Airteagal 33
An Coiste

1. Gheobhaidh an Coimisiún cúnamh ó choiste ('an Coiste Leathsheoltóirí'). Beidh an coiste sin ina choiste de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.
2. I gcás ina ndéantar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.
3. I gcás ina ndéantar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 8 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011, i gcomhar le hAirteagal 5 den Rialachán sin.

CAIBIDIL VIII

FORÁLACHA CRÍOCHNAITHEACHA

Airteagal 34

Leasuithe ar Rialachán (AE) 2021/694 lena mbunaítear an Clár don Eoraip Dhigiteach agus lena n-aisghairtear Cinneadh (AE) 2015/2240

1. Leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 2021/694 mar seo a leanas:
 - (1) in **Airteagal 3(2)** cuirtear isteach an pointe (f) seo a leanas:
'(f) Cuspóir Sonrach 6 – Leathsheoltóirí';
 - (2) cuirtear Airteagal 8a isteach mar a leanas:
'Airteagal 8a
Cuspóir Sonrach 6 – Leathsheoltóirí

An ranníocaíocht airgeadais ón Aontas faoi Chuspóir Sonrach 6 – Leathsheoltóirí, saothróidh sé na cuspóirí a leagtar síos i bpointí (a) go (d) d’Airteagal 4 de Rialachán XX/XX ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.’;

(3) Leasaítear **Airteagal 9(1) agus (2)** mar seo a leanas:

‘Airteagal 9

Buiséad

1. Is é EUR 8 638 000 000 i bpraghsanna reatha a bheidh san imchlúdach airgeadais le haghaidh chur chun feidhme an Chláir don tréimhse ón 1 Eanáir 2021 go dtí an 31 Nollaig 2027.

2. Maidir leis an méid dá dtagraítear i mír 1, is mar a leanas a dháileadh tásach:

EUR 2 076 914 000 le haghaidh Chuspóir Sonrach 1 – an Ríomhaireacht Ardfeidhmíochta;

EUR 1 841 956 000 le haghaidh Chuspóir Sonrach 2 – an Intleacht Shaorga;

EUR 1 529 566 000 le haghaidh Chuspóir Sonrach 3 – an Chibearshlándaíl agus Iontaoibh;

EUR 517 347 000 le haghaidh Chuspóir Sonrach 4 – Ardscileanna Digiteacha;

EUR 1 022 217 000 le haghaidh Chuspóir Sonrach 5 – Cur Chun Úsáide agus Úsáid is Fearr na n-Acmhainneachtaí Digiteacha agus Idir-inoibritheachta;

EUR 1 650 000 000 le haghaidh Chuspóir Sonrach 6 – Leathsheoltóirí.’;

(4) in **Airteagal 11**, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

‘2. Comhar le tríú tíortha agus eagraíochtaí dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo i dtaca le Cuspóirí Sonracha 1, 2, 3 agus 6, beidh sé faoi réir Airteagal 12.’

(5) in **Airteagal 12**, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 6:

‘6. I gcás ina bhfuil údar cuí leis ar chúiseanna slándála, féadfar a fhoráil sa chlár oibre freisin nach bhféadfar eintitis dhlítheanacha atá bunaithe i dtíortha comhlachaithe agus eintitis dhlítheanacha atá bunaithe san Aontas ach atá á rialú ó thríú tíortha a bheith incháilithe chun bheith rannpháirteach sna gníomhaíochtaí ar fad, nó i gcuid díobh, faoi Chuspóirí Sonracha 1, 2 **agus 6** ach amháin má chomhlíonann siad na ceanglais atá le comhlíonadh ag na heintitis dhlítheanacha sin chun a ráthú go gcosnófar leasanna bunúsacha slándála an Aontais agus na mBallstát agus chun a áirithiú go gcosnófar an fhaisnéis rúnaicmithe faoi dhoiciméid. Leagfar na ceanglais sin amach sa chlár oibre.’;

(6) in **Airteagal 13** cuirtear an mhír 3 seo a leanas leis:

‘3. Tugtar tuairisc ar shineirgí Chuspóir Sonrach 6 le Cláir eile de chuid an Aontais in Airteagal 6 agus Iarscríbhinn III de Rialachán XX/XX.’;

(7) Leasaítear **Airteagal 14** mar a leanas:

cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

- (8) ‘1. Is faoi bhainistíocht dhíreach a chuirfear an Clár chun feidhme, i gcomhréir leis an Rialachán Airgeadais, nó is faoi bhainistíocht indíreach a chuirfear chun feidhme é trí chúraimí cur chun feidhme áirithe a chur ar iontaoibh na gcomhlachtaí dá dtagraítear i bpointe (c) den chéad fhomhír d’Airteagal 62(1) den Rialachán Airgeadais, i gcomhréir le hAirteagail 4 go 8a den Rialachán seo. Ní fhéadfaidh na comhlachtaí ar a gcuirtear de chúram an Clár a chur chun feidhme imeacht ó na rialacha maidir le rannpháirtíocht agus scaipeadh a leagtar síos sa Rialachán seo ach amháin i gcás ina ndéantar foráil maidir le himeacht den sórt sin sa ghníomh dlí lena mbunaítear na comhlachtaí sin nó lena gcuirtear cúraimí cur chun feidhme buiséid ar a n-iontaoibh nó, le haghaidh na gcomhlachtaí dá dtagraítear i bpointe (c)(ii), (iii) nó (v) den chéad fhomhír d’Airteagal 62(1) den Rialachán Airgeadais, i gcás ina ndéantar foráil maidir le himeacht den sórt sin sa chomhaontú ranníocaíochta agus má éilítear sin i ngeall ar riachtanais oibríochtúla shonracha comhlachtaí den sórt sin nó ar chineál na gníomhaíochta.’;
- (9) in **Airteagal 14**, cuirtear an mhír seo a leanas leis:
- ‘4. I gcás ina gcomhlíontar na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 22 de Rialachán XX/XX, beidh feidhm ag forálacha an Airteagail sin.’;
- (10) in **Airteagal 17**, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:
1. Ní bheidh ach gníomhaíochtaí a rannchuidíonn leis na cuspóirí a leagtar síos in Airteagal 3 go hAirteagal 8a a bhaint amach incháilithe chun cistiú a fháil.’;
- (11) in **Iarscríbhinn I** cuirtear an mhír seo a leanas isteach:
- ‘Cuspóir Sonrach 6 – Leathsheoltóirí
- Soláthraítear gníomhaíochtaí faoi Chuspóir Sonrach 6 in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán XX/XX.’;
- (12) in **Iarscríbhinn II** cuirtear an mhír seo a leanas isteach:
- ‘Cuspóir Sonrach 6 – Leathsheoltóirí
- Soláthraítear táscairí intomhaiste chun faireachán a dhéanamh ar an gcur chun feidhme agus chun tuairisciú ar dhul chun cinn Chuspóir Sonrach 6 in Iarscríbhinn II an Rialacháin XX/XX.’;
- (13) in **Iarscríbhinn III** cuirtear an mhír seo a leanas isteach:
- ‘Cuspóir Sonrach 6 – Leathsheoltóirí Soláthraítear sineirgí le Cláir Aontais maidir le Cuspóir Sonrach 6 in Iarscríbhinn III de Rialachán XX/XX.’

Airteagal 35
Meastóireacht agus athbhreithniú

1. Faoi 3 bliana tar éis dháta chur i bhfeidhm an Rialacháin seo agus gach 4 bliana ina dhiaidh sin, cuirfidh an Coimisiún tuarascáil ar mheastóireacht agus athbhreithniú an Rialacháin seo faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus faoi bhráid na Comhairle. Cuirfear na tuarascálacha ar fáil go poiblí.
2. Chun críche na meastóireachta agus an athbhreithnithe, soláthróidh an Bord Eorpach um Leathsheoltóirí, na Ballstáit agus na húdaráis inniúla náisiúnta faisnéis don Choimisiún ar a hiarraidh sin dó.
3. Agus an mheastóireacht agus an t-athbhreithniú á ndéanamh ag an gCoimisiún, cuirfidh sé san áireamh seasaimh agus torthaí Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle, agus comhlachtaí nó foinsí ábhartha eile.

Airteagal 36
Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

Thar ceann Pharlaimint na hEorpa
An tUachtarán

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán

RÁITEAS AIRGEADAIS REACTACH

1. LEAGAN AMACH AN TOGRA/TIONSCNAIMH
 - 1.1. Teideal an togra/tionscnaimh
 - 1.2. Réimsí beartais lena mbaineann
 - 1.3. Baineann an togra/tionscnaimh le:
 - 1.4. Cuspóirí
 - 1.4.1. Cuspóirí ginearálta
 - 1.4.2. Cuspóirí sonracha
 - 1.4.3. An toradh agus an tionchar a bhfuil súil leo
 - 1.4.4. Táscairí feidhmíochta
 - 1.5. Forais an togra/tionscnaimh
 - 1.5.1. Na ceanglais is gá a chomhlíonadh sa ghearrthéarma nó san fhadthéarma, lena n-áirítear amlíne mhionsonraithe maidir le cur chun feidhme céimneach an tionscnaimh
 - 1.5.2. Breisluach a bhaineann le rannpháirteachas an Aontais (d'fhéadfadh an breisluach a bheith ann mar thoradh ar fhachtóirí éagsúla, e.g. gnóthachain de thoradh comhordú, deimhneacht dhlíthiúil, breis éifeachtachta nó comhlántachtaí). Chun críocha an phointe seo, is é a chiallaíonn 'breisluach a bhaineann le rannpháirteachas an Aontais' an luach a thagann as idirghabháil an Aontais ar luach é atá sa bhreis ar an luach a bheadh ann dá mbeadh na Ballstáit ag feidhmiú leo féin.
 - 1.5.3. Ceachtanna a foghlaimíodh ó thaithí eile den sórt sin san am a chuaigh thart
 - 1.5.4. Comhoiriúnacht don Chreat Airgeadais Ilbhliantúil agus sineirgíochtaí a d'fhéadfadh a bheith ann le hionstraimí iomchuí eile
 - 1.5.5. Measúnú ar na roghanna éagsúla maoinithe atá ar fáil, lena n-áirítear na féidearthachtaí athshannadh a dhéanamh
 - 1.6. Fad agus tionchar airgeadais an togra/tionscnaimh
 - 1.7. Modhanna bainistíochta atá beartaithe
2. BEARTA BAINISTÍOCHTA
 - 2.1. Rialacha faireacháin agus tuairiscithe
 - 2.2. Córais bainistíochta agus rialaithe
 - 2.2.1. An bonn cirt atá leis na modhanna bainistíochta, le sásraí cur chun feidhme an chistithe, leis na módúlachtaí íocaíochta agus leis an straitéis rialaithe atá beartaithe
 - 2.2.2. Faisnéis faoi na rioscaí a aithníodh agus na córais rialaithe inmheánacha a cuireadh ar bun chun na rioscaí a mhaolú
 - 2.2.3. Meastachán ar chost-éifeachtúlacht na rialuithe agus an bonn cirt atá leis sin (cóimheas 'costais rialaithe ÷ luach na gcistí gaolmhara arna mbainistiú') agus measúnú ar an leibhéal riosca earráide a mheastar a bheidh ann (tráth an íocaíochta a dhéanamh agus tráth an clár a dhúnadh)
 - 2.3. Bearta chun calaois agus neamhrialtachtaí a chosc

3. AN TIONCHAR AIRGEADAIS A MHEASTAR A BHEIDH AG AN TOGRA/TIONSCNAMH

3.1. Ceannteidil an chreata airgeadais ilbhliantúil agus na línte buiséid ar a n-imreofar tionchar

3.2. An tionchar airgeadais a mheastar a bheidh ag an togra ar leithreasuithe

3.2.1. Achoimre ar an tionchar a mheastar a bheidh aige ar leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí

3.2.2. An t-aschur a mheastar a chisteofar le leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí

3.2.3. Achoimre ar an tionchar a mheastar a bheidh aige ar leithreasuithe de chineál riaracháin

3.2.4. Comhoiriúnacht don chreat airgeadais ilbhliantúil reatha

3.2.5. Ranníocaíochtaí ó thríú páirtithe

3.3. An tionchar a mheastar a bheidh ar ioncam

Leis an Ráiteas Airgeadais Reachtach cuirtear in iúl iarmhairtí buiséadacha an togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear creat do bhearta chun éiceachóras leathsheoltóirí na hEorpa a neartú (an Ionstraim Eorpach um Shliseanna) agus an togra le haghaidh Rialachán ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/2085 ón gComhairle lena mbunaítear na Comhghnóthais faoi Fhís Eorpach. Tagann sé sa bhreis ar an Ráiteas Airgeadais Reachtach a cuireadh isteach don Chomhghnóthas Eochairtheicneolaíochtaí Digiteacha (KDT JU), arb é atá ann cuid den togra le haghaidh Rialachán ón gComhairle lena mbunaítear an Comhghnóthas faoi Fhís Eorpach (COM(2021) 87, 23 Feabhra 2021).

Dhá iarmhairt atá sna hiarmhairtí buiséadacha a luaitear sa Ráiteas Airgeadais Reachtach seo:

Caiteachas don Tionscnamh Sliseanna don Eoraip (cé is moite den Chiste um Shliseanna) agus do ghníomhaíochtaí atá ar siúl faoi láthair faoin gComhghnóthas um Shliseanna. Is é EUR 4 175 billiún, ar gealladh EUR 1.8 billiún de cheana faoi KDT JU, ar a dtugtaí ‘an Comhghnóthas Eochairtheicneolaíochtaí Digiteacha’ an caiteachas iomlán atá le bainistiú ag an gComhghnóthas um Shliseanna.

Caiteachas d’fhoireann an Choimisiúin Eorpaigh chun déileáil leis na cúraimí nua a thugtar don Choimisiún chun maoirseacht a dhéanamh ar an gComhghnóthas um Shliseanna, iarratais an Chuibhreannais Eorpaigh um Bonneagar Sliseanna a athbhreithniú agus cinneadh a dhéanamh orthu, iarratais ar Shaoráid um Tháirgeadh Comhtháite nó Teilgcheárta Oscailte AE a athbhreithniú agus cinneadh a dhéanamh orthu, tacú leis an Bord Eorpach um Leathsheoltóirí, agus - mar aon leis na Ballstáit - faireachán a dhéanamh ar shlabhraí soláthair leathsheoltóirí agus cinneadh a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí, i gcás inarb iomchuí. Foráiltear maidir le 9 n-aonad de choibhéis lánaimseartha.

1. LEAGAN AMACH AN TOGRA/TIONSCNAIMH

1.1 Teideal an togra/tionscnaimh

Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear creat beart chun éiceachóras leathsheoltóirí na hEorpa a neartú (an Ionstraim Eorpach um Shliseanna)

1.2 Réimsí beartais lena mbaineann

Eoraip atá oiriúnach don Aois Dhigiteach
Infheistíochtaí Straitéiseacha Eorpacha
Gníomhaíocht: Todhchaí dhigiteach na hEorpa a mhúnlú.

1.1. Baineann an togra/tionscnamh le:

☒ beart nua

ˆ beart nua a leanann treoirthionscadal/réamhbheart⁶⁷

☒ síneadh ar bheart atá ann cheana

☐ beart nó bearta a chumasc nó a atreorú i dtreo beart eile/beart nua

1.2. Cuspóirí

1.2.1. Cuspóirí ginearálta

Is é is aidhm don Ionstraim Eorpach um Shliseanna creat comhleanúnach a bhunú chun éiceachóras leathsheoltóirí an Aontais a neartú. Cuirfidh sin le hathléimneacht éiceachórais leathsheoltóirí na hEorpa agus méadóidh sé a sciar margaidh dhomhanda. Éascóidh sé glacadh luath sliseanna nua ag an tionscal Eorpach agus cuirfidh sé lena iomaíocht.

1.2.2. Cuspóirí sonracha

An Tionscnamh Sliseanna don Eoraip a bhunú chun tacú le forbairt mhórsála acmhainneachta teicneolaíochta trí infheistíocht a dhéanamh i mbonneagair nuálacha trasteorann a bheidh inrochtana a chuirfear ar bun san Aontas chun go bhféadfar forbairt a dhéanamh ar theicneolaíochtaí leathsheoltóra ceannródaíocha den chéad ghlúin eile a threiseoidh ard-dearthóireacht, comhtháthú córas agus cumais táirgthe sliseanna an Aontais (colún 1 ‘Tionscnamh Sliseanna don Eoraip’).

Creat a chruthú chun slándáil an tsoláthair a áirithiú trí infheistíochtaí a mhealladh agus tríd an acmhainneacht táirgthe sa mhonarú leathsheoltóirí a fheabhsú chomh maith le hardphacáistiú, ardtástáil agus ardchóimeáil trí bhithin Saoráidí Táirgthe Comhtháite agus Teilgcheartaí Oscailte AE (colún 2 ‘Slándáil an tsoláthair’).

⁶⁷ Mar a thagraítear dó in Airteagal 58(2)(a) nó (b) den Rialachán Airgeadais.

Sásra um chomhordúchán a bhunú idir na Ballstáit agus an Coimisiún chun an comhar leis na Ballstáit agus eatarthu a neartú trí fhaireachán a dhéanamh ar sholáthar leathsheoltóirí, meastachán a dhéanamh ar an éileamh, teacht roimh ghanntanas agus cásanna spreagtha géarchéime agus gníomhú trí bhosca uirlisí tiomnaithe (colún 3 ‘Ullmhacht agus Faireachán’).

1.2.3. *An toradh agus an tionchar a bhfuil súil leo*

Sonraigh an tionchar a bheadh ag an togra/tionscnamh ar na tairbhithe/grúpaí ar a bhfuil sé dírithe.

Ba cheart go mbainfeadh tionscal leathsheoltóirí an Aontais leas an tacaíocht a thugtar d’fhorbairt acmhainneachta theicneolaíochtaí leathsheoltóra ceannródaíocha den chéad ghlúin eile lena neartófar acmhainneachtaí ard-dearthóireachta, comhtháthaithe córas agus táirgthe sliseanna. Bainfidh saoráidí leathsheoltóirí tairbhe as próisis deonaithe ceadanna níos éifeachtaí.

Ba cheart go mbainfeadh úsáideoirí leathsheoltóirí an Aontais i ngach earnáil leas as slándáil an tsoláthair mhéadaithe leathsheoltóirí gan briseadh. Ina theannta sin, ba cheart go rachadh slándáil an tsoláthair fheabhsaithe leathsheoltóirí chun leasa earnálacha criticiúla.

Ba cheart go rachadh slándáil an tsoláthair fheabhsaithe leathsheoltóirí chun leasa úsáideoirí deiridh táirgí ina bhfuil leathsheoltóirí.

Tiocfaidh feabhas ar iomaíochas éiceachóras leathsheoltóirí na hEorpa.

1.2.4. *Táscairí feidhmíochta*

Sonraigh na táscairí chun faireachán a dhéanamh ar dhul chun cinn agus ar ghnóthachain.

Maidir leis an Tionscnamh Sliseanna don Eoraip is mó atá na táscairí feidhmíochta. In Iarscríbhinn II tá chéad leaganacha tháscairí intomhaiste le haghaidh faireachán a dhéanamh ar an gcur chun feidhme agus le haghaidh tuairisciú ar dhul chun cinn an Tionscnaimh maidir lena chuspóirí a bhaint amach:

1. An líon eintiteas dlíthiúil atá páirteach (foroinnte de réir méide, cineáil, agus tír a mbunaithe) sna gníomhaíochtaí a fhaigheann tacaíocht ón Tionscnamh.
2. Líon na n-uirlisí deartha a fhorbraítear nó a chomhtháthaítear faoin Tionscnamh.
3. An méid iomlán a chomh-infheistítear in acmhainneachtaí deartha agus i línte píolótacha faoin Tionscnamh.
4. Líon na n-úsáideoirí nó na bpobal úsáideoirí a fhaigheann rochtain ar acmhainní deartha agus línte píolótacha faoin Tionscnamh.
5. Líon na ngnólachtaí a bhain úsáid as seirbhísí na lárionad inniúlachta náisiúnta a fhaigheann tacaíocht ón Tionscnamh.
6. Líon na ndaoine ar cuireadh oiliúint faoi leith orthu chun ardscileanna digiteacha agus ardoiliúint a fháil ar theicneolaíochtaí leathsheoltóirí agus candaim a fhaigheann tacaíocht ón Tionscnamh.
7. Líon na ngnólachtaí nuathionscanta, na ngnólachtaí i mbun fáis agus na FBManna a fuair caipiteal fiontair ón gCiste um Shliseanna agus méid iomlán na n-infheistíochtaí caipitil a dhéantar.

8. An méid infheistíochta a dhéanann cuideachtaí atá ag feidhmiú san Aontas, agus an deighleog den slabhra luacha ina n-oibríonn siad á cur san áireamh

1.3. Forais an togra/tionscnaimh

- 1.3.1. *Na ceanglais is gá a chomhlíonadh sa ghearrthéarma nó san fhadtéarma, lena n-áirítear amlíne mhionsonraithe maidir le cur chun feidhme céimneach an tionscnaimh*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm go luath tar éis a ghlactha, i.e. an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*. Mar sin féin, ba cheart na gnéithe tosaigh a bheith i bhfeidhm roimhe sin, le tacú an Mholta ón gCoimisiún, arna ghlacadh an tráth céanna leis an Rialachán atá beartaithe.

Ba cheart an Bord Eorpach um Leathsheoltóirí a chur ar bun agus ba cheart do na Ballstáit pointe teagmhála le haghaidh a chruinnithe a cheapadh. Faoi thráth a infheidhmeachta beidh an Bord Eorpach um Leathsheoltóirí go hiomlán oibríoch.

Ba cheart bailiú faisnéise ó eagraíochtaí ionadaíocha gnóthais leathsheoltóirí a bheith ar siúl cheana féin agus ba cheart líon beart féideartha sa bhosca uirlise géarchéime a bheith pléite cheana ag na Ballstáit agus faireachán a bheith déanta ar an slabhra luacha leathsheoltóirí.

- 1.3.2. *Breisluch a bhaineann le rannpháirteachas an Aontais (d'fhéadfadh an breisluch a bheith ann mar thoradh ar fhachtóirí éagsúla, e.g. gnóthachain de thoradh comhordú, deimhneacht dhlíthiúil, breis éifeachtachta nó comhlántachtaí). Chun críocha an phointe seo, is é a chiallaíonn 'breisluch a bhaineann le rannpháirteachas an Aontais' an luach a thagann as idirghabháil an Aontais ar luach é atá sa bhreis ar an luach a bheadh ann dá mbeadh na Ballstáit ag feidhmiú leo féin.*

Tá sliseanna leathsheoltóra an-tábhachtach don gheilleagar digiteach. Mar gheall ar an nganntanas leathsheoltóirí ar fud an domhain, léiríodh spleáchas na hEorpa ar sholáthar ó líon teoranta cuideachtaí agus limistéar geografach, agus a leochaileacht i leith srianta ar onnmhairiú ó thríú tíortha agus suaitheadh eile sa chomhthéacs geopholaitiúil atá ann faoi láthair. Ina theannta sin, táthar ag cur leis an spleáchas sin mar gheall ar na bacainní suntasacha ar theacht isteach agus ar dhéine caipitil na hearnála. Mar shampla, is gá na sliseanna is cumhachtaí ar bhonn ríomhaireachtúil a mhonarú go dtí beachtas cúpla nanaiméadar (nm). Is gá infheistíocht tosaigh EUR 15 billiún ar a laghad agus teastaíonn trí bliana chun ullmhacht táirgeachta, a bhfuil táirgeacht leordhóthanach ag baint léi, a bhaint amach. D'fhéadfadh an caiteachas a bhaineann leis na sliseanna sin a dhearadh a bheith idir EUR 0.5 billiún agus breis agus EUR 1.0 billiún. Maidir le déine an taighde agus na forbartha (T&F) san earnáil, tá sí ard agus is mó ná 15 % í. Ní fhéadfadh aon Bhallstát aonair an méid sin a bhaint amach as a thionscnamh féin.

Is le hidirghabháil ar leibhéal an Aontais is fearr is féidir aghaidh a thabhairt ar na dúshláin a eascraíonn as castacht an éiceachórais leathsheoltóirí, as spleáchais struchtúrtha an Aontais agus as cur isteach forleathan ar an slabhra soláthair.

Ba cheart an Tionscnamh Sliseanna don Eoraip a shocrú mar thionscnamh uile-Aontais chun tacú le hearnáil thionsclaíoch ar fud an Aontais. D'fhéadfaí a chur ar

fáil, le tionscnamh ar leibhéal an Aontais, an leibhéal aonfhoirmeachta riachtanaí is gá chun cláir chistithe a oibriú, cláir chistithe arb é is aidhm dóibh éiceachóras leathsheoltóirí na hEorpa a neartú.

Ó thaobh shlándaíil an tsoláthair de, leis an ngá na rialacha nua a chur i bhfeidhm go haonfhoirmeach, tugtar bonn cuí don ghníomhú ar leibhéal an Aontais, an sainmhíniú ar Shaoráidí um Tháirgeadh Comhtháite agus Teilgcheartaí Oscailte AE, chomh maith le nós imeachta aonfhoirmeach chun iad a aithint agus chun tacú leo.

Anuas air sin, is gné thábhachtach den togra seo foráil a dhéanamh maidir le bearta chun aghaidh a thabhairt ar bhriseadh tromchúiseach ar fheidhmeanna sochaíocha rithábhachtacha nó gníomhaíochtaí eacnamaíocha ar leibhéal an Aontais. Ba cheart go dtiocfadh gnóthachain thábhachtacha chomhordúcháin as sásra a bhunú le haghaidh an chomhordaithe idir na Ballstáit agus an Coimisiún, ó thaobh faireachán ar ghanntanais leathsheoltóirí agus freagairt géarchéime de.

1.3.3. Ceachtanna a foghlaimíodh ó thaithí eile den sórt sin san am a chuaigh thart

D'fhoilsigh an Coimisiún Teachtaireacht in 2013 maidir le '*A European Strategy for Micro- and Nanoelectronic Components and Systems*' ['Straitéis Eorpach le haghaidh Comhpháirteanna agus Córais Mhicrileictreonaigh agus Nanaileictreonaigh']⁶⁸. Moladh ann straitéis thionsclaíoch lena áirithiú go bhfillfí ar an bhfás agus go mbainfí amach, laistigh de thréimhse deich mbliana, leibhéal táirgeachta san Aontas ar gaire é dá sciar d'OTI domhanda. Ar bhonn níos mionsonraí, ba é ba aidhm léi:

- Infhaighteacht micileictreonaice agus nanaileictreonaice is gá le haghaidh iomaíochas na bpríomhthionscal san Eoraip a áirithiú.
- Infheistíocht níos airde a mhealladh san ard-déantúsaíocht san Eoraip agus an iomaíochas tionsclaíoch ar fud an tslabhra luacha ón dearadh go dtí an déantúsaíocht a atreisiú.
- Ceannaireacht a chothabháil maidir le trealamh agus soláthar ábhair agus i réimsí amhail "níos mó ná Moore" agus comhpháirteanna atá éifeachtúil ó thaobh fuinnimh de.
- Ceannaireacht i margaí ardfháis ar dhearadh sliseanna a fhorbairt, go háirithe i ndearadh comhpháirteanna casta.

Is léir nach raibh rath iomlán ar iarracht an Aontais cuspóirí na straitéise tionsclaíche seo a bhaint.

Ba é ba chúis leis sin, i measc nithe eile, gur díriodh den chuid is mó le gníomhaíochtaí an Aontais tar éis na Teachtaireachta ar thacú le T agus F, trí bhíthin Chomhghnóthas ECSEL mar shampla. Mar sin féin, níor tugadh aghaidh go sásúil ar fhorbairt acmhainneachta san earnáil micrileictreonaice.

Anuas air sin, luadh sa Teachtaireacht gníomhaíochtaí éileamhdhírthe nach mór aghaidh a thabhairt orthu. Mar sin féin, níor tugadh aghaidh, leis na gníomhaíochtaí a rinneadh, ar ghníomhaíochtaí éileamhdhírthe den chineál sin. Tá gá le tuilleadh

⁶⁸ [https://ec.europa.eu/transparency/documents-register/api/files/COM\(2013\)298_0/de00000000485396?rendition=false](https://ec.europa.eu/transparency/documents-register/api/files/COM(2013)298_0/de00000000485396?rendition=false)

béime ar ghníomhaíochtaí éileamhdhírithe, e.g. lena dtugtar aghaidh ar ghníomhaíochtaí deartha.

Ar deireadh, maidir leis an gcéad phointe, is beag an líon ionstraimí a bhí ar fáil do Theachtaireacht 2013. Faoi láthair, tá tuilleadh ionstraimí ar fáil, tá deis curtha ar fáil leis an mbeart iomaíochta, agus is léire anois an móiminteam pholaitiúil atá ann.

1.3.4. Comhoiriúnacht don Chreat Airgeadais Ibhliantúil agus sineirgíochtaí a d'fhéadfadh a bheith ann le hionstraimí iomchuí eile

Chun na tionchair dheimhneacha a thagann as an Tionscnamh Sliseanna don Eoraip (colún 1) a uasmhéadú, cuirfear leis an mbonn láidir eolais agus feabhsófar sineirgí a dtugann an tAontas agus na Ballstáit tacaíocht dóibh trí chlár agus gníomhaíochtaí taighde agus nuálaíochta i leathsheoltóirí agus i bhforbairtí ar chuid den slabhra soláthair. Áirítear sa mhéid sin go háirithe, Clár Réime Fís Eorpach agus an Clár don Eoraip Dhigiteach, a bhfuil sé d'aidhm leo an Eoraip a threisiú mar ghníomhaí domhanda sa teicneolaíocht leathsheoltóra agus ina gclár feidhme, agus sciar domhanda méadaitheach den déantúsaíocht a bheith acu faoi 2030. Agus na gníomhaíochtaí sin á gcomhlánú aige, d'oibreodh an Tionscnamh Sliseanna don Eoraip i ndlúthchomhar leis an gComhghuaillíocht um Phróiseálaithe agus Teicneolaíochtaí Leathsheoltóra.

Déantar foráil sa Rialachán maidir le creat nós imeachta chun cistiú comhcheangailte ó na Ballstáit, ó bhuiséad an Aontais agus ón infheistíocht phríobháideach a éascú.

Féadtar an tionscnamh beartaithe a chur i gcomhthéacs roinnt beartas agus tosaíochtaí Eorpacha a fógraíodh le déanaí:

- An Straitéis Thionsclaíoch;
- Plean Téarnaimh don Eoraip;
- An Comhaontú Glas;
- An Intleacht Shaorga;
- Is é is aidhm do Thaighde agus Nuálaíocht faoi chlár beartaithe Fís Eorpach, Colún II, Braisle 'Cúrsaí Digiteacha, Tionscal agus Spás' rannchuidithe nithiúla a dhéanamh le trí bheartais uileghabhálacha de chuid an Aontais: 'Eoraip atá oiriúnach don Aois Dhigiteach', 'Geilleagar a fhóireann do dhaoine' agus 'An Comhaontú Glas don Eoraip'.
- An tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta

A mhéid a bhaineann le sineirgí a d'fhéadfadh a bheith ann le hionstraimí iomchuí eile, na húdaráis náisiúnta a bhfuil feidhmeanna comhchosúla á gcomhlíonadh acu faoi dhlí eile de chuid an Aontais Eorpaigh, féadfaidh siad ról údarais inniúil ar an leibhéal náisiúnta a ghlacadh. Féach freisin Caibidil 1 den Mheabhrán Míniúcháin.

1.3.5. Measúnú ar na roghanna éagsúla maoinithe atá ar fáil, lena n-áirítear na féidearthachtaí athshannadh a dhéanamh

1.4. Fad agus tionchar airgeadais an togra/tionscnaimh

☒ tréimhse theoranta

☒ i bhfeidhm ó dháta glactha togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear creat beart chun éiceachóras leathsheoltóra na hEorpa a neartú (an Ionstraim Eorpach um Shliseanna)

☒ Tionchar airgeadais ó 2023 go 2027 maidir le leithreasuithe faoi chomhair gealltanais agus ó 2023 go 2031 maidir le leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí.

☐ tréimhse neamhtheoranta

1 Cuirfear chun feidhme é le linn na tréimhse tosaigh BBBB go BBBB,

2 agus cuirfear ag feidhmiú go hiomlán ina dhiaidh sin é.

1.5. Modhanna bainistíochta atá beartaithe

☒ Bainistíocht dhíreach a dhéanann an Coimisiún

☒ ina ranna, lena n-áirítear an chuid sin den fhoireann atá i dtoscaireachtaí an Aontais;

☐ trí na gníomhaireachtaí feidhmiúcháin

☐ Bainistíocht atá comhroinnte leis na Ballstáit

☒ Bainistíocht indíreach trí chúraimí a bhaineann le cur chun feidhme an bhuiséid a shannadh dóibh seo a leanas:

☐ tríú tíortha nó na comhlachtaí a d'ainmnigh siad;

☐ eagraíochtaí idirnáisiúnta agus a ngníomhaireachtaí (tabhair sonraí);

☐ BEI agus an Ciste Eorpach Infheistíochta;

☒ comhlachtaí dá dtagraítear in Airteagail 70 agus 71 den Rialachán Airgeadais;;

☐ comhlachtaí dlí poiblí;

☐ comhlachtaí arna rialú ag an dlí príobháideach agus a bhfuil misean seirbhíse poiblí acu sa mhéid go gcuireann siad ráthaíochtaí leordhóthanacha airgeadais ar fáil;

☐ comhlachtaí arna rialú ag dlí príobháideach Ballstáit, ar comhlachtaí iad a bhfuil sé de chúram orthu comhpháirtíochtaí príobháideacha poiblí a chur chun feidhme agus a sholáthraíonn ráthaíochtaí leordhóthanacha airgeadais;

☐ daoine a gcuirtear de chúram orthu bearta sonracha a chur chun feidhme in CBES de bhun Theideal V de CAE, ar daoine iad a aithnítear sa bhunghníomh ábhartha.

I gcás ina sonraítear níos mó ná modh bainistíochta amháin, tabhair sonraí sa roinn "Nótaí" le do thoil.

Nótaí

Cé is moite a) de ghníomhaíochtaí agus buiséid a bhaineann leis an gCiste um Shliseanna agus b) de ghníomhaíochtaí agus buiséid a chuirtear i leataobh faoin gComhairle Nuálaíochta Eorpach, cuirfear an Tionscnaimh Sliseanna don Eoraip chun feidhme faoi bhainistíocht indíreach trí chúraimí cur chun feidhme a chur ar an gComhghnóthas Eochairtheicneolaíochtaí Digiteacha, dá n-athghairmfear 'an Comhghnóthas um Shliseanna'

amach anseo. Tá gníomhaíochtaí neamhdhíreacha á gcómhaoiniú ag na Ballstáit agus ag Stáit Rannpháirteacha eile.

Tá codanna eile, amhail gníomhaíochtaí faoi cholúin 2 agus 3, faoi bhainistiú díreach. Na cúraimí nua a thugtar don Choimisiún chun maoirseacht a dhéanamh ar an gComhghnóthas um Shliseanna, iarratais an Chuibhreannais Eorpaigh um Bonneagar Sliseanna a athbhreithniú agus cinneadh a dhéanamh orthu, iarratais ar Shaoráid um Tháirgeadh Comhtháite nó Teilgchearta Oscailte AE a athbhreithniú agus cinneadh a dhéanamh orthu, tacú leis an mBord Eorpach um Leathsheoltóirí, agus - mar aon leis na Ballstáit - faireachán a dhéanamh ar shlabhraí soláthair leathsheoltóirí agus cinneadh a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí, i gcás inarb iomchuí.

2. BEARTA BAINISTÍOCHTA

2.1. Rialacha faireacháin agus tuairiscithe

Sonraigh minicíocht na mbeart agus na coinníollacha atá leo.

Ina cháil mar chomhlacht Aontais, feidhmíonn an Comhghnóthas um Shliseanna faoi rialacha diana faireacháin. Déantar faireachán trí na modhanna seo a leanas:

- a acmhainn iniúchóireachta inmheánaí féin agus seirbhís iniúchóireachta an Choimisiúin;
- maoirseacht an Bhoird Rialála. Déanfaidh an Stiúrthóir Feidhmiúcháin maoirsiú ar oibríochtaí an Chomhghnóthais go himmheánach;
- sraith de tháscairí cáilíochtúla agus cainníochtúla feidhmíochta a bhunófar chun faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme an chlár agus chun a thionchar a thomhas;
- meastóireachtaí meántéarmacha agus deiridh ar an gclár a dhéanfaidh saineolaithe seachtracha, faoi maoirseacht an Choimisiúin;
- Clár Oibre an Chomhghnóthais agus a Thuarascáil Bhliantúil ar Ghníomhaíochtaí.

2.2. Córas bainistíochta agus rialaithe

2.2.1 *An bonn cirt atá leis na modhanna bainistíochta, le sásraí cur chun feidhme an chistithe, leis na módúlachtaí íocaíochta agus leis an straitéis rialaithe atá beartaithe*

Leis an Rialachán seo tugtar isteach creat beartais maidir le hinfheistíocht a mhealladh san ard-déantúsaíocht leathsheoltóra san Aontas agus feabhas a chur uirthi agus tugtar isteach rialacha comhchuibhithe le haghaidh cur chuige comhordaithe i leith faireacháin agus ullmhachta do ghanntanais leathsheoltóirí.

Ceanglaítear leis na rialacha nua sin sásra comhsheasmhachta chun na hoibleagáidí faoin Rialachán a chur i bhfeidhm go trasteorann agus chun gníomhaíochtaí na n-údarás náisiúnta agus an Choimisiúin a chomhordú trí bhithin grúpa comhairleach nua, an Bord Eorpach um Leathsheoltóirí.

Na cúraimí sin faoi bhainistíocht dhíreach. Chun aghaidh a thabhairt ar na cúraimí nua sin faoi cholún 2 agus colún 3 agus cúraimí a bhaineann leis an gCiste um Shliseanna is gá na hacmhainní iomchuí a chur ar fáil do sheirbhísí an Choimisiúin.

Maidir le codanna eile, tá bonn cuí leis an mbainistíocht indíreach toisc gur comhpháirtíocht phoiblí phríobháideach é an Comhghnóthas um Shliseanna dá dtugtar cuid dá cómhaoiniú isteach trí bhithin ranníocaíochtaí ó na Stáit Rannpháirteacha agus trí bhithin ranníocaíochtaí comhchineáil ó bhaill phríobháideacha.

Gach bliain, déanfar an cinneadh maidir le ranníocaíocht leis an gComhghnóthas um Shliseanna de bhua bhuiséad an Aontais arna ghlacadh don bhliain sin.

Léireofar i gComhaontú Comhpháirtíochta Creata Airgeadais arna shíniú idir an Coimisiún Eorpach agus an Comhghnóthas um Shliseanna go n-íocfaidh an Coimisiún ranníocaíocht ar thabhairt i gcrích comhaontaithe maidir le ranníocaíocht

leis an gComhghnóthas um Shliseanna i ndáil leis na cúraimí atá le cur i gcrích gach bliain, agus léireofar ann freisin go n- eiseoidh an Comhghnóthas iarratais chomhfhreagracha íocaíochta do na comhaltaí seachas an tAontas.

Áiríteoidh an Coimisiún go gcomhlíonfaidh na rialacha infheidhme maidir leis an gComhghnóthas um Shliseanna ceanglais an Rialacháin Airgeadais ina n- iomláine. I gcomhréir le hAirteagal 71 de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046, beidh urraim ag an gComhghnóthas do phrionsabal na bainistíochta fóna airgeadais. Comhlíonfaidh an Comhghnóthas um Shliseanna forálacha infheidhme an tSamhailrialacháin Airgeadais maidir leis an gComhghnóthas freisin. Beidh aon imeacht ón Samhailrialachán Airgeadais sin, arna éileamh chun críche riachtanais shonracha an Chomhghnóthais, faoi réir toiliú a fháil roimh ré ón gCoimisiún.

Áireofar le socruithe faireacháin, lena n- áirítear trí ionadaíocht an Aontais ar Bhord Rialála agus ar Bhord Údarás Poiblí an Chomhghnóthais um Shliseanna, chomh maith le socruithe tuairiscithe, gur féidir le seirbhísí an Choimisiúin ceanglais chuntasachta an Cholaíste agus an Údaráis Bhuiséadaigh araon a chomhlíonadh.

Tá creat rialaithe inmheánach an Chomhghnóthais um Shliseanna bunaithe ar méid seo a leanas:

na Caighdeáin Rialaithe Inmheánaigh, a thairgeann ráthaíochtaí a bheidh coibhéiseach, ar a laghad, le ráthaíochtaí an Choimisiúin, a chur chun feidhme;

nósanna imeachta chun na tionscadail is fearr a roghnú trí bhíthin meastóireacht neamhspleách, agus chun iad a aistriú ina n- ionstraimí dlí;

na tionscadail agus na conarthaí a bhainistiú ar feadh thréimhse iomlán gach tionscadail;

seiceálacha *ex- ante* a dhéanamh ar 100 % d'éilimh, lena n- áirítear deimhnithe iniúchóireachta a fháil agus deimhniú *ex ante* ar mhodheolaíochtaí costais;

iniúchtaí *ex post* a dhéanamh ar shampla d'éilimh mar chuid d'iniúchtaí *ex post* Fis Eorpach;

meastóireacht eolaíochta a dhéanamh ar thorthaí na dtionscadal.

2.2.1. *Faisnéis faoi na rioscaí a aithníodh agus na córais rialaithe inmheánacha a cuireadh ar bun chun na rioscaí a mhaolú*

Tá bearta éagsúla curtha ar bun chun riosca bunúsach na coinbhleachta leasa laistigh den Chomhghnóthas um Shliseanna a mhaolú, go háirithe:

